# Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

# PLEAN SEIRBHÍSE 2023

# Clár Ábhar

**1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman** ................3
**2. Brollach ón bPríomhfheidhmeannach** ................4
**3. Próifíl/Cúlra an Bhoird Oideachais agus Oiliúna** ................6
3.1 Léarscáil Gheografach den Bhord Oideachais agus Oiliúna ................7
3.2 Láthair Sheirbhísí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ................7
3.3. An tEolas is Deireanaí ar an Staid Réigiúnach ................9
**4. Ráiteas Straitéise** ................11
4.1 Fís, Misean, Spriocanna Straitéiseacha ................11
4.2 Spriocanna Straitéiseacha an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ................11
4.3 Socruithe Cur Chun Feidhme agus Faireacháin ................14
**5. Forbhreathnú ar Sheirbhísí sa bhliain 2023:** ................17
5.1 Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna agus Pobalscoileanna Náisiúnta ................17
5.2 Breisoideachas agus Oiliúint (lena n-áirítear Iar-Ardteistiméireacht) ................19
5.3 Gnóthaí Obair Óige ................21
5.4 Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta ................22
**6. Ráiteas faoi Sheirbhísí sa bhliain 2023** ................24
7. **Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta sa bhliain 2023** ................90

# 1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman




Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (an Bord Oideachais agus Oiliúna), tá lúcháir orm Plean Seirbhíse an Bhoird Oideachais agus Oiliúna don bhliain 2023 a chur i láthair. Is bliain chorraitheach don Bhord Oideachais agus Oiliúna í seo toisc, i gcomhar leis an bPlean Seirbhíse i mbliana, go seolfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna an Ráiteas Straitéise nua uaidh don tréimhse 2023-2027 go luath. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise na tosaíochtaí straitéiseacha don Bhord Oideachais agus Oiliúna thar an gcéad chúig bliana eile, agus é ina phlean uaillmhianach chun oideachas agus oiliúint atá ar ardchaighdeán agus cuimsitheach a sholáthar do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí inár bpobal.

Leagtar amach sa Phlean Seirbhíse seo na huaillmhianta atá againn do dhul chun cinn agus d'athruithe sa bhliain 2023, de réir mar a fhéachaimid le timpeallachtaí barrmhaithe foghlama a chruthú dár gcuid ball foirne, mac léinn agus foghlaimeoirí. Is iad seo ár dtéamaí uileghabhálacha: Cáilíocht; Scoileanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí; Cumarsáid agus Margaíocht; Sláinte agus Folláine; Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht; agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/Foghlaim Dhigiteach.

Cé go leagtar amach sa Phlean Seirbhíse ár bplean don bhliain atá romhainn, beimid freagrúil go fóill do riachtanais ár bpobail agus ár sochaí. Chruthaíomar an cumas atá againn freagairt do dhúshláin agus do ghéarchéimeanna agus leanaimid le hobair le chéile chun freastal ar éilimh shaol an lae inniu.

Gabhaim buíochas ó chroí leis na comhaltaí eile de Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, lenár mbaill foirne go léir agus leis an iliomad geallsealbhóirí a thacaíonn linn an fhís atá againn a chomhlíonadh, is é sin an fhoghlaim a threorú trí sheirbhísí oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach agus nuálach a sholáthar inár bpobal.

'Ní neart go cur le chéile'.



## 2. Brollach ón bPríomhfheidhmeannach

## 1. Brollach ón bPríomhfheidhmeannach




Fáilte go Plean Seirbhíse an Bhoird Oideachais agus Oiliúna don bhliain 2023. Cé go bhfuil ceanglas reachtach ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna Plean Seirbhíse a ullmhú faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, is riachtanas oibríochtúil é an Plean freisin, ina leagtar amach ár bplean bliantúil le haghaidh an Ráiteas Straitéiseach a chur chun feidhme. Tá an Plean Seirbhíse 2023 á fhoilsiú idir deireadh an Ráitis Straitéisigh 2018-2022 agus tús an Ráitis Straitéisigh nua cúig bliana uainn (2023-2027), rud a leagfar faoi bhráid ár mBoird lena cheadú aige i mí an Mhárta 2023.

Tá súil againn go léir go mbeidh an bhliain 2023 ar an gcéad bhliain iomlán ón mbliain 2019 a bheidh saor ón mórchur isteach a chruthaigh paindéim Covid-19 sa tsochaí agus dár gcuid oibre laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. Tá an méid sin léirithe sa Phlean Seirbhíse, ina leagtar amach spriocanna an-uaillmhianach ó thaobh gníomhaíochta, athruithe agus feabhsuithe de ar fud ár seirbhísí uile, lena n-áirítear scoileanna, breisoideachas agus oiliúint, seirbhísí óige agus giniúint ceoil, le tacaíocht ónár seirbhísí riaracháin.

Cé go bhfuil an-tábhacht ag baint le cláir oibre agus go bhfuil sé riachtanach féachaint i gcónaí leis na deiseanna teagaisc agus foghlama is fearr is féidir a sholáthar dár mic léinn, ní mór dúinn leanúint lena chinntiú gur ar thús cadhnaíochta na slí a seolaimid ár gcuid gnó a bheidh cultúr an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, mar a comhaontaíodh dár Ráiteas Straitéiseach agus mar atá leagtha amach inár ***Luachanna – MEAS, CUNTASACHT, DÍRIÚ AR AN bhFOGHLAIMEOIR, agus CÁILÍOCHT***. Creidim go bhfeicfidh tú an méid sin de réir mar a léann tú tríd an gclár oibre don bhliain 2023, atá bunaithe ar an gcur chuige téamach a ghlacamar tar éis comhairliúchán an-fhorleathan. Áirítear iad seo a leanas leis na téamaí sin: ***(1) CÁILÍOCHT; (2) SCOILEANNA AGUS COLÁISTÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA NA TODHCHAÍ; (3) CUMARSÁID AGUS MARGAÍOCHT; (4) SLÁINTE AGUS FOLLÁINE; (5) GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE AGUS INBHUANAITHEACHT; agus (6) FOGHLAIM LE CUIDIÚ TEICNEOLAÍOCHTA/FOGHLAIM DHIGITEACH***.

Feicfimid mórfhorbairt dhearfach ar fud na réimsí téamacha uile thuas le linn na bliana 2023 de réir mar a fhéachaimid le freastal ar an mbealach is fearr orthu sin atá i gcroílár ár gcuid oibre ar fad...ár mic léinn agus ár bhfoghlaimeoirí aosacha. Leanfaimid le comhoibriú le comhpháirtithe ar fud réigiún an oirdheiscirt agus ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun a chinntiú go mbeidh rochtain againn ar an bhfaisnéis, na hacmhainní agus na deiseanna is fearr atá ar fáil dúinn.

Tá súil agam go dtapóidh tú an deis chun an Plean Seirbhíse a léamh. Creidim go rabhamar uaillmhianach agus réadúil araon agus Plean Seirbhíse an Bhoird Oideachais agus Oiliúna don bhliain 2023 á phleanáil againn. Creidim freisin go sealbhaímidne, laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna, an cumas, an ghairmiúlacht agus an dúil a theastaíonn chun cur chun feidhme an Phlean Seirbhíse a chinntiú, agus is eol dom go n-éireoidh linn na gealltanais atá sa Phlean a chomhlíonadh le linn na bliana 2023.



**Kevin Lewis**

**Chief Executive**

# 3. Próifíl/Cúlra an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (an Bord Oideachais agus Oiliúna) an 1 Iúil 2013. Rinne sé Ionaid Oiliúna SOLAS i bPort Láirge agus i Loch Garman a ghlacadh go hoifigiúil isteach ina chuid seirbhísí an 1 Iúil 2014. Tá raon cuimsitheach seirbhísí oideachais agus oiliúna á soláthar ag an mBord Oideachais agus Oiliúna ar fud Phort Láirge agus Loch Garman ó shin i leith agus tá sé ar an soláthraí oideachais agus oiliúna is mó ar fud an dá chontae, ag gníomhú dó trí Bhunscoileanna, trí Choláistí Dara Leibhéal, trí Choláistí Breisoideachais, trí Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna, trí Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh agus trí Sheirbhísí Óige a sholáthraíonn cláir oideachais agus oiliúna. Agus breis agus 1,850 ball foirne aige, is mórfhostóir san Oirdheisceart é an Bord Oideachais agus Oiliúna freisin agus tá bród air as a bheith ina fhostóir tarraingteach d'fhostaithe ionchasacha.


Tá an Bord Oideachais agus Oiliúna ar tí an Ráiteas Straitéise nua uaidh don tréimhse 2023-2027 a sheoladh. Is iad seo na croíluachanna comhaontaithe a threoraíonn sinn le linn dúinn ár gcuid seirbhísí a sholáthar:

| Croíluachanna | | |
|---|---|---|
| | An chiall atá leis an luach | An dóigh a gcuirtear an luach i bhfeidhm |
| **Meas** | Caithimid le gach duine eile sa dóigh a mbeimis ag súil leis go gcaithfí linn féin, déanaimid talamh slán de go mbíonn intinn dhearfach ag daoine, agus caithimid le gach duine ar bhealach cothrom agus le cúirtéis. | Urramaímid éagsúlacht, léirímid comhbhá agus cothroime, aithnímid iarrachtaí, agus caithimid go cothrom le gach duine. |
| **Cuntasacht** | Glacaimid cuntasacht iomlán le linn dúinn freagrachtaí tarmligthe ár róil a chomhlíonadh agus ceanglaímid orainn féin agus ar na daoine a n-oibrímid leo cloí leis na caighdeáin ghairmiúla is airde. | Bímid gairmiúil agus féachaimid le dea-thorthaí a bhaint amach ar bhealach oscailte, macánta agus trédhearcach. |
| **Díriú ar an bhFoghlaimeoir** | Cuirimid an foghlaimeoir i gcroílár gach a ndéanaimid. | Bímid cuimsitheach, tacúil, measúil, sofhreagrach, nuálach agus comhbhách. |
| **Cáilíocht** | Féachaimid le cáilíocht na seirbhísí a sholáthraímid a fheabhsú go leanúnach. Déanaimid athbhreithniú agus faireachán ar sholáthar ár seirbhísí in aghaidh na gcaighdeán is airde dúinn féin agus do dhaoine eile agus iad ag iarraidh cumas an fhoghlaimeora a uasmhéadú. | Féachaimid lena bheith inár gceannairí, leagaimid ionchais níos airde orainn féin, bímid tiomanta agus gairmiúil, agus dírímid ar thorthaí. |

| | | |
|---|---|---|
| **Inbhuanaitheacht** | Féachaimid le hathrú iompraíochta a spreagadh agus leis an inbhuanaitheacht a leabú sa dóigh a dteagascaimid agus sa dóigh a n-oibrímid. | Oibríonn baill foirne agus foghlaimeoirí le chéile chun an inbhuanaitheacht a leabú i ngach a ndéanaimid – i dtreo todhchaí níos fearr do chách. |

Thionóil Bord reatha an Bhoird Oideachais agus Oiliúna an chéad chruinniú dá chuid i mí Mheán Fómhair 2019, agus 21 chomhalta thofa aige. Áiríodh leo sin ionadaithe ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus ó Chomhairle Contae Loch Garman, ionadaithe do bhaill foirne, ionadaithe do thuismitheoirí, agus ionadaithe ó chomhlachtaí ar shonraigh an Roinn Oideachais iad. Tar éis an Bord sin a thoghadh, agus tar éis coistí nua a bhunú ina dhiaidh sin faoi ailt 44 agus 45 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, cuireadh oiliúint rialachais ar an mBord, ar an 'gCoiste Airgeadais' agus ar an 'gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca'. Tá sé beartaithe tuilleadh oiliúna a sholáthar thar an mbliain atá romhainn.

## 3.1 Léarscáil Gheografach den Bhord Oideachais agus Oiliúna




## 3.2 Láthair Sheirbhísí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

| Láithreacha an Bhoird Oideachais agus Oiliúna sa bhliain 2023 |
|---|
| **Pobalscoil Náisiúnta** |
| Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach, Loch Garman |
| **Iar-Bhunoideachas agus Oideachas Iar-Ardteistiméireachta** |
| Coláiste Bhaile an Droichid, Co. Loch Garman |
| Gairmcholáiste Bhun Clóidí, Co. Loch Garman |
| Coláiste Abbáin, Maigh Arnaí, Co. Loch Garman |
| Coláiste an Átha, Cill Mhucraise, Co. Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh) |
| Coláiste Creagh, Guaire, Co. Loch Garman |
| Coláiste Dhún Garbhán (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh) |

| |
|---|
| Coláiste Pobail Inis Córthaidh, Co. Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh) |
| Coláiste Uí Chinnéide, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman |
| Meánscoil San Nioclás |
| Coláiste Sheilsceire, Baile Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh) |
| Coláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge |
| Coláiste Pobail Naomh Pól, Port Láirge |
| Coláiste Breisoideachais Phort Láirge *Oideachas Iar-Ardteistiméireachta Amháin |
| **Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna*** |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí, Loch Garman |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Cheapach Choinn, Port Láirge |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Dhún Garbhán, Port Láirge |
| Durands Court, Port Láirge |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Inis Córthaidh, Loch Garman |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghuaire, Loch Garman |
| An tSaotharlann Déantúsaíochta, Inis Córthaidh, Loch Garman |
| An tSaotharlann Déantúsaíochta, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Choill Mhic Thomáisín, Port Láirge |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin, Loch Garman |
| An Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh, Inis Córthaidh, Loch Garman |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Shráid Ozanam, Port Láirge |
| Ionad Oideachais Aosach Chearnóg an Iarnróid, Port Láirge |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Naomh Mícheál, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thrá Mhór, Port Láirge |
| Loch Garman (Breisoideachas agus Oiliúint, Oideachas Aosach, Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman) |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Mhuilinn Bháin, Loch Garman |
| **Ionaid Oiliúna** |
| Ionad Oiliúna Chill Chuacháin |
| Ionad Oiliúna Phort Láirge (campas Oiliúna Techniform san áireamh) |
| Ionad Oiliúna Loch Garman |
| **Oideachas agus Oiliúint Allamuigh** |
| Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin, Loch Garman |
| **Ionaid Ógtheagmhála** |
| Ionad Ógtheagmhála Dhún Garbhán, Port Láirge |
| Ionad Ógtheagmhála Inis Córthaidh, Loch Garman |
| Ionad Ógtheagmhála Ghuaire, Loch Garman |
| Ionad Ógtheagmhála Ros Mhic Thriúin, Loch Garman |
| Ionad Ógtheagmhála Subla, Cathair Phort Láirge |
| Ionad Ógtheagmhála Phort Láirge |
| Ionad Ógtheagmhála Loch Garman |
| **Oifigí Riaracháin** |
| Ard Chaomháin, Loch Garman |
| Dún Garbhán, Port Láirge |
| Ionad Oiliúna Phort Láirge |
| **Pobalscoileanna (a bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna mar chomhphátrún orthu)** |
| Pobalscoil na hAbhann Duibhe, Lios Mór, Port Láirge |
| Pobalscoil Ghuaire, Loch Garman |
| Pobalscoil na Gráinsí, Loch Garman |

* Is féidir go n-áireofar le hIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna cláir de chuid na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir Litearthachta Aosach, cláir Oideachais Pobail agus cláir do Dhídeanaithe/Iarrthóirí tearmainn.

## 3.3. An tEolas is Deireanaí ar an Staid Réigiúnach

Sháraigh baill foirne, mic léinn agus foghlaimeoirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna roinnt dúshlán thar na trí bliana seo a chuaigh thart. Go háirithe, mar thoradh ar phaindéim Covid-19, rinneadh athrú buan ar an tírdhreach oideachais in Éirinn agus cruthaíodh a lán dúshlán don earnáil. Ba é an toradh a bhí uirthi gur ghá athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar an dóigh ar soláthraíodh an t-oideachas agus an oiliúint, ar na modhanna measúnaithe a úsáideadh agus ar struchtúr sóisialta na ranganna. D'fhreagair an Bord Oideachais agus Oiliúna ar bhealach tapa solúbtha do na dúshláin sin. Trí ghlacadh le teicneolaíochtaí nua agus le modhanna nua oibre, leanamar le cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar go héifeachtach agus le cineálacha nua teagmhála fiúntaí a chruthú le baill foirne, le mic léinn agus le foghlaimeoirí. Is tábhachtaí anois ná riamh luas an athraithe, agus is gá infheistíocht shuntasach a dhéanamh in acmhainní agus sa teicneolaíocht chun na dúshláin nua atá roimh an earnáil a shárú.

Agus sinn ag ullmhú don Ráiteas Straitéise nua uainn don tréimhse 2023-2027 a sheoladh, tá an Bord Oideachais agus Oiliúna soirbhíoch faoina bhfuil i ndán dúinn. D'éirigh linn cistiú a áirithiú do roinnt mórthionscadal bonneagair i bPort Láirge agus i Loch Garman, lena n-áirítear scoileanna nua. Osclóimid Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí i mBaile Loch Garman le linn na bliana 2023, agus é ar an gcéad cheann dá leithéid dár gcuid. Tiocfaidh feabhas suntasach ar chaighdeán na saoráidí a sholáthraítear dár gcuid mac léinn agus foghlaimeoirí. Chomh maith leis sin, tá lúcháir ar an mBord Oideachais agus Oiliúna obair i gcomhpháirt le hOllscoil Teicneolaíochta nua an Oirdheiscirt ar chuid mhór tionscadal chun tacú leis an mbeartas rialtais a bhaineann le hoideachas treasach aontaithe. Oibríonn an Bord Oideachais agus Oiliúna i gcomhpháirt lena lán tionscal sa réigiún freisin, agus bíonn na comhpháirtíochtaí sin ag dul ó neart go neart.

**Tá na mórthionscadail oideachais agus bhreisoideachais agus oiliúna seo a leanas mar thosaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna go fóill:**

- Campas nua oideachais a sholáthar ag Cluain Ioraird, Baile Loch Garman. Soláthrófar scoil athsholáthair 1,000 dalta do Choláiste Sheilsceire agus soláthrófar bunscoil Oideachas Le Chéile ina mbeidh 16 sheomra ranga, agus sainsaoráidí Riachtanas Speisialta Oideachais ag an dá scoil.
- Mórshíntí a chur le Gairmcholáiste Bhun Clóidí agus le Coláiste Bhaile an Droichid.
- Tionscadail chóiríochta mhórscála nua do Choláiste Abbáin i Maigh Arnaí, do Choláiste an Átha i gCill Mhucraise, do Choláiste Pobail Naomh Déaglán i gCoill Mhic Thomáisín, do Choláiste Pobail Naomh Pól i gCathair Phort Láirge, do Mheánscoil San Nioclás ar an Rinn agus do Choláiste Dhún Garbhán.
- Trí bhonneagar iompair inbhuanaithe agus saoráidí pobail a sholáthar timpeall ar na tionscadail scoile, cuirfidh an Bord Oideachais agus Oiliúna agus Comhairle Contae Loch Garman, ag obair dóibh le chéile, feabhas mór ar cháilíocht na beatha sna pobail chóngaracha.
- Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí a bhunú i mBaile Loch Garman, áit a bhfreastalófar ar thuilleadh foghlaimeoirí agus ar thuilleadh printíseachtaí, cúrsaí oiliúna, cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, cúrsaí de chuid na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), cúrsaí de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) agus cúrsaí Oideachais Pobail agus ar a lán cúrsaí eile a bhfuil mar aidhm leo cabhrú le daoine atá san fhostaíocht a uasoiliúint.
- Síneadh mór a chur le hIonad Oiliúna Phort Láirge, áit a bhfreastalófar ar thuilleadh foghlaimeoirí agus ar thuilleadh printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus cúrsaí iarfheistithe agus ar a lán cúrsaí eile a bhfuil mar aidhm leo tacú leis an uasoiliúint.
- Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí a bhunú i gCathair Phort Láirge. Beidh sé lonnaithe ag an láithreán reatha de chuid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt ar Bhóthar an Choláiste, ar láithreán é óna n-imeoidh an Ollscoil.

- Ionad úrscothach Breisoideachais agus Oiliúna a bhunú in Inis Córthaidh, áit a soláthrófar Foirgnimh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh agus cláir eile scileanna glasa – e.g., scileanna Teaschaidéil agus Aerála – i gcomhar le Comhairle Contae Loch Garman agus leis an gComhghuaillíocht um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta.
- Is é a bheidh i gceist le tionscadail bheaga eile a sheolfar ná síneadh a chur le Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach, Ionad Ógtheagmhála a bhunú i nGuaire, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna a bhunú i dTrá Mhór, agus Institiúid Breisoideachais a bhunú i nGuaire.

# 4. Ráiteas Straitéise

## 4.1 Fís, Misean, Spriocanna Straitéiseacha

Tá an Bord Oideachais agus Oiliúna ar tí an Ráiteas Straitéise nua uaidh don tréimhse 2023-2027 a sheoladh. Ba é a bhí i gceist leis an bpróiseas ná comhairliúcháin a sheoladh le grúpaí geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha araon, lenar áiríodh baill foirne, mic léinn agus foghlaimeoirí, agus geallsealbhóirí seachtracha.


Léiríodh go soiléir le linn an phróisis chomhairliúcháin go mbíonn baill foirne agus geallsealbhóirí ag obair i dtreo sprioc choiteann, is é sin: timpeallacht chuimsitheach thacúil a fhorbairt do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí chun cabhrú leo barr a gcumais a bhaint amach. Gné lárnach dár bhfís a chomhlíonadh is ea cloí le prionsabail an ionracais agus an chomhionannais agus sinn ag obair agus ag déileáil le geallsealbhóirí. Rud bunúsach, creidimid gurb ann do chonair i dtreo foghlama do chách agus gur cheart an t-eispéireas oideachasúil a bheith ina eispéireas bunathraitheach do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí.

Sa Ráiteas Straitéise, leagtar amach sé phríomhsprioc straitéiseacha agus raon tosaíochtaí agus gníomhartha ina dhiaidh sin a threoraíonn an obair a dhéanann an eagraíocht chun a ráitis físe agus mhisin a chomhlíonadh.




## 4.2 Spriocanna Straitéiseacha an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Agus ár spriocanna straitéiseacha á gcur le chéile againn, bhreathnaíomar níos faide ná tréimhse feidhme an Ráitis Straitéise seo. Chomhaontaíomar ráitis intinne - is é sin le rá, an riocht ba mhaith linn a bheith orainn faoin mbliain 2030. Is uaillmhianach agus indéanta araon atá na pleananna atá againn.




**Sprioc Straitéiseach 1: Cáilíocht**
Faoin mbliain 2030, beidh Cáilíocht leabaithe i ngach a ndéanaimid. Beidh struchtúr láidir agus samhail rialachais láidir i bhfeidhm ag an mBord Oideachais agus Oiliúna chun cáilíocht a bhainistiú ar fud gach réimse. Earcóimid baill foirne atá ardcháilithe agus atá cáilithe go cuí chun an t-oideachas agus an oiliúint a sholáthar agus tabharfaimid rochtain dóibh ar dheiseanna Foghlama agus Forbartha Gairmiúla chun cur lena gcleachtas gairmiúil. Bunaithe ar chomhairliúchán, beidh a fhios againn go mbraitheann ár mbaill foirne go bhfuil sé tábhachtach go léireodh an Bord Oideachais agus Oiliúna *conas* a bhaineann sé dea-cháilíocht amach agus cé na bearta a chuirimid i bhfeidhm chun cáilíocht a dhearbhú. Beidh gach rud tábhachtach – go háirithe na rudaí beaga. Beidh cumhacht tugtha againn do bhaill foirne chun cáilíocht a bhainistiú ar fud na heagraíochta. Beidh cáilíocht ina cuid bhunúsach dár gcultúr anois.

**Cén fáth?** Tá an cháil atá ar an mBord Oideachais agus Oiliúna bunaithe ar cháilíocht ár soláthair oideachais agus oiliúna. Féachaimid leis an gcáil atá orainn a fheabhsú trí bhearta a chur i bhfeidhm chun a léiriú go bhfuil cáilíocht leabaithe i ngach a ndéanaimid – ár soláthar oideachais agus oiliúna, an dóigh a n-earcaímid baill foirne, ár gcórais tacaíochta, agus ár leibhéil seirbhíse do chustaiméirí.

**Sprioc Straitéiseach 2: Scoileanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí**
Faoin mbliain 2030, beidh saoráidí úrscothacha i bhfeidhm ag an mBord Oideachais agus Oiliúna dár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaimeoirí aosacha. Beidh obair déanta ag an mBord Oideachais agus Oiliúna go dlúth leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) chun a chinntiú go ndéantar infheistíocht chuí shuntasach inár mbonneagar fisiciúil. Beidh againn anois saoráidí ar fud Phort Láirge agus Loch Garman a bhfuil ár mbaill foirne bródúil astu agus ina spreagtar ár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí aosacha chun foghlaim. Laistigh de chontaetha Phort Láirge agus Loch Garman, beidh an soláthar breisoideachais agus oiliúna tugtha le chéile againn cibé áit a bhfuil sé ciallmhar déanamh amhlaidh. Beidh spásanna solúbtha teagaisc agus foghlama i bhfeidhm againn agus beidh ár gcuid coláistí agus ionad ina moil thábhachtacha ina bpobail. Beidh iniúchadh déanta againn ar réimsí nach dtagann faoin mbonneagar fisiciúil sa straitéis uainn, agus sinn ar an eolas go bhfuil ár saoráidí ina moil thábhachtacha agus ina n-áiteanna cruinnithe tábhachtacha do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha, a chothaíonn cairdeas agus naisc trí idirghníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha. Beidh ár saoráidí forbartha againn ar aon dul leis an mórchlár oibre glas agus beimid ar thús cadhnaíochta na nuálaíochta ina leith sin.

**Cén fáth?** Is é an uaillmhian atá againn timpeallachtaí barrmhaithe foghlama agus conairí solúbtha trínár gcláir agus don saol ina ndiaidh a chruthú. Is eol dúinn go gcuireann saoráidí ar ardchaighdeán le cáilíocht na foghlama.

**Sprioc Straitéiseach 3: Cumarsáid agus Margaíocht**

Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar an mBord Oideachais agus Oiliúna ar fud Phort Láirge agus Loch Garman as na cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthraímid do dhaoine de gach aois. Beidh íomhá branda atá pearsanta agus spéisiúil againn, ar íomhá í atá so-aitheanta agus gairmiúil freisin. Beidh sé éasca do mhic léinn ionchasacha/foghlaimeoirí aosacha ionchasacha teacht ar an bhfaisnéis bheacht atá á lorg acu. Beidh naisc an-láidir ag an mBord Oideachais agus Oiliúna le comhpháirtithe ar fud Phort Láirge agus Loch Garman agus, thar aon rud eile, beidh naisc an-láidir aige lena phobail áitiúla agus leis na tionscail/seirbhísí áitiúla a thacaíonn leis na pobail sin. Beidh infheistíocht déanta againn i margaíocht, agus beidh feabhas tagtha ar a infheicthe atá ár gcuid scoileanna agus ionad Breisoideachais agus Oiliúna mar thoradh ar mhargaíocht spriocdhírithe agus mar thoradh ar ár dtairiscint a thaispeáint – foirgnimh nua-aimseartha agus oideachas sármhaith agus oiliúint shármhaith a soláthraíonn múinteoirí agus teagascóirí ar ardchaighdeán iad agus a dtacaíonn cuid mhór bainisteoirí agus ball foirne leo. Nuair a luafar Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, smaoineoidh daoine faoi cháilíocht, faoi roghanna, faoi phobal agus faoi dheiseanna a sholáthar dóibh sin atá ag tosú amach nó atá ag déanamh tús nua.
**Cén fáth?** Tá sé tábhachtach branda láidir a fhorbairt don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar aon dul leis na hardaidhmeanna atá againn soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a threorú san oirdheisceart.

**Sprioc Straitéiseach 4: Sláinte agus Folláine**

Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar an mBord Oideachais agus Oiliúna as a bheith ina áit iontach chun obair agus chun foghlaim ann. Ar fud ár scoileanna agus ár n-ionad uile, beidh baill foirne agus mic léinn/foghlaimeoirí aosacha ar aon intinn maidir leis an mBord Oideachais agus Oiliúna – *feicfear* iad, *éistfear* leo agus beidh *meas* orthu. A luaithe a rachaidh siad isteach i bpobal an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, braithfidh ár mbaill foirne go dtacaítear leo – tuigfidh a n-ionad nó a scoil cé atá iontu, beidh meas aige nó aici ar na láidreachtaí atá acu agus tacóidh sé nó sí leis na laigí atá acu. Beidh Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ina gcuid dhílis den eagraíocht anois.

**Cén fáth?** Is áit oibre ghnóthach éagsúil é an Bord Oideachais agus Oiliúna agus tá sé de dhualgas air freastal ar a lán grúpaí geallsealbhóirí. Trí dhul i gcomhairle leo, is eol dúinn go bhfuil ár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaimeoirí aosacha ag iarraidh a bheith ina gcuid de phobal a thacaíonn le hindibhidiúlacht, a cheiliúrann éachtaí agus a thugann tacaíocht le linn amanna deacra. Chun pobal den sórt sin a chruthú, is gá comhbhá agus éirim mhothúchánach a bheith leabaithe isteach inár n-eagraíocht. Is eol dúinn freisin go gcabhraíonn dea-shláinte agus dea-fholláine foirne go mór leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.

**Sprioc Straitéiseach 5: Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht**

Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar an mBord Oideachais agus Oiliúna as an gcultúr aeráide atá ar bun ann. Beidh athrú iompraíochta spreagtha againn ar fud ár scoileanna agus ár saoráidí breisoideachais agus oiliúna. Beidh an inbhuanaitheacht leabaithe sa dóigh a dteagascaimid, sna nithe a theagascaimid agus sa dóigh a ndéanaimid cumarsáid leis an mórphobal. Beimid inbhuanaithe i ndáil leis an dóigh a ngníomhaímid. Beidh bród orainn as ár n-éachtaí agus beidh bród orainn iad a chomhroinnt le daoine eile. Tabharfaidh ár mbaill foirne aird ar shrianta aeráide agus comhshaoil mar ghnáthchuid den saol. Spreagfar iad le linn a gcuid oibre, agus ambasadóirí ar fud ár gcuid scoileanna, ionad agus oifigí ag comhoibriú lena chéile chun tuilleadh gníomhartha a spreagadh. Tomhaisfimid cad a dhéanaimid. Déanfaimid é sin trí na nithe seo a leanas a bheith againn: ambasadóirí atá lonnaithe ar fud ár saoráidí; baill foirne a oibríonn go lánaimseartha ar na tionscadail; grúpa stiúrtha atá freagrach as an obair a chomhordú; agus buiséad lena dtacaítear leis an obair.
**Cén fáth?** Tá fianaise ann ar gach taobh dínn ar an ngá atá ann le cónaí agus le hobair ar shlí inbhuanaithe. Is gá dúinn an méid sin a dhéanamh mar ábhar práinne, agus bíonn an phráinn ag méadú i gcónaí. Bíonn an reachtaíocht á hathrú chun iompraíocht mhíchuí a phionósú agus, ar fud an domhain, bíonn an argóint mhorálta ar son scriosadh córas nádúrtha a stad ag éirí níos láidre i gcónaí. Níl de rogha againn ach gníomhú. Tá níos mó agus níos mó daoine ag iarraidh obair in áiteanna ina dtugtar tús áite don chomhshaol. Táimid ag

déileáil le géarchéim fuinnimh faoi láthair. Cé gur féidir gur géarchéim ghearrthéarmach í an ghéarchéim sin, léiríonn sí dúinn an riosca méadaithe a bhaineann lena bheith spleách ar bhreoslaí iontaise.
Oibrímid le daoine ó chuid mhór cúlraí difriúla, agus is gá dúinn cabhrú le daoine nach bhfuil chomh saibhir céanna roghanna saoil inbhuanaithe a thuiscint agus a rochtain. Mar gheall ar an ngné sin den cheartas aeráide, ní mór dúinn smaoineamh faoi conas is féidir linn cabhrú le daoine billí a laghdú agus, ag an am céanna, faoi conas is féidir linn an brú ar an gcomhshaol a mhaolú. Mar chuid lárnach den chlár oideachais, is féidir díriú ar laghdú a dhéanamh ar an tomhaltachas agus ar an dúil i rudaí a cheannach. Is eol dúinn gur féidir linn freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna agus, i bhfianaise na ngéarchéimeanna fuinnimh reatha, tá deis ann anois difríocht bhuan a dhéanamh.
Beidh poist na todhchaí dírithe ar stíleanna maireachtála inbhuanaithe a chruthú agus a chumasú – idir chruthaitheacht agus innealtóireacht. Dá bhrí sin, ní mór dúinn cabhrú lenár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí aosacha na poist sin a rochtain trí iad a ullmhú dóibh trí na cúrsaí a sholáthraímid agus tríd an dóigh a dteagascaimid.


**Sprioc Straitéiseach 6: Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/Foghlaim Dhigiteach**
Faoin mbliain 2030, beidh tionchar ollmhór imeartha ag an dul chun cinn i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ar an dóigh a seolann an Bord Oideachais agus Oiliúna a chuid teagaisc, oiliúna agus gnó. Toisc go mbíonn athruithe á ndéanamh chomh tapa sin, níl sé éasca an chuma a bheidh ar an tírdhreach a thuar. Tá fás ollmhór tagtha le blianta beaga anuas ar an úsáid a bhaintear as néalseirbhísí, as gléasanna móibíleacha agus as uirlisí teagaisc ar líne. Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, leagadh béim mhéadaithe ar úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, don fhoghlaim agus don bhainistíocht. D'fhreagair an Bord Oideachais agus Oiliúna go maith do na dúshláin a bhain leis an mearghlacadh le teicneolaíochtaí digiteacha cianoibre/cianfhoghlama le linn na paindéime. Is próisis láimhe pháipéarbhunaithe iad a lán próiseas laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna go fóill, áfach. Mar sin, is gá leas iomlán a bhaint anois as an acmhainneacht iomlán atá ag teicneolaíochtaí digiteacha, ní amháin chun cur leis an dóigh a dteagasctar mic léinn/foghlaimeoirí aosacha agus a ndéantar measúnú orthu, ach chun feabhas a chur ar an mbainistíocht agus na próisis laistigh de thimpeallacht gnó an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus chun tacú leis an inbhuanaitheacht freisin.
**Cén fáth?** Úsáidtear an teicneolaíocht chun feidhm 'gnó mar is gnách' a chomhlíonadh laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna faoi láthair. Is teoranta, áfach, atá an acmhainn reatha atá ann sonraí a anailísiú go héifeachtúil agus próisis dhigiteacha agus teicneolaíochtaí nua a chur chun feidhme. Is gá straitéis fhoriomlán TF a chur i bhfeidhm agus an tsamhail oibriúcháin a athbhreithniú chun an bealach a réiteach le haghaidh TF a bhunathrú go hiomlán laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna.

## 4.3 Socruithe Cur Chun Feidhme agus Faireacháin

Forbraíodh an Plean Seirbhíse seo chun tacú le Ráiteas Straitéise an Bhoird Oideachais agus Oiliúna don tréimhse 2023-2027 a chur chun feidhme. Cé go leagtar amach sa Ráiteas Straitéise na tosaíochtaí agus na haidhmeanna a bheidh againn thar thréimhse cúig bliana, tá sé tábhachtach go mbeadh próiseas i bhfeidhm chun tacú leis na tosaíochtaí agus na haidhmeanna sin a chomhlíonadh. Agus an straitéis á cur chun feidhme aici, tacaítear le hobair Fhoireann Ardbhainistíochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí thimthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe a chur i gcrích. Ceadaíonn Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna plean bliantúil agus buiséad bliantúil agus is bunaithe ar an bplean agus ar an mbuiséad a dhéanann sé meastóireacht fhoirmiúil ar an bhfeidhmíocht iarbhír gach bliain.

Tá an Plean Cur Chun Feidhme miondealaithe ina cheithre chéim:

1) Céim na Pleanála
2) Céim an Athbhreithniúcháin
3) Céim na Meastóireachta
4) Céim an Tuairiscithe




**Céim 1: Céim na Pleanála**

Is é atá i gceist le céim na Pleanála ná an struchtúr a bhunú chun a chinntiú go mbíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna ag comhlíonadh na gcuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Déanfar é sin tríd an struchtúr seo a leanas:

- Spriocanna/Cuspóirí a Shainiú
- Garspriocanna a Sceidealú
- Acmhainní a Leithdháileadh
- Freagrachtaí Ball Foirne a Ainmniú
- Méadrachtaí Ratha/Príomhtháscairí Feidhmíochta a Shainiú

Oibríonn an Fhoireann Ardbhainistíochta trí na struchtúir rialachais atá ann cheana chun foghníomhartha, amlínte gaolmhara agus méadrachtaí ratha a shainaithint. Áirítear le struchtúr rialachais feidhmiúcháin an Bhoird Oideachais agus Oiliúna na grúpaí seo a leanas a rachfar i dteagmháil leo:

I. An Fhoireann Ardbhainistíochta
II. Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí
III. Bainisteoirí Breisoideachais agus Oiliúna
IV. Grúpaí Stiúrtha Inmheánacha
V. An Fhoireann Oibríochtaí (Acmhainní Daonna, Airgeadas, Seirbhísí Corparáideacha)

Cuirtear céim na Pleanála i gcrích ar bhonn bliantúil.

**Céim 2: Céim an Athbhreithniúcháin**

Le linn chéim an Athbhreithniúcháin, cabhraítear leis an bhFoireann Ardbhainistíochta tuiscint a ghnóthú ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn ag éirí léi na gníomhartha agus na tosaíochtaí sainaitheanta a bhaint amach agus cén dóigh a mbíonn sí ag déanamh amhlaidh. Déanfar aon ghníomh feabhais a phleanáil, de réir mar is cuí, tar éis chéim an Athbhreithniúcháin. Beidh an struchtúr seo a leanas ar chéim an Athbhreithniúcháin:

| Comhairliúchán | Freagracht | Minicíocht |
|---|---|---|
| Cruinnithe | Grúpa Cur Chun Feidhme na Foirne Ardbhainistíochta | Gach ráithe |
| Cruinnithe | Príomhoidí | Dhá uair sa bhliain |
| Cruinnithe | Bainisteoirí Breisoideachais agus Oiliúna | Dhá uair sa bhliain |
| Cruinnithe | An Grúpa Stiúrtha Cumarsáide | Dhá uair sa bhliain |
| Cruinnithe | An Fhoireann Oibríochtaí | Dhá uair sa bhliain |
| | | |
| Cruinnithe | Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna | Athbhreithniú lár téarma |
| Seisiúin fócasghrúpa/Suirbhé | Grúpaí geallsealbhóirí inmheánacha | Athbhreithniú lár téarma |
| Seisiúin fócasghrúpa/Suirbhé | Grúpaí geallsealbhóirí seachtracha | Athbhreithniú lár téarma |

(Is féidir leis na cruinnithe pleanála bliantúla, mar atá leagtha amach thuas, forluí le roinnt de na cruinnithe athbhreithniúcháin)

**Céim 3: Céim na Meastóireachta**

Is é an cuspóir atá le céim na Meastóireachta ná tátail a bhaint as céim an Athbhreithniúcháin agus a shainaithint cé acu atá nó nach bhfuilimid ar an mbóthar ceart maidir leis na spriocanna agus na tosaíochtaí atá againn a chomhlíonadh agus maidir le torthaí a bhaint amach laistigh de na creataí ama atá leagtha amach. Déantar athbhreithniú i gcéim na Meastóireachta freisin ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn ár bPríomhtháscairí Feidhmíochta á mbaint amach. Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta freagrach as céim na Meastóireachta agus éascaítear seisiún i leith na céime sin gach bliain.

**Céim 4: Céim an Tuairiscithe**

Tuairiscíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna don Aire gach bliain, de réir na n-oibleagáidí atá orainn faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus faoin gCód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. Áirítear leis an Tuarascáil Bhliantúil an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn a rinneadh ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Mar Ghrúpa Cur Chun Feidhme don Ráiteas Straitéise, tuairiscíonn an Fhoireann Ardbhainistíochta don Bhord gach bliain freisin ar an dul chun cinn a rinneadh ar na spriocanna straitéiseacha comhaontaithe.

# 5. Forbhreathnú ar Sheirbhísí sa bhliain 2023:

## 5.1 Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna agus Pobalscoileanna Náisiúnta

Is é an Bord Oideachais agus Oiliúna an pátrún agus an t-údarás bainistíochta ar Phobalscoil Náisiúnta amháin agus ar 12 iar-bhunscoil. Leanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna le comhairle agus tacaíocht oideachais, airgeadais, acmhainní daonna, TFC agus tógála a thabhairt do gach ceann de na scoileanna sin, mar aon le tacú lena rialachas foriomlán agus lena mbainistíocht fhoriomlán. Is é an Bord Oideachais agus Oiliúna an comhphátrún ar thrí phobalscoil i bPort Láirge agus i Loch Garman in éineacht le hord rialta freisin agus leanfaidh sé air ag obair le comhphátrúin agus le boird bhainistíochta áitiúla chun beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Le linn na bliana 2022, thacaigh Comhordaitheoir Éitis an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna feasacht a mhúscailt ar na croíluachanna atá ag scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar fud an líonra agus an réigiúin araon. Bhí Coláiste Uí Chinnéide, Ros Mhic Thriúin, ar an gcéad treoirscoil a bhíonn ag baint úsáid as an gcreat féinmheastóireachta scoile don obair sin i gcomhar le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) agus le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU). Tacóidh DCU agus BOOÉ le dhá scoil eile – Coláiste Pobail Naomh Déaglán agus Coláiste Creagh – sa scoilbhliain 2022/23. Ag an am céanna, tacóidh an Comhordaitheoir Éitis le gach scoil meastóireacht a dhéanamh ar na croíluachanna mar chuid den phróiseas féinmheastóireachta scoile. Le Creat Pátrúin BOOÉ, a seoladh i mí na Samhna 2022, soláthraítear dár scoileanna ráiteas ar chleachtas éifeachtach do gach ceann de chroíluachanna na scoileanna. Déanfar an Creat sin a sheoladh agus a leabú tuilleadh i scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le linn na bliana 2023.

Leathnaíodh Pobail Chleachtais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chun tacaíocht a thabhairt i dtuilleadh réimsí ábhair, agus is go han-mhaith a bhíonn rannpháirtíocht na múinteoirí. Tá roinnt pleananna le haghaidh comhoibriú trascholáiste i bhfeidhm agus táthar ag súil leis go mbeidh torthaí rathúla orthu sa bhliain 2023. Tá Fóram Leas-Phríomhoidí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna i mbun oibre anois agus tá sé beartaithe go rachaidh an líonra gairmiúil sin chun tairbhe do na rannpháirtithe mar dhaoine aonair agus do na scoileanna uile araon.

Tá Coláiste an Átha agus Coláiste Pobail Naomh Pól fós ina dtreoirscoileanna le haghaidh an chláir um léarscáiliú soláthair atá á reáchtáil ag BOOÉ i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Cinnteoidh an obair thábhachtach sin go n-úsáidfidh scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna na hacmhainní atá ar fáil dóibh chun tacú go hiomlán le cuimsiú gach foghlaimeora.

Leanfar ar aghaidh leis an gclár Ceannaireachta Sinsearaí Scoile a reáchtáil i gcomhar le príomhoidí agus leas-phríomhoidí sa bhliain 2023 agus beidh clár aon lae do Phríomhoidí Cúnta I ar siúl go luath sa bhliain. Cuirfear áiteanna i Scoil Samhraidh BOOÉ ar fáil do Mheáncheannairí freisin.

Leathnófar an fhoireann scoileanna sa bhliain 2023, agus ról nua mar Oifigeach Forbartha agus Tacaíochta á chruthú chun tionscadail shonracha forbartha a chur i bhfeidhm agus chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna na spriocanna comhroinnte atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chomhlíonadh.

## *Rollú d'Iar-bhunscoileanna agus do Choláistí Iar-Ardteistiméireachta:*

| **Ainm na Scoile** | **Rolluithe amhail an 30/09/2022** | |
|---|---|---|
| | **An Dara Leibhéal** | **Iar-Ardteistiméireacht** |
| Coláiste Bhaile an Droichid | 604 | 0 |
| Gairmcholáiste Bhun Clóidí | 262 | 0 |
| Coláiste Abbáin | 410 | 0 |
| Coláiste an Átha, Cill Mhucraise | 352 | 52 |
| Coláiste Creagh | 995 | 0 |
| Coláiste Dhún Garbhán | 255 | 158 |
| Coláiste Pobail Inis Córthaidh | 425 | 127 |
| Coláiste Uí Chinnéide | 181 | 0 |
| Meánscoil San Nioclás | 130 | 0 |
| Coláiste Sheilsceire | 374 | 42 |
| Coláiste Pobail Naomh Déaglán | 826 | 0 |
| Coláiste Pobail Naomh Pól | 710 | 0 |
| Coláiste Breisoideachais Phort Láirge | 0 | 604 |
| **Iomlán na Rolluithe Coláiste** | **5,527** | **983** |

## *Rollú do Phobalscoileanna Náisiúnta:*

| **Ainm na Scoile** | **Rollú amhail an 30/09/2022** |
|---|---|
| Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach | 42 |

## 5.2 Breisoideachas agus Oiliúint (lena n-áirítear Iar-Ardteistiméireacht)

### Ráiteas faoi Sheirbhísí – Breisoideachas agus Oiliúint sa bhliain 2023




Is trí na 16 chlár seirbhíse dár gcuid a sholáthraítear Breisoideachas agus Oiliúint i bPort Láirge agus i Loch Garman. Soláthraítear na cláir sin i mbreis agus 25 láthair agus ina lán suíomhanna pobail. Agus cinneadh á dhéanamh ar cén soláthar a thairgfear agus ar cé na daoine a dtairgfear an soláthar sin dóibh, tugtar aird ar na luachanna a bhrúnn ár gcreidimh faoi bhreisoideachas agus oiliúint chun cinn agus ar an ról bunathraitheach is féidir le breisoideachas agus oiliúint a imirt i saol daoine.

Eagraíocht atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir is ea an Bord Oideachais agus Oiliúna; is ann dó chun freastal ar na riachtanais athraitheacha foghlama agus oiliúna atá ag ár bpobal, ní amháin mar dhaoine aonair ach mar ghrúpaí sainaitheanta foghlaimeoirí laistigh den phobal freisin. Féachann an Bord Oideachais agus Oiliúna le seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar agus tá sé tiomanta d'fheabhas leanúnach a bhaint amach. Tá ár gcláir uile ceaptha chun an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus chun luach ar airgead a sholáthar.

Leanann an soláthar breisoideachais agus oiliúna le téarnamh ó thionchar na paindéime. Tá soláthar iomlán laistigh den ionad ar bun an athuair i ngach cás, beagnach. Leanfar ar aghaidh sa bhliain 2023 le hanailís a dhéanamh ar réimsí ina bhfuil buntáistí ag baint le soláthar clár cumaisc. Cé gur fhill an líon foghlaimeoirí ar ais ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, tríd is tríd, tá dúshláin le sárú ag cláir áirithe go fóill.

Leanfaidh an rannán breisoideachais agus oiliúna sa Bhord Oideachais agus Oiliúna le feabhas a chur ar cháilíocht a chuid seirbhísí reatha, cuirfidh sé soláthar breise ar fáil i bpobail a bhfuil an gá is mó acu leis agus cuirfidh sé feabhas ar na foirgnimh ina soláthraítear seirbhísí.

## *Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna sa bhliain 2023*

| **Cláir** | **Iomlán na gCúrsaí** | **Foghlaimeoirí** |
|---|---|---|
| Grúpaí Litearthachta Aosach | 732 | 3484 |
| Oiliúint Printíseachta | 85 | 1500 |
| Oiliúint Chumaisc | 5 | 16 |
| Cúrsaí Oiliúna Bonnleibhéil agus Nasc-Chúrsaí Oiliúna | 13 | 112 |
| Grúpaí an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) | 292 | 1746 |
| Oideachas Pobail | 230 | 1900 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 23 | 220 |
| Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL) | 425 | 3479 |
| Oiliúint Oíche | 197 | 1024 |
| Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais agus Oiliúna | 4 | 148 |
| Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna | 33 | 328 |
| Athshocrú Dídeanaithe | 88 | 841 |
| Scileanna don Obair | 51 | 245 |
| Scileanna chun Dul Chun Cinn | 239 | 1122 |
| Soláthraithe Sainoiliúna | 16 | 139 |
| Oiliúint Scileanna Sonracha | 52 | 348 |
| Cúrsaí Oiliúna | 37 | 237 |
| An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) | 83 | 507 |
| Ógtheagmháil | 46 | 550 |
| PLC | 191 | *** |
| **Iomlán** | 2842 | 17946 |

*** Cuireadh foghlaimeoirí Iar-Ardteistiméireachta ar áireamh sa tábla thuas – *Rollú d'Iar-bhunscoileanna agus do Choláistí Iar-Ardteistiméireachta*.

## 5.3 Gnóthaí Obair Óige

Seirbhís tacaíochta d'eagraíochtaí obair óige is ea an fhoireann um Ghnóthaí Obair Óige laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. Tá sé mar sprioc ag an bhfoireann tionscadail agus seirbhísí oideachais neamhfhoirmiúil ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus a fhothú do dhaoine óga ar fud an dá chontae.

Tá triúr Oifigeach Óige lánaimseartha agus ball foirne tacaíochta riaracháin amháin ann laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna faoi láthair, agus tacaíocht á fáil acu go léir ón Oifigeach Oideachais Aosach atá freagrach as Seirbhísí Óige. Bainistítear an Fhoireann Obair Óige i bhformáid limistéarbhunaithe, tríd is tríd, agus tá Oifigigh Óige lonnaithe i gCathair Phort Láirge, i gContae Phort Láirge agus i gContae Loch Garman.

Is é *UBU: D'Áit, Do Spás* an croíchlár atá á chistiú ag an mBord Oideachais agus Oiliúna. Is é an misean atá ag an gclár sin ná tacaí lasmuigh den scoil a sholáthar do dhaoine óga (idir 10 mbliana d'aois agus 24 bliana d'aois) atá imeallaithe, faoi mhíbhuntáiste nó soghonta agus an méid sin a dhéanamh ina bpobal féin chun gur féidir leo imthosca dochracha a shárú agus barr a gcumais a bhaint amach. Ní mór na tacaí sin a sholáthar ar aon dul le luachanna, spriocanna, cuspóirí agus rialacha na scéime agus mar fhreagairt do na riachtanais atá ag daoine óga, mar a shainaithin an Bord Oideachais agus Oiliúna iad. Déanann an Bord Oideachais agus Oiliúna formhaoirseacht ar an dóigh a rialaítear agus a gcomhlíontar an cistiú *UBU: D'Áit, Do Spás* a sholáthraíonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) do thríocha tionscadal atá faoi stiúir ag baill foirne ar fud an dá chontae. Imríonn Oifigigh Óige an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ról ríthábhachtach maidir le seirbhísí áitiúla óige a fhothú agus a fhorbairt agus maidir le faireachán a dhéanamh orthu. Téann na hOifigigh Óige i dteagmháil dhíreach leis na heagraíochtaí óige agus lena n-oibrithe óige ina limistéar féin ar mhaithe le tacaíocht agus treoir a thabhairt dóibh.

Leanann an Bord Oideachais agus Oiliúna le hobair na ngrúpaí óige atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha a fhothú trí phróiseas caighdeán RLCMLÓ agus trí chistiú a sholáthar tríd an Scéim Deontais le haghaidh Clubanna Óige Áitiúla agus trí scéimeanna deontais eile nuair a chuirtear iad ar fáil.

Áirítear iad seo a leanas leis na príomhghníomhartha is bun den obair a dhéanann an fhoireann um Ghnóthaí Obair Óige:

- Deontais a riar le haghaidh obair óige a sholáthar, lena n-áirítear *UBU: D'Áit, Do Spás*, an Scéim Deontais le haghaidh Clubanna Óige Áitiúla, an Deontas le haghaidh Trealamh Caipitil agus an Tionscnamh um Thacaíocht Spriocdhírithe Infhostaitheachta don Óige.
- Rialachas agus formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a riartar cistiú le haghaidh obair óige.
- Na cistí a sholáthraíonn RLCMLÓ le haghaidh tionscadail a sheoladh a bhainistiú agus a riar ar bhealach éifeachtúil tráthúil.
- Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí inar féidir éifeachtúlachtaí a thabhairt isteach i bpróisis tuairiscithe ar mhaithe le húsáid acmhainní a uasmhéadú agus córais tuairiscithe ar líne atá níos so-úsáidte a chruthú do thionscadail atá faoi stiúir ag baill foirne agus do chlubanna atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha araon.
- Iniúchadh a dhéanamh go seasta ar na deiseanna atá ann freastal ar na riachtanais shainaitheanta atá ag daoine óga tríd an obair óige in áiteanna a bhfuil seirbhísí teoranta ar fáil.
- Tacú le Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do chlubanna óige agus do thionscadail a sholáthraíonn obair óige.
- Oibrithe óige agus oibrithe deonacha i réimse na hoibre óige a threorú i dtreo acmhainní obair óige agus i dtreo ábhar cláir.

## 5.4 Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Is é atá i gceist leis an bhfeidhm um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna ná córais agus struchtúir a chur i bhfeidhm chun tacú le seirbhísí agus cláir oideachais agus oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a sholáthar. Déantar é sin trí chultúr feabhais leanúnaigh a fhothú. De réir an Ráitis Straitéise nua don tréimhse 2023-2027, forbrófar roinnt clár oibre nua chun cabhrú leis an straitéis a chomhlíonadh. Cuimseoidh na cláir oibre sin na feidhmeanna seo a leanas:

1. Acmhainní Daonna
2. Airgeadas
3. Seirbhísí Corparáideacha
4. Giniúint Ceoil

**1. Acmhainní Daonna**

Mórchlár oibre de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna sa bhliain 2023 a bheidh san aistriú chuig seirbhísí comhroinnte párolla i ráithe 4 den bhliain 2023. Mar chuid den chlár sin, ar clár tosaíochta de chuid na Roinne Oideachais é, comhtháthófar na feidhmeanna párolla Airgeadais agus Acmhainní Daonna ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Leanfaidh an fhoireann acmhainní daonna lena tairiscint seirbhíse a athbhreithniú agus a fheabhsú, bunaithe ar an obair a cuireadh i gcrích mar chuid den Athbhreithniú Acmhainní Daonna a rinneadh le déanaí. Sainaithníodh roinnt tionscadal tosaíochta mar chuid den athbhreithniú, lena n-áirítear an fheidhm earcaíochta agus cláir ionduchtúcháin. Leanfaidh an fhoireann acmhainní daonna le hobair i gcomhar leis an bhfoireann TF chun réitigh próiseas teicniúil a shainaithint agus a chur chun feidhme.

**2. Airgeadas**

Thug an fhoireann Airgeadais faoi chuid mhór oibre forbartha sa bhliain 2022 agus leanfar ar aghaidh leis an obair sin sa bhliain 2023. Go háirithe, tá sí ar tí aistriú chuig an aon chóras airgeadais amháin. Tosaíocht eile a bheidh in úsáid bogearraí nuafhorbartha a leabú ar fud na foirne ceannaireachta feidhmiúcháin laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna, rud a chuirfidh leis na deiseanna a bheidh ann le haghaidh anailís agus réamhaisnéisiú airgeadais.

Bíonn béim leanúnach á cur ar phróisis iniúchóireachta na foirne Airgeadais agus tá rún daingean ag an mBord Oideachais agus Oiliúna a chinntiú go sruthlíneoidh sé na próisis iniúchóireachta atá i bhfeidhm. Oibríonn sé go dlúth leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus leis an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí ina leith sin.

**3. Seirbhísí Corparáideacha**

Tabharfaidh an fhoireann tús áite do Straitéis TFC a fhorbairt, rud ina gcuimseofar an straitéis um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta agus an straitéis um Fhoghlaim Dhigiteach inár Scoileanna. Ceapfar Comhordaitheoir TFC chun tacú leis an obair thábhachtach sin.

Tá roinnt clár bonneagair tosaíochta ar siúl inár scoileanna agus inár soláthar breisoideachais agus oiliúna araon faoi láthair. Tá sé mar thosaíocht ag an bhfoireann foirgneamh an struchtúr atá i bhfeidhm aici a ailíniú agus obair go dlúth leis an Roinn Oideachais agus le SOLAS chun freastal ar na riachtanais atá ag na cláir fhairsinge foirgneamh sin.

Seolfar ár suíomh Gréasáin corparáideach nua go luath, agus sinn ag cur go mór leis an gcumas atá againn dul i dteagmháil le foghlaimeoirí féideartha agus lenár bpobail atá ann cheana. Beidh sé mar thosaíocht againn sa bhliain 2023 a chinntiú go mbeidh an t-inneachar ar an suíomh Gréasáin úsáideach agus cothrom le dáta. Oibreoimid le roinnt úinéirí inneachair ó gach cuid den eagraíocht ina leith sin. Tabharfar tús áite

d'fhaisnéis a fhorbairt agus a nuashonrú go leanúnach dár mbaill foirne ar ár n-inlíon (mol foirne) agus d'inrochtaineacht na faisnéise sin.

**4. Giniúint Ceoil**

Tosaíochtaí don bhliain 2023 is ea ráitis straitéise nua a fhorbairt do Ghiniúint Ceoil Loch Garman agus do Ghiniúint Ceoil Phort Láirge. Chun tacú leis na straitéisí sin a fhorbairt, bunófar Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil i Loch Garman agus i bPort Láirge araon, agus iad comhdhéanta d'ionadaithe ó ghrúpaí éagsúla geallsealbhóirí.

## 6. Ráiteas faoi Sheirbhísí sa bhliain 2023

Sainaithníodh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo a leanas faoi bhun théarmaí an Chomhaontaithe Soláthar Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus an Bord Oideachais agus Oiliúna. Tá na gníomhartha sonracha atá le déanamh chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach agus na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna gaolmhara atá le comhlíonadh mar a leanas:

| Sprioc | Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc |
|---|---|---|---|---|
| Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú | Eispéireas dearfach foghlama a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe | Leanfar leis an gClár do Phríomhchleachtóirí Phrionsabail Magenta a sholáthar i scoileanna.<br>Leanfar le foirne Teagaisc agus Foghlama a fhorbairt agus a fhás i ngach scoil.<br>Déanfar tuilleadh forbartha ar 14 Phobal Cleachtais trascholáiste d’ábhair shonracha agus do chomhordaitheoirí cláir.<br>Leanfar le comhoibriú leis an bhFoireann Foghlama Digití laistigh de ghníomhaíochtaí gach Pobail Cleachtais.<br>Cuirfear Líonra Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe Breisoideachais agus Oiliúna i bhfeidhm agus pleanálfar clár cruinnithe don bhliain 2023. | An clár um Prionsabail Magenta a bheith á sholáthar i scoileanna.<br>Pobail Chleachtais atá éifeachtach agus freagrúil a bheith i bhfeidhm.<br>Líonra Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe Breisoideachais agus Oiliúna a bheith i bhfeidhm. | Gach scoil a bheith páirteach sa chlár um Prionsabail Magenta.<br>Pobail Chleachtais a bheith ag oibriú go héifeachtach.<br>Líonra Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe Breisoideachais agus Oiliúna a bheith i mbun oibre. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Cuirfear na tionscadail foirgneamh scoile ar aghaidh ar aon dul leis na próisis agus na hamlínte a leag an Roinn Oideachais amach do thionscadail Choláiste Bhaile an Droichid, Ghairmcholáiste Bhun Clóidí, Choláiste Dhún Garbhán agus Mheánscoil San Nioclás.<br>Áiritheofar ceadú do scoil 1000 dalta Choláiste Pobail Naomh Déaglán.<br>Soláthrófar/críochnófar na tionscadail Chóiríochta Sealadaí do Choláiste Abbáin, do Choláiste Sheilsceire agus do Choláiste Pobail Naomh Pól.<br>Cuirfear ar aghaidh an scoil 1000 dalta a ceadaíodh cheana féin chun áit Choláiste Sheilsceire a ghlacadh.<br>Déanfar aighneachtaí chuig SOLAS nó chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir leis an | Tionscadail bhonneagair a bheith soláthartha de réir amlínte comhaontaithe. | Tionscadail bhonneagair a bheith soláthartha de réir amlínte comhaontaithe. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Ionad Breisoideachais agus Oiliúna i dTrá Mhór, maidir le hIonad na Comhghuaillíochta um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta in Inis Córthaidh agus maidir leis an gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna i nGuaire. | | |
| | Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta reatha | Pobal Cleachtais na gComhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais – forbrófar teimpléid chomhroinnte le haghaidh Pleananna Tacaíochta Mic Léinn.<br>Leanfaidh an Fhoireann Foghlama Digití le hionchur a sholáthar maidir le huirlisí inrochtaineachta i Sraith MS.<br>Soláthrófar tuilleadh forbartha gairmiúla leanúnaí/oiliúna i scagadh agus i dtástáil dhiagnóiseach.<br>Cuirfear Céim 2 de thionscnamh Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann um Léarscáiliú Soláthair i bhfeidhm sna | Teimpléid chomhroinnte do Chomhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais a bheith forbartha agus scaipthe.<br>Forbairt ghairmiúil leanúnach i scagadh agus i dtástáil dhiagnóiseach a bheith eagraithe.<br>An tionscnamh um léarscáiliú soláthair a bheith curtha i bhfeidhm sna scoileanna atá fágtha. | Teimpléid a bheith scaipthe.<br>Forbairt ghairmiúil leanúnach i scagadh agus i dtástáil dhiagnóiseach a bheith seolta.<br>Plean a bheith forbartha le haghaidh tacaí d'fhoghlaimeoirí a chomhordú ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | scoileanna atá fágtha.<br>Leanfar leis an Treoirghrúpa Cóitseálaithe Cuimsithe a fhorbairt.<br>Leanfar le comhoibriú leis an bhFoireann Foghlama Digití chun uirlisí inrochtaineachta a leabú laistigh dár bPobail Chleachtais, de réir mar a iarrtar é sin.<br>Leanfar leis an bPobal Cleachtais do mhúinteoirí Béarla mar Theanga Bhreise a fhorbairt agus a fhás.<br>Tacóidh an tOifigeach Rochtana agus Cuimsithe Breisoideachais agus Oiliúna le bainisteoirí tacaí comhsheasmhacha a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí ar fud breisoideachais agus oiliúna. | Léarscáiliú agus anailísiú a bheith á ndéanamh ar an soláthar reatha tacaí d'fhoghlaimeoirí ar fud breisoideachais agus oiliúna.<br>Plean a bheith forbartha le haghaidh tacaí d'fhoghlaimeoirí a chomhordú laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. | |
| | A chinntiú go bhfuil na bearta uile um chumhdach leanaí i bhfeidhm, de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 | Déanfar athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil ar an ráiteas um chumhdach leanaí agus cuirfear measúnuithe riosca gaolmhara i gcrích.<br>Déanfar cigireachtaí cumhdaigh leanaí, lena gcabhrófar le faireachán a | Boird Bhainistíochta a bheith ag déanamh athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil. | Na caighdeáin atá i bhfeidhm a bheith á gcoinneáil ar bun. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | dhéanamh ar an bpróiseas atá i bhfeidhm i scoileanna.<br>Cuirfidh príomhoidí scoile Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí i gcrích. | Cigireachtaí cumhdaigh a bheith ar siúl i scoileanna.<br><br>Oiliúint a bheith á déanamh ag Boird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí. | Cigireachtaí cumhdaigh a bheith déanta.<br><br>Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta a bheith curtha i gcrích. |
| | A chinntiú go gcomhlíontar na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 ina n-iomláine | Déanfar athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil ar an ráiteas um chumhdach leanaí agus cuirfear measúnuithe riosca gaolmhara i gcrích.<br><br>Déanfar cigireachtaí cumhdaigh leanaí, lena gcabhrófar le faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas atá i bhfeidhm i scoileanna.<br><br>Cuirfidh príomhoidí scoile Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí i gcrích. | Boird Bhainistíochta a bheith ag déanamh athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil.<br><br>Cigireachtaí cumhdaigh a bheith ar siúl i scoileanna.<br><br>Oiliúint a bheith á déanamh ag Boird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí. | Na caighdeáin atá i bhfeidhm a bheith á gcoinneáil ar bun.<br><br>Cigireachtaí cumhdaigh a bheith déanta.<br><br>Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta a bheith curtha i gcrích. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Cláir Chosanta | Cúnamh a thabhairt don Roinn Oideachais, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a eascróidh as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus ar an soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta | Earcófar Comhordaitheoir agus duine tacaíochta REALT. | Comhordaitheoir agus duine tacaíochta REALT a bheith i bhfeidhm. | Comhordaitheoir agus duine tacaíochta REALT a bheith i bhfeidhm faoi ráithe 1 den bhliain 2023. |
| Rialachas | Rátaí freastail ar chruinnithe boird | Cuirfear béim an athuair ar an gceanglas go bhfreastalófaí ar gach cruinniú Boird, de réir an Chóid Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. | Córam a bheith bainte amach do gach cruinniú de chuid Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Córam a bheith bainte amach do gach cruinniú de chuid Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| | Féinmheasúnuithe Boird | Agus leas á bhaint as an gceistneoir atá ar áireamh sa Chód Cleachtais, déanfar ceistneoir féinmheasúnaithe chun sainaithint a dhéanamh ar réimsí ina bhfuil feabhsuithe ag teastáil. | Ceistneoir féinmheasúnaithe a bheith déanta ag na comhaltaí Boird ar bhonn aonair agus tuarascáil ilchodach a bheith comhaontaithe. | Ceistneoir féinmheasúnaithe a bheith á dhéanamh gach bliain. |
| | Saineolas airgeadais ar choistí iniúchóireachta agus airgeadais | Déanfaidh an bord ceapacháin chuig coistí iniúchóireachta agus airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Roghnófar comhaltaí seachtracha de choistí chun na scileanna agus an taithí iniúchóireachta agus airgeadais a theastaíonn a chur leis an ról. | Comhdhéanamh an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a bheith ag teacht leis an dea-chleachtas. | Comhdhéanamh an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a bheith ag teacht leis an dea-chleachtas. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Breithmheas an Bhoird ar obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | Soláthrófar tuarascálacha scríofa do chomhaltaí Boird ar obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. | An Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bheith ag soláthar tuarascálacha go rialta don Bhord. | Tuarascálacha a bheith á soláthar go tráthúil don Bhord. |
| | Féinmheasúnú ón gCoiste Airgeadais agus ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca | Cuirfidh an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cleachtadh féinmheasúnaithe i gcrích gach bliain, mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. | Cleachtadh féinmheasúnaithe a bheith á chur i gcrích ag an gCoiste Airgeadais agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca gach bliain. | Cleachtaí féinmheasúnaithe a bheith á gcur i gcrích gach bliain. |
| | Forbairt Foirne | Ceapfar Bainisteoir Airgeadais mar bhainisteoir oiliúna don fhoireann Airgeadais. Déanfar anailís ar riachtanais oiliúna i réimse na bainistíochta airgeadais ar bhonn bliantúil. Forbrófar clár oiliúna i mbainistíocht airgeadais agus cuirfear chun feidhme é. | An Bainisteoir Airgeadais a bheith ag comhlíonadh an róil mar bhainisteoir oiliúna don fhoireann Airgeadais, scóip an chláir oiliúna a bheith measta agus an clár oiliúna a bheith | Bainisteoir Oiliúna a bheith i bhfeidhm agus clár oiliúna a bheith curtha chun feidhme. Tacaíocht a bheith á tabhairt i nGaeilge do bhaill foirne, de réir mar is gá. Tacaí airgeadais a bheith i bhfeidhm |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Tar éis do cheathrar comhaltaí d'fhoireann ardbhainistíochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna cúrsaí Leibhéal 4 go Leibhéal 6 de chuid Ghaelchultúr a chur i gcrích go rathúil, cuirfear an cúrsa ar fáil do bhaill foirne bhreise.<br>Leanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna le tacú le baill foirne teagaisc i Meánscoil San Nioclás trí thacaíocht airgeadais a thabhairt dóibh chun tabhairt faoi chúrsaí a bhaineann le hábhair a theagasc trí Ghaeilge.<br><br>Cuirfear an clár Ceannaireachta Sinsearaí Scoile i bhfeidhm. | curtha chun feidhme.<br><br>Comhaltaí d'Fhoireann Ardbhainistíochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith inniúil i nGaeilge.<br><br>Tacaí airgeadais a bheith á gcur ar fáil le haghaidh cúrsaí oiliúna trí Ghaeilge.<br>Cúrsaí de chuid Ghaelchultúr a bheith á dtairiscint do bhaill foirne.<br><br>An clár Ceannaireachta Sinsearaí Scoile a bheith á chur i bhfeidhm. | do chúrsaí foirne a sheoltar trí Ghaeilge<br>Baill foirne bhreise a bheith ar fáil chun tacaíocht a thairiscint trí Ghaeilge.<br><br>Gach scoil a bheith páirteach sa chlár Ceannaireachta Sinsearaí Scoile. |
| | Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne | Comhlíonfar na spriocdhátaí tuairiscithe arna leagan síos ag an Roinn. | Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne Oideachais | Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne Oideachais |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | a bheith á gcomhlíonadh. | a bheith á gcomhlíonadh. |
| | Beartas Bainistíochta Riosca | Dearfar próiseas chun sainaithint a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha a bhaineann le torthaí an eintitis a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Tacóidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le hobair an Bhoird ina leith sin. | Plean gnó agus Bainistíochta Riosca a bheith curtha chun feidhme agus próiseas a bheith comhaontaithe le haghaidh aon rioscaí a shainaithint agus le haghaidh aghaidh a thabhairt orthu. | Plean gnó agus Bainistíochta Riosca a bheith curtha chun feidhme agus próiseas a bheith comhaontaithe le haghaidh aon rioscaí a shainaithint agus le haghaidh aghaidh a thabhairt orthu. |
| | Rialuithe Inmheánacha | Gheobhaidh an Bord dearbhú leordhóthanach á rá go mbíonn rialuithe sonraithe á n-oibriú mar atá beartaithe. | Dearbhú a bheith faighte ag an mBord á rá go bhfuil rialuithe sonraithe i bhfeidhm. | Rialuithe inmheánacha a bheith i bhfeidhm agus Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha a bheith ceadaithe ag an mBord. |

I dteannta na spriocanna agus na dtosaíochtaí thuas a comhaontaíodh go náisiúnta, déanfar na tosaíochtaí straitéiseacha sonracha seo a leanas don Bhord Oideachais agus Oiliúna a thosú nó a chomhlíonadh le linn na bliana 2022 chun a chinntiú go gcuirfear an Ráiteas Straitéise foriomlán ar aghaidh.

*Nóta: Tagraíonn na huimhreacha thíos don ghníomh straitéiseach gaolmhar sa Ráiteas Straitéise 2023-2027 – níl na huimhreacha in ord croineolaíoch i ngach cás.

# Sprioc Straitéiseach 1
# Cáilíocht

Tá an cháil atá ar an mBord Oideachais agus Oiliúna bunaithe ar cháilíocht a sholáthair oideachais agus oiliúna. Féachaimid leis an gcáil atá orainn a fheabhsú trí bhearta a chur i bhfeidhm chun a léiriú go bhfuil cáilíocht leabaithe i ngach a ndéanaimid – ár soláthar teagaisc agus oiliúna, an dóigh a n-earcaímid baill foirne, ár gcórais tacaíochta, agus ár leibhéil seirbhíse do chustaiméirí.

**1.1 Tosaíocht Straitéiseach: Struchtúr agus Rialachas (lena n-áirítear seirbhísí eagrúcháin)**

| | **Gníomh Straitéiseach** | **Gníomh sa bhliain 2023** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta** | **Spriocanna** |
|---|---|---|---|---|
| 1.1.2 | Ráiteas maidir le Tiomantas Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman do Cháilíocht a fhorbairt agus a fhoilsiú, rud a bheidh le feiceáil i ngach Scoil agus Ionad. | Déanfar Ráiteas Cáilíochta a fhorbairt agus a fhoilsiú agus scaipfear ar gach coláiste, ionad agus oifig ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna é. | An Ráiteas Cáilíochta ón mBord Oideachais agus Oiliúna a bheith forbartha, foilsithe agus scaipthe ar gach coláiste, ionad agus oifig. | Ráiteas Cáilíochta a bheith i bhfeidhm faoi ráithe 3 den bhliain 2023. |
| 1.1.4 | Oifig um Chláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a Fhorbairt a bhunú, | Rachaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna i dteagmháil le QQI maidir leis an obair earnála atá ar siúl chun athbhreithniú a | Teagmháil a bheith ar bun le QQI | Ceadú a bheith faighte chun baill |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | rud a ailíneoidh leis an straitéis atá i bhfeidhm ag SOLAS chun tacú le poist agus le conairí foghlama, chun cuimsiú a éascú, chun daoine a uasoiliúint tríd an saol agus trí ghairmeacha agus chun spriocdhíriú ar phríomhriachtanais scileanna. Cuirfear de dhualgas ar an Oifig cláir a bhailíochtú agus a athbhreithniú agus torthaí foghlama a athbhreithniú, ar aon dul leis an straitéis fhoriomlán atá i bhfeidhm ag SOLAS agus ag an mBord Oideachais agus Oiliúna. | dhéanamh ar shamhlacha um chláir a fhorbairt agus a bhailíochtú.<br>Lorgófar ceadú chun ball foirne amháin nó beirt bhall foirne um Chláir a Fhorbairt agus a Athbhreithniú a earcú laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. | maidir leis an athbhreithniú.<br>Ceadú a bheith faighte chun baill foirne um Chláir a Fhorbairt agus a Athbhreithniú a earcú. | foirne um Chláir a Fhorbairt agus a Athbhreithniú a earcú – ráithe 4 den bhliain 2023. |
| 1.1.5 | Feabhas a chur ar chaidrimh agus naisc chriticiúla le ranna ábhartha rialtais, le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile agus meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na caidrimh sin, go háirithe caidrimh le comhlachtaí tionscail. | Déanfar ionadaíocht dúinn ar Choistí Forbartha Pobail Áitiúil i bPort Láirge agus i Loch Garman araon. Déanfar ionadaíocht dúinn ar an bhFóram Réigiúnach Scileanna, ag oifig Éire Thoir Theas agus ag IBEC Thoir Theas. Déanfar ionadaíocht dúinn ar roinnt coistí idirghníomhaireachta.<br>Oibreofar i gcomhpháirt le Comhairle Contae Loch Garman ar Chomhghuaillíocht UNECE um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta.<br>Déanfar athbhreithniú ar chomhaltas d'fhoirne/coistí ilghníomhaireachta.<br>Leanfar le hionadaíocht a dhéanamh don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar Chomhpháirtíocht Cleachtas Aisiríoch Loch Garman, ar Líonraí Seirbhísí do Leanaí agus don Teaghlach, ar an gCoiste Stiúrtha 'Elevate', ar Thascfhórsa Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann um Léarscáiliú Soláthair/Cuimsiú agus ar fhoirne REALT. | Ionadaíocht a bheith á déanamh don Bhord Oideachais agus Oiliúna go fóill ar fud údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí eile. | Teagmháil a bheith á coinneáil ar bun le ranna rialtais, le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile. |
| 1.1.6 | Cur chuige uile-chórais a ghlacadh i leith Bainistíocht Riosca agus bainistíocht Rialuithe Inmheánacha – ar fud gach réimse | Soláthrófar oiliúint i mBainistíocht Riosca do bhainisteoirí ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Oiliúint i mBainistíocht Riosca a bheith sceidealaithe agus | Oiliúint i mBainistíocht Riosca a bheith curtha i gcrích. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | agus leibhéal den eagraíocht. Áirítear leis sin comhpháirtíochtaí féideartha (e.g., conraitheoirí, soláthraithe tríú páirtí) a thomhas ó thaobh riosca de agus comhaontuithe seirbhíse agus comhaontuithe eile a chur i bhfeidhm le gach geallsealbhóir. | | gach bainisteoir a bheith páirteach inti. | |
| 1.1.7 | Comhaltas de gach Bord agus Coiste de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a athbhreithniú, lena n-áirítear Téarmaí Tagartha gach Boird, Coiste agus líonra inmheánaigh. Déanfar féinmheasúnuithe ar Bhoird/Coistí ar bhonn bliantúil. Forbrófar teimpléid do chláir oibre chaighdeánaithe agus do mhiontuairiscí caighdeánaithe. | Cuirfidh an Bord, an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca oiliúint rialachais i gcrích. | An Bord agus Coistí Alt 45 a bheith páirteach in oiliúint rialachais. | Oiliúint i rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna a bheith curtha i gcrích. |
| 1.1.8 | Athbhreithniú a dhéanamh ar obair Bhord agus Choistí Alt 45 (an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais) an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus a chinneadh conas a leanfaidh siad le ról straitéiseach a imirt sa todhchaí. | Úsáidfear an próiseas féinmheasúnaithe chun ról agus feidhm an Bhoird agus a Choistí a athbhreithniú. | An próiseas féinmheasúnaithe a bheith curtha i gcrích agus meastóireacht a bheith déanta ar na freagraí. | An féinmheasúnú agus an mheastóireacht a bheith curtha i gcrích faoi ráithe 3 den bhliain 2023. |
| 1.1.9 | Guth an mhic léinn/an fhoghlaimeora a neartú ar fud struchtúir rialachais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Leanfaidh an Fóram nua Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna le teacht le chéile sa bhliain 2023.<br>Iniúchfar an fhéidearthacht atá ann Fóram Mac Léinn Scoile a bhunú, áit a ndéanfar ionadaíocht do gach Comhairle Mac Léinn. | An Fóram Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna a bheith ag teacht le | Cruinnithe de chuid an Fhóraim Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna a bheith tionólta. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | chéile go tráthrialta.<br>Anailís a bheith déanta ar luach an Fhóraim Mac Léinn Scoile. | An Fóram Mac Léinn Scoile a bheith ar bun agus cruinnithe de chuid an Fhóraim a bheith tionólta. |
| 1.1.11 | Creat Nuálaíochta a fhorbairt agus foireann Nuálaíochta a bhunú. Córais athbhreithniúcháin agus mheastóireachta a fhorbairt chun tacú leis an nuálaíocht ar fud na heagraíochta. | Forbrófar Creat Nuálaíochta don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar fud scoileanna, ionaid bhreisoideachais agus oiliúna agus seirbhísí tacaíochta. | An próiseas tairisceana le haghaidh tacaíocht a thabhairt le linn an Creat Nuálaíochta a fhorbairt a bheith curtha i gcrích. | Scóip an Chreata Nuálaíochta a bheith measta agus an Creat a bheith á fhorbairt. |
| 1.1.12 | Cairt Custaiméirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chur chun feidhme ina hiomláine ar fud gach réimse. | Glacfar páirt sa chomórtas maidir le sármhaitheas i seirbhís do chustaiméirí mar chuid de Lá na mBord Oideachais agus Oiliúna.<br>Déanfar athbhreithniú ar Chairt Custaiméirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus sainaithneofar aon réimsí lena bhforbairt. | Páirt a bheith glactha i Lá na mBord Oideachais agus Oiliúna agus sna comórtais a reáchtáladh lena linn.<br>Athbhreithniú ar an gCairt Custaiméirí a bheith curtha i gcrích agus leasuithe a bheith déanta nuair ba ghá. | A bheith den tuairim go raibh Lá na mBord Oideachais agus Oiliúna ina chleachtadh rathúil maidir leis an mBord Oideachais agus Oiliúna a cheiliúradh, a chur chun cinn agus a mhargú.<br>Leagan nuashonraithe den Chairt Custaiméirí a bheith i bhfeidhm. |
| 1.1.14 | Clár a fhorbairt chun cleachtais athmhachnamhacha agus cleachtais aisiríocha a chur chun | Déanfar athbhreithniú ar an úsáid a bhaintear as Cleachtais Aisiríocha ar fud ár 13 scoil. Sainaithneofar tuilleadh riachtanas oiliúna/forbartha gairmiúla leanúnaí do scoileanna. | Athbhreithniú ar Chleachtais Aisiríocha i | Athbhreithniú agus anailís a bheith curtha i gcrích. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | feidhme ar fud gach réimse den Bhord Oideachais agus Oiliúna. | Oibreoidh an fhoireann cáilíochta i gcomhar leis an Tionscnamh Forbartha don Óige chun micridhintiúr i gCleachtais Aisiríocha a fhorbairt. | scoileanna a bheith curtha i gcrích. Micridhintiúr i gCleachtais Aisiríocha a bheith forbartha. | Micridhintiúr i gCleachtais Aisiríocha a bheith forbartha faoi ráithe 4 den bhliain 2023. |
| 1.1.15 | Clár breisithe Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa a chur chun feidhme, áit a ndéanfar iniúchtaí agus athbhreithnithe, a gcuirfear sceideal oiliúna chun feidhme agus a bhforbrófar foirmeacha teimpléadacha. | Forbrófar clár Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa don bhliain 2023, lena n-áireofar mionsonraí faoi chuairteanna ar choláistí agus ar ionaid agus lena dtabharfar tacaíocht chun freagairt do mholtaí iniúchta. | Clár Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa don bhliain 2023 a bheith forbartha agus ceadaithe ag an bhFoireann Ardbhainistíochta. | Clár Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa a bheith ceadaithe faoi ráithe 2 den bhliain 2023. |
| 1.1.18 | Cur chuige struchtúrtha a chur chun feidhme i leith beartais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú. | Athbhunófar an córas um beartais a athbhreithniú agus a fhorbairt. | Córas um beartais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a athbhreithniú agus a fhorbairt a bheith i bhfeidhm. | Cur chuige struchtúrtha i leith beartais a fhorbairt agus a athbhreithniú a bheith i bhfeidhm faoi ráithe 3 den bhliain 2023. |
| 1.1.19 | Caighdeáin Ghaeilge a chur chun feidhme ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí chláir a fhorbairt agus trí oiliúint a chur i bhfeidhm do bhaill foirne. | Forbrófar caighdeáin Ghaeilge don Bhord Oideachais agus Oiliúna chun an Scéim Teanga a forbraíodh roimhe seo a chomhlánú. Sainaithneofar na hacmhainní agus an oiliúint a theastaíonn chun na hoibleagáidí atá orainn ina leith sin a chomhlíonadh. | Caighdeáin Ghaeilge a bheith i bhfeidhm. | Caighdeáin Ghaeilge a bheith i bhfeidhm agus na hoibleagáidí a bhaineann leis na caighdeáin sin a bheith á gcomhlíonadh faoi ráithe 4 den bhliain 2023. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1.1.20 | Comhdhlúthú córas airgeadais agus uathoibriú próiseas a bhaint amach chun bainistíocht, buiséadú agus tuairisciú airgeadais a fheabhsú. | Triailfear Céim 1 den Aistriú ó SAP chuig SUN (Buiséadú agus Íocaíochtaí) do Chláir Sócmhainní ar Líne um Sholáthar go hÍoc. Cuirfidh an fhoireann Foirgneamh Clár Réadmhaoine chun feidhme. | An t-aistriú ó SAP chuig SUN a bheith curtha i gcrích.<br>Cláir Sócmhainní ar Líne um Sholáthar go hÍoc a bheith triailte.<br>Clár Réadmhaoine a bheith curtha chun feidhme. | Céim 1 den Aistriú ó SAP chuig SUN (Buiséadú agus Íocaíochtaí) a bheith i bhfeidhm i ráithe 1 den bhliain 2023.<br>Cláir Sócmhainní ar Líne um Sholáthar go hÍoc a bheith triailte faoi ráithe 2 den bhliain 2023.<br>Clár Réadmhaoine a bheith curtha chun feidhme ag an bhfoireann Foirgneamh faoi ráithe 1-2 den bhliain 2023. |
| 1.1.21 | An tsamhail um sholáthar seirbhísí comhroinnte a chur i bhfeidhm agus a chothabháil don phárolla foirne agus foghlaimeoirí i gcomhar leis na foirne um Sheirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais de chuid na Roinne Oideachais. | Soláthrófar an tionscadal um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla atá á reáchtáil ag Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais. Déanfar réiteach tuairiscithe a chruthú agus a chur chun feidhme chun áit na huirlise reatha tuairiscithe a ghlacadh. | An tionscadal um sheirbhísí comhroinnte párolla atá á reáchtáil ag Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais a bheith curtha chun feidhme.<br>Tuairisciú Insight a bheith in úsáid, in ionad tuairisciú faisnéise gnó. | An tionscadal um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla atá á reáchtáil ag Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais a bheith curtha chun feidhme i ráithe 3 den bhliain 2023.<br>Tuairisciú Insight a bheith curtha chun feidhme. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1.1.22 | Comhoibriú le Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais chun cabhrú le samhail um sheirbhísí comhroinnte a sholáthar amach anseo le haghaidh oibríochtaí airgeadais agus chun pleanáil don tsamhail sin. | Rannchuideofar leis an gcomhairliúchán atá á reáchtáil ag Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais ar an Dearadh ar Spriocshamhail Oibriúcháin.<br>Tabharfar ceannaireacht shinsearach feidhmiúcháin go leanúnach ar ghrúpaí stiúrtha náisiúnta. | Páirt a bheith glactha sa Chomhairliúchán atá á reáchtáil ag Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais ar an Dearadh ar Spriocshamhail Oibriúcháin.<br>Ról a bheith imeartha ar ghrúpaí stiúrtha náisiúnta. | Páirt a bheith glactha sa Chomhairliúchán atá á reáchtáil ag Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais ar an Dearadh ar Spriocshamhail Oibriúcháin i ráithe 1-2 den bhliain 2023. |
| 1.1.23 | Cur leis an gcumas atá ag an bhfeidhm tuairiscithe deaise airgeadais, agus leis an úsáid a bhaintear aisti, chun faisnéis airgeadais atá cothrom le dáta a thabhairt don lucht ardbhainistíochta chun cabhrú leis an gcinnteoireacht. | Cuirfear Leagan 1.2 den deais airgeadais chun feidhme don Rannán Breisoideachais agus Oiliúna.<br>Soláthrófar oiliúint agus tacaíocht don fhoireann ardbhainistíochta.<br>Déanfar rannchuidiú le céim an deartha le haghaidh cumas samhaltaithe agus réamhaisnéisithe airgeadais amach anseo. | Leagan 1.2 den deais airgeadais a bheith curtha chun feidhme don Rannán Breisoideachais agus Oiliúna.<br>Oiliúint a bheith curtha i gcrích agus tacaíocht a bheith ar fáil d’ardbhainisteoirí.<br><br>Páirt a bheith glactha i gcéim an | Leagan 1.2 den deais airgeadais a bheith curtha chun feidhme don Rannán Breisoideachais agus Oiliúna i ráithe 1 den bhliain 2023.<br>Oiliúint agus tacaíocht a bheith soláthartha don fhoireann ardbhainistíochta i ráithe 1-2 den bhliain 2023.<br><br>Rannchuidiú a bheith déanta le |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | deartha le haghaidh samhaltú agus réamhaisnéisiú airgeadais amach anseo. | céim an deartha le haghaidh cumas samhaltaithe agus réamhaisnéisithe airgeadais amach anseo i ráithe 2-3 den bhliain 2023. |
| 1.1.24 | Buiséadú láraithe a chur chun feidhme don bhreisoideachas agus oiliúint, ar buiséad é a bheidh ailínithe le ceanglais shamhail nua cistiúcháin SOLAS chun acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do chláir, chun freastal ar na riachtanais atá ag foghlaimeoirí agus chun tuairisciú buiséadaithe agus bainistíochta níos fearr a sholáthar. | Comhtháthófar buiséid do sheirbhísí oiliúna.<br>Déanfar rannchuidiú leis an gcomhairliúchán náisiúnta ar shamhail nua cistiúcháin do bhreisoideachas agus oiliúint. | Buiséid do sheirbhísí oiliúna a bheith comhtháthaithe. Rannchuidiú a bheith déanta leis an bpróiseas comhairliúcháin náisiúnta ar shamhail nua cistiúcháin do bhreisoideachas agus oiliúint. | Buiséid do sheirbhísí oiliúna a bheith comhtháthaithe i ráithe 1 den bhliain 2023. |
| 1.1.26 | Ceanglais reachtúla tuairiscithe pinsean a chur chun feidhme i gcomhar le Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais, leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus le Tascghrúpa Pinsean Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann. | Déanfar réiteach tuairiscithe pinsean a chur chun feidhme agus a thástáil mar chuid den tionscadal um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla atá á reáchtáil ag Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais.<br>Déanfar rannchuidiú leanúnach leis an nGrúpa Oibre um Fheabhsúchán Pinsean atá á reáchtáil ag Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais. | Réiteach tuairiscithe pinsean a bheith curtha chun feidhme agus tástáilte mar chuid den tionscadal um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla atá á reáchtáil ag Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais. | Réiteach tuairiscithe pinsean a bheith curtha chun feidhme agus tástáilte i ráithe 1-2 den bhliain 2023 mar chuid den tionscadal um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla atá á reáchtáil ag Seirbhísí |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Comhroinnte Gnó Oideachais. |
| 1.1.28 | Éiteas Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman a chur chun feidhme ar fud na scoileanna uile. | Scaipfear faisnéis faoi Chreat an Phátrúin ar gach scoil ar bhealach struchtúrtha. | Faisnéis faoi Chreat an Phátrúin a bheith scaipthe ar gach scoil. | Faisnéis faoi Chreat an Phátrúin a bheith scaipthe ar gach scoil le linn na bliana 2023. |
| 1.1.29 | STEAM/STEM a chur chun cinn ar fud ár scoileanna – féachaint le rannpháirtíocht a mhéadú. | Oibreofar i gcomhpháirt go gníomhach le CALMAST chun imeachtaí a reáchtáil agus a chur chun cinn le linn Sheachtain na hEolaíochta.<br>Cuirfear deontas taighde eolaíochta ar fáil do scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.<br>Spreagfar rannpháirtíocht in imeachtaí náisiúnta eolaíochta amhail SciFest agus Taispeántas na nEolaithe Óga.<br>Foilseofar Irisleabhar Eolaíochta (a bheith ar oscailt d'aighneachtaí ó gach foghlaimeoir i scoileanna agus in ionaid).<br>Leanfar leis na modúil Bhithéagsúlachta (Citizen Science agus Fálta Sceach) a sholáthar do gach scoil agus gach ionad ábhartha. | Páirt a bheith glactha ag an mBord Oideachais agus Oiliúna i Seachtain na hEolaíochta.<br>Deontais taighde a bheith curtha ar fáil do scoileanna.<br>Irisleabhar Eolaíochta a bheith foilsithe.<br>Modúil bhithéagsúlachta a bheith soláthartha. | Seastáin a bheith reáchtáilte ag an mBord Oideachais agus Oiliúna le linn Sheachtain na hEolaíochta.<br><br>Deontais taighde a bheith scaipthe ar scoileanna.<br>Irisleabhar Eolaíochta a bheith foilsithe sa bhliain 2023. |
| 1.1.32 | Clár Oideachais agus Oiliúna Allamuigh an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt, ar clár é a bheidh i gcomhréir leis an bhfís don tsaoráid úrscothach nua ag Sliabh Fhothart, Loch Garman. | Cuirfear an tionscadal bonneagair ag Sliabh Fhothart ar aghaidh i gcomhar le Comhairle Contae Loch Garman.<br>Cuirfear bunú an tí bád ar an láithreán i gcrích trí shaoráidí leithris agus cithfholcadáin a sholáthar, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann láithreacht fhisiciúil a bhunú ag Sliabh Fhothart. | An teach bád a bheith i bhfeidhm ag Sliabh Fhothart agus cúrsaí de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith á reáchtáil ón láthair nua. | An teach bád a bheith i mbun feidhme faoi Shamhradh na bliana 2023.<br>Cead pleanála a bheith curtha isteach don Ionad Gníomhaíochtaí. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Cead pleanála a bheith curtha isteach don Ionad Gníomhaíochtaí. | |
| 1.1.33 | Cláir chosanta – cúnamh a thabhairt don Roinn Oideachais freastal ar na riachtanais a eascróidh as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus ar an soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. | Earcófar Comhordaitheoir agus duine tacaíochta REALT. | Comhordaitheoir agus duine tacaíochta REALT a bheith i bhfeidhm. | Comhordaitheoir agus duine tacaíochta REALT a bheith i bhfeidhm faoi ráithe 1 den bhliain 2023. |
| 1.1.34 | Straitéis cúig bliana a fhorbairt agus a chur chun feidhme do Ghiniúint Ceoil Loch Garman, ar aon dul le cuspóirí na straitéise náisiúnta um Ghiniúint Ceoil. | Forbrófar straitéis do Ghiniúint Ceoil Loch Garman. Cuirfear comhpháirtíocht áitiúil Oideachais Ceoil i bhfeidhm agus comhaontófar téarmaí tagartha. Tacófar leis an Oifig Náisiúnta um Ghiniúint Ceoil an ceiliúradh 10 mbliana atá beartaithe aici a eagrú. | Comhpháirtíocht áitiúil Oideachais Ceoil a bheith i bhfeidhm do Loch Garman agus Téarmaí Tagartha a bheith comhaontaithe. Comhairliúchán le haghaidh an straitéis cúig bliana a fhorbairt a bheith seolta. | Comhpháirtíocht áitiúil Oideachais Ceoil a bheith i bhfeidhm faoi ráithe 2 den bhliain 2023. Comhairliúchán ar an straitéis nua a bheith curtha i gcrích sa bhliain 2023. |
| 1.1.35 | Straitéis cúig bliana a fhorbairt agus a chur chun feidhme do Ghiniúint Ceoil Phort Láirge, ar aon dul le cuspóirí na straitéise náisiúnta um Ghiniúint Ceoil. | Forbrófar straitéis do Ghiniúint Ceoil Phort Láirge. Cuirfear comhpháirtíocht áitiúil Oideachais Ceoil i bhfeidhm agus comhaontófar téarmaí tagartha. Tacófar leis an Oifig Náisiúnta um Ghiniúint Ceoil an ceiliúradh 10 mbliana atá beartaithe aici a eagrú. | Comhpháirtíocht áitiúil Oideachais Ceoil a bheith i bhfeidhm do Phort Láirge agus Téarmaí Tagartha a bheith comhaontaithe. Comhairliúchán le | Comhpháirtíocht áitiúil Oideachais Ceoil a bheith i bhfeidhm faoi ráithe 2 den bhliain 2023. Comhairliúchán ar an straitéis nua a bheith curtha i |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | haghaidh an straitéis cúig bliana a fhorbairt a bheith seolta. | gcrích sa bhliain 2023. |
| 1.1.36 | Trí chomórtais agus trí thaispeántais, deiseanna a fhorbairt do mhic léinn/foghlaimeoirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chun cur leis an gcoincheap a bhaineann le pobal comhleanúnach a bheith ann laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. | Tacófar le rannpháirtíocht foghlaimeoirí in imeachtaí náisiúnta amhail WorldSkills, SciFest, Taispeántas na nEolaithe Óga, Junk Couture, taispeántais ealaíne, agus tionscadail Éire Ildánach. Glacfaidh scoileanna páirt ghníomhach in imeachtaí cultúir agus spóirt ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Áireofar leis sin malartuithe le scoileanna eile san Eoraip. | An Bord Oideachais agus Oiliúna a bheith ag tacú le rannpháirtíocht mac léinn/foghlaimeoirí in imeachtaí náisiúnta. | An Bord Oideachais agus Oiliúna a bheith ag tacú le rannpháirtíocht mac léinn/foghlaimeoirí in imeachtaí náisiúnta. |

**1.2 Tosaíocht Straitéiseach: Cáilíocht sa Teagasc agus san Fhoghlaim**

| | **Gníomh Straitéiseach** | **Gníomhartha sa bhliain 2023** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta** | **Spriocanna** |
|---|---|---|---|---|
| 1.2.1 | Cur chuige cuimsitheach i leith an oideachais agus na hoiliúna a leabú agus straitéisí a fhorbairt chun bacainní ar rannpháirtíocht a laghdú. | Pobal Cleachtais na gComhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais – forbrófar teimpléid chomhroinnte le haghaidh Pleananna Tacaíochta Mic Léinn.<br>Leanfaidh an Fhoireann Foghlama Digití le hionchur a sholáthar maidir le huirlisí inrochtaineachta i Sraith MS.<br>Soláthrófar tuilleadh forbartha gairmiúla leanúnaí/oiliúna i scagadh agus i dtástáil dhiagnóiseach.<br>Cuirfear Céim 2 de thionscnamh Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann um Léarscáiliú Soláthair i bhfeidhm sna scoileanna atá fágtha. Leanfar leis an Treoirghrúpa Cóitseálaithe Cuimsithe a fhorbairt.<br>Leanfar le comhoibriú leis an bhFoireann Foghlama Digití chun uirlisí inrochtaineachta a leabú laistigh dár bPobail Chleachtais, de réir mar a iarrtar é sin. | Teimpléid chomhroinnte do Chomhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais a bheith forbartha agus scaipthe.<br>Forbairt ghairmiúil leanúnach i scagadh agus i dtástáil dhiagnóiseach a bheith eagraithe. | Teimpléid a bheith scaipthe.<br>Forbairt ghairmiúil leanúnach i scagadh agus i dtástáil dhiagnóiseach a bheith seolta.<br>Plean a bheith forbartha le haghaidh tacaí d’fhoghlaimeoirí a chomhordú ar fud an Bhoird |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Leanfar leis an bPobal Cleachtais do mhúinteoirí Béarla mar Theanga Bhreise a fhorbairt agus a fhás.<br>Tacóidh an tOifigeach Rochtana agus Cuimsithe Breisoideachais agus Oiliúna le bainisteoirí tacaí comhsheasmhacha a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí ar fud breisoideachais agus oiliúna. | An tionscnamh um léarscáiliú soláthair a bheith curtha i bhfeidhm sna scoileanna atá fágtha.<br><br>Léarscáiliú agus anailísiú a bheith á ndéanamh ar an soláthar reatha tacaí d'fhoghlaimeoirí ar fud breisoideachais agus oiliúna.<br>Plean a bheith forbartha le haghaidh tacaí d'fhoghlaimeoirí a chomhordú laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. | Oideachais agus Oiliúna. |
| 1.2.3 | Struchtúr a fhorbairt chun tacú leis an anailís ar ghnóthachtáil acadúil ar fud scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Bunófar grúpa oibre laistigh den fhoireann Oideachais. | Grúpa oibre a bheith i bhfeidhm chun tacú leis an anailís ar ghnóthachtáil acadúil ar fud scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Grúpa oibre a bheith i bhfeidhm agus Téarmaí Tagartha a bheith comhaontaithe. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1.2.4 | Beartas institiúideach a fhorbairt maidir leis an bhFoghlaim Chumaisc ar fud chláir bhreisoideachais agus oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Ceadófar Beartas maidir leis an bhFoghlaim Chumaisc Breisoideachais agus Oiliúna agus tosófar ar chláir chumaisc a sholáthar sa bhliain 2023. | Beartas a bheith i bhfeidhm agus cláir chumaisc breisoideachais agus oiliúna a bheith ar siúl sa bhliain 2023. | Beartas a bheith i bhfeidhm agus cláir chumaisc breisoideachais agus oiliúna a bheith ar siúl sa bhliain 2023. |
| 1.2.5 | Modhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe atá nua-aimseartha agus forásach a leabú, lena n-áirítear modheolaíochtaí agus teicneolaíochtaí foghlama cumaisc. | Leanfar leis an gClár do Phríomhchleachtóirí Phrionsabail Magenta a sholáthar i scoileanna.<br>Leanfar le foirne Teagaisc agus Foghlama a fhorbairt agus a fhás i ngach scoil.<br>Déanfar tuilleadh forbartha ar 14 Phobal Cleachtais trascholáiste d'ábhair shonracha agus do chomhordaitheoirí cláir.<br>Leanfar le comhoibriú leis an bhFoireann Foghlama Digití laistigh de ghníomhaíochtaí gach Pobail Cleachtais.<br>Cuirfear Líonra Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe Breisoideachais agus Oiliúna i bhfeidhm agus pleanálfar clár cruinnithe don bhliain 2023. | An clár um Prionsabail Magenta a bheith á sholáthar i scoileanna.<br>Pobail Chleachtais atá éifeachtach agus freagrúil a bheith i bhfeidhm.<br>Líonra Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe Breisoideachais agus Oiliúna a bheith i bhfeidhm. | Gach scoil a bheith páirteach sa chlár um Prionsabail Magenta.<br>Pobail Chleachtais a bheith ag oibriú go héifeachtach.<br>Líonra Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe Breisoideachais agus Oiliúna a bheith i mbun oibre. |
| 1.2.6 | Méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na mban i gcláir cúrsaí oiliúna agus cláir phrintíseachta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Leanfar le scoláireacht printíseachta ban an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a sholáthar. | Scoláireacht Printíseachta Ban a bheith i bhfeidhm. | Méadú a bheith tagtha ar an líon iarratas a fuarthas ar an Scoláireacht Printíseachta Ban. |
| 1.2.7 | Beartais chuí agus nósanna imeachta cuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le hionracas acadúil ar fud na gclár uile. | Cuirfear beartas um Míchleachtas Measúnaithe Breisoideachais agus Oiliúna i bhfeidhm agus comhoibreofar go leanúnach le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus le QQI maidir le hionracas acadúil. | Beartas um Míchleachtas Measúnaithe a bheith i bhfeidhm. | Beartas um Míchleachtas Measúnaithe a bheith i bhfeidhm. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1.2.8 | Struchtúr láidir a fhorbairt le haghaidh dul i dteagmháil le fostóirí i ndáil le taithí oibre agus socrúcháin oibre, lena n-áirítear athbhreithnithe comhsheasmhacha ar shocrúcháin oibre/taithí oibre. A chinntiú go gcuirfear an beartas um thaithí oibre chun feidhme go comhsheasmhach ar fud gach Coláiste agus Ionaid. | Nuashonrófar an beartas um Thaithí Oibre agus cuirfear an beartas chun feidhme go comhsheasmhach ar fud ár scoileanna uile.<br>Cuirfear Beartas an Bhoird Oideachais agus Oiliúna um Thaithí Oibre i bhfeidhm. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar thaithí oibre agus ar chleachtais socrúcháin oibre i mbreisoideachas agus oiliúint, lena n-áirítear rannpháirtíocht fostóirí. | An beartas um Thaithí Oibre a bheith athbhreithnithe agus nuashonraithe do scoileanna.<br>Athbhreithniú agus faireachán leanúnach a bheith á ndéanamh ar thaithí oibre ar fud scoileanna agus ar fud cláir bhreisoideachais agus oiliúna. | Beartas um Thaithí Oibre a bheith i bhfeidhm agus athbhreithniú agus faireachán leanúnach a bheith á ndéanamh ar thaithí oibre. |
| 1.2.9 | Athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chiste Breisoideachais agus Oiliúna do mhic léinn/foghlaimeoirí faoi mhíchumas, chun a chinntiú go mbíonn cuspóirí an Chiste á mbaint amach. | Tacófar leis an Oifigeach Rochtana agus Cuimsithe an Ciste do mhic léinn/foghlaimeoirí faoi mhíchumas a chur chun feidhme.<br>Forbrófar plean do Chiste Tacaíochta Foghlaimeoirí do sholáthar páirtaimseartha, a bheidh cosúil leis an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas do Choláistí Iar-Ardteistiméireachta. | An ciste a bheith scaipthe go rathúil ar mhic léinn/foghlaimeoirí faoi mhíchumas.<br>Plean a bheith i bhfeidhm do Chiste Tacaíochta Foghlaimeoirí do sholáthar páirtaimseartha. | Plean a bheith forbartha do Chiste Tacaíochta Foghlaimeoirí do sholáthar páirtaimseartha. |
| 1.2.10 | Treoirchlár a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh soláthar malartach do dhaoine idir 12 bhliain d'aois agus 14 bliana d'aois a d'fhág an t-oideachas príomhshrutha. An treoirchlár a athbhreithniú agus féachaint le | Lorgófar ceadú ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun Comhordaitheoir a earcú chun tacú leis an gclár um Sholáthar Malartach Ógtheagmhála a chur i bhfeidhm, ar clár é atá beartaithe don bhliain 2023. | Comhordaitheoir a bheith i bhfeidhm chun tacú leis an gclár a chur i bhfeidhm. | Cláir um Sholáthar Malartach Ógtheagmhála a bheith seolta sa bhliain 2023. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | soláthar a chur ar fáil chun freastal ar na riachtanais atá ann ar fud Phort Láirge agus Loch Garman. | | | |

**1.3 Tosaíocht Straitéiseach: Earcaíocht agus Ionduchtú**

| | **Gníomh Straitéiseach** | **Plean Seirbhíse 2023 – Plean lena sholáthar sa bhliain 2023** | | |
|---|---|---|---|---|
| 1.3.1 | Gach próiseas agus doiciméad earcaíochta a chaighdeánú ar aon dul leis an dea-chleachtas san earnáil phoiblí. | Déanfar próisis earcaíochta a dhoiciméadú agus a chomhroinnt le geallsealbhóirí. Déanfar doiciméid earcaíochta a nuashonrú agus a chomhroinnt tríd an inlíon agus trí oiliúint. | Doiciméid phróisis a bheith i bhfeidhm agus a bheith scaipthe ar gheallsealbhóirí. | Doiciméid phróisis a bheith i bhfeidhm agus a bheith scaipthe ar gheallsealbhóirí. |
| 1.3.2 | Bainistiú a dhéanamh ar an aistriú chuig ríomh-Earcaíocht do gach comórtas earcaíochta. | Tacófar leis an aistriú chuig ríomh-Earcaíocht, a luaithe a bheidh Seirbhísí Comhroinnte Párolla curtha chun feidhme. | Pleanáil a bheith á déanamh don aistriú chuig ríomh-Earcaíocht. | Pleanáil do ríomh-Earcaíocht a bheith curtha i gcrích. |
| 1.3.3 | Comhoibriú le Coláistí Oiliúna Múinteoirí chun tacú le hearcaíocht múinteoirí i margadh fostaíochta a bhíonn ag éirí níos iomaíche i gcónaí. | Déanfar ionadaíocht do scoileanna ag laethanta Gairmeacha/Earcaíochta a reáchtálfaidh coláistí, nuair is féidir.<br>Rachfar i dteagmháil le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt maidir le forbairt fhéideartha clár. | Feachtas margaíochta a bheith ar siúl maidir leis an bhfáil ar róil mhúinteora ar fud scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Feachtas margaíochta a bheith ar siúl sa bhliain 2023. |
| 1.3.4 | Tríd an bpróiseas earcaíochta, a chinntiú go mbeidh ag baill foirne an cumas agus an tsolúbthacht a theastaíonn chun cúraimí a chur i gcrích in áit oibre nua-aimseartha (e.g., scileanna TF, tras-scileanna) agus go n-urramóidh baill foirne earcaithe luachanna an Bhoird | Forbrófar clár Ionduchtúcháin do bhaill foirne nua. | An próiseas tairisceana le haghaidh clár Ionduchtúcháin a fhorbairt do bhaill foirne nua a thagann isteach sa Bhord Oideachais | Cuideachta a bheith roghnaithe chun tacú leis an gclár Ionduchtúcháin a fhorbairt. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Oideachais agus Oiliúna, mar atá curtha in iúl sa Ráiteas Straitéise. | | agus Oiliúna a bheith curtha i gcrích. | |
| 1.3.5 | An bhuíon comhaltaí de phainéil agallaimh a leathnú chun a chinntiú go mbeidh réimse leathan saineolais aici. Cuirfear oiliúint agallaimh i bhfeidhm do bhaill foirne atá páirteach i bPainéil Agallaimh, lena n-áirítear i réimsí amhail oiliúint inniúlachtbhunaithe, oiliúint i gComhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, oiliúint i gClaonadh Neamh-Chomhfhiosach, agus oiliúint Rochtana. | Forbrófar oiliúint agallaimh do chomhaltaí de phainéil agallaimh agus tabharfaidh siad faoin oiliúint sin. Áireofar leis sin modúil ríomhfhoghlama a fhorbairt d'oiliúint inniúlachtbhunaithe. Mar chuid den oiliúint do róil scoile, soláthrófar faisnéis faoi éiteas scoileanna/creat an phátrúin agus faoin gcreat 'Ag Breathnú ar an Scoil Againne'. | Oiliúint a bheith seolta do chomhaltaí de phainéil agallaimh. | Oiliúint bhliantúil a bheith sceidealaithe do chomhaltaí de phainéil agallaimh. |
| 1.3.6 | Clár Ionduchtúcháin ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt do bhaill foirne nua. | Forbrófar clár ionduchtúcháin don Bhord Oideachais agus Oiliúna agus cuirfear in oiriúint do ghrúpaí sonracha foirne é. | An próiseas tairisceana le haghaidh clár Ionduchtúcháin a fhorbairt do bhaill foirne nua a bheith curtha i gcrích. | Cuideachta a bheith roghnaithe chun tacú leis an gclár Ionduchtúcháin a fhorbairt do bhaill foirne nua. |
| 1.3.7 | Clár Ionduchtúcháin ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt, lena n-áirítear tacaíocht shaincheaptha d'fhostaithe nua agus córas páirtíochta a fhorbairt. | Forbrófar clár Ionduchtúcháin do bhaill foirne nua. Forbrófar córas struchtúrtha páirtíochta. | An próiseas tairisceana le haghaidh clár Ionduchtúcháin a fhorbairt do bhaill foirne nua a thagann isteach sa Bhord Oideachais agus Oiliúna a bheith curtha i gcrích. | Cuideachta a bheith roghnaithe chun tacú leis an gclár Ionduchtúcháin a fhorbairt. Treoirchóras páirtíochta a bheith i bhfeidhm sa bhliain 2023. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Scóip an chórais páirtíochta a bheith measta do bhaill foirne nua. | |
| 1.3.8 | Cairt Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chur chun feidhme chun tacú le fórsa saothair éagsúil. | Déanfar Cairt Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt agus a chur chun feidhme. | Cairt an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith forbartha agus scaipthe ar gach ball foirne. | Cairt an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith i bhfeidhm agus scaipthe ar gach ball foirne. An Chairt a bheith ar fáil i ngach foirgneamh de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |

**1.4 Tosaíocht Straitéiseach: Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil/Forbairt Ghairmiúil Leanúnach**

| | **Gníomh Straitéiseach** | **Gníomhartha sa bhliain 2023** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **Spriocanna** |
|---|---|---|---|---|
| 1.4.2 | An tsamhail um Pobail Chleachtais atá ar bun ar fud na heagraíochta a fhorbairt tuilleadh chun feabhas a chur ar chleachtas comhoibríoch, lena n-áirítear chun líonraí tacúla a bhunú ar fud seirbhísí teagaisc agus riaracháin. | Leanfar leis an gClár do Phríomhchleachtóirí Phrionsabail Magenta a sholáthar i scoileanna.<br>Leanfar le foirne Teagaisc agus Foghlama a fhorbairt agus a fhás i ngach scoil.<br>Leanfar de 14 Phobal Cleachtais trascholáiste d'ábhair shonracha agus do chomhordaitheoirí agus déanfar tuilleadh forbartha orthu. | An clár um Prionsabail Magenta a bheith á sholáthar i scoileanna.<br>Pobail Chleachtais atá éifeachtach agus freagrúil a bheith i bhfeidhm. | Gach scoil a bheith páirteach sa chlár um Prionsabail Magenta.<br>Pobail Chleachtais a bheith ag oibriú go héifeachtach. |
| 1.4.3 | Oiliúint rialachais a sholáthar do Choistí, do Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, do | Tabharfaidh comhaltaí Boird agus comhaltaí Coiste faoi oiliúint rialachais. | Oiliúint rialachais a bheith curtha i gcrích ag comhaltaí | Oiliúint rialachais a bheith curtha i gcrích ag comhaltaí |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Bhainisteoirí agus do bhaill foirne a dhéanann ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar Bhoird/Coistí rialachais agus formhaoirseachta. | | Boird agus ag comhaltaí Coiste sa bhliain 2023. | Boird agus ag comhaltaí Coiste sa bhliain 2023. |
| 1.4.5 | Cur leis an gcaidreamh a forbraíodh le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt chun tacú le forbairt ghairmiúil agus chun bogadh i dtreo oideachas treasach aontaithe a bhaint amach. | Mar chuid d'fhoghlaim agus forbairt ghairmiúil agus i gcomhpháirt le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, soláthrófar sraith máistir-ranganna ar líne ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú. Tá teastais leantacha agus dioplóma ar fáil sa réimse sin freisin.<br>Mar chuid d'fhoghlaim agus forbairt ghairmiúil, tacófar le baill foirne an Bhoird Oideachais agus Oiliúna tabhairt faoi chúrsaí teagaisc agus foghlama (leibhéal 6 go leibhéal 9).<br>Soláthróidh an Bord Oideachais agus Oiliúna teastas i ndéantúsaíocht agus in innealtóireacht deartha i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt. | Muinín bhreisithe a bheith ann as an gcumas atá ag an mBord Oideachais agus Oiliúna agus ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt cláir chomhpháirteacha a sholáthar agus obair le chéile ar thionscnaimh. | Baill foirne an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith ag tabhairt faoin bhfoghlaim agus forbairt ghairmiúil a thairgeann Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt. |
| 1.4.7 | Clár Ceannaireachta Scoileanna a chur chun feidhme ar fud gach Scoile agus Coláiste. | Déanfar tuilleadh forbartha ar an tionscnamh seo sa bhliain 2023. Is é a bheidh i gceist leis sin dhá lá ceannaireachta sinsearaí agus ceardlann aon lae do gach Príomhoide Cúnta I (an bhliain 2022/2023). | Clár Ceannaireachta Scoile a bheith seolta sa bhliain 2023. | Clár Ceannaireachta Scoile – dhá lá ceannaireachta agus lá ceardlainne amháin – a bheith curtha i gcrích sa bhliain 2023. |

# Sprioc Straitéiseach 2
# Scoileanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí

**2.1 Tosaíocht Straitéiseach: Saoráidí**

| | **Gníomh Straitéiseach** | **Gníomhartha sa bhliain 2023** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **Spriocanna** |
|---|---|---|---|---|
| 2.1.1 | Scoileanna agus ionaid atá beartaithe a sholáthar trí chaidreamh réamhghníomhach leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir le tionscadail bhonneagair cheadaithe. Áirítear na nithe seo leis na tionscadail tosaíochta sa Bhreisoideachas agus Oiliúint: Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí i mBaile Loch Garman (an Muileann Bán), Ionad Oiliúna Phort Láirge (tionscadal Techniform), Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí i gCathair Phort Láirge/saoráid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt i Sráid an Choláiste, Ionad na Comhghuaillíochta um Fhoirgnimh | Cuirfear na tionscadail foirgneamh scoile ar aghaidh ar aon dul leis na próisis agus na hamlínte a leag an Roinn Oideachais amach do thionscadail Choláiste Bhaile an Droichid, Ghairmcholáiste Bhun Clóidí, Choláiste Dhún Garbhán agus Mheánscoil San Nioclás.<br>Áiritheofar ceadú do scoil 1000 dalta Choláiste Pobail Naomh Déaglán.<br>Soláthrófar/críochnófar na tionscadail Chóiríochta Sealadaí do Choláiste Abbáin, do Choláiste Sheilsceire, do Choláiste Pobail Naomh Déaglán agus do Choláiste Pobail Naomh Pól.<br>Soláthrófar an scoil 1000 dalta a ceadaíodh cheana féin chun áit Choláiste Sheilsceire a ghlacadh.<br>Comhaontófar an scóip do thionscadail bhreise chóiríochta (buaine) i gColáiste Abbáin, i gColáiste an Átha, i gColáiste Uí Chinnéide agus i gColáiste Pobail Naomh Pól agus tabharfar chun críche í.<br>Déanfar aighneachtaí chuig SOLAS nó chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir leis an Ionad Breisoideachais agus Oiliúna i dTrá Mhór, maidir le hIonad na Comhghuaillíochta um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta in Inis Córthaidh agus maidir leis an gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna i nGuaire. | Tionscadail bhonneagair a bheith soláthartha de réir amlínte comhaontaithe. | Tionscadail bhonneagair a bheith soláthartha de réir amlínte comhaontaithe. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Ardfheidhmíochta/an Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh in Inis Córthaidh, an tIonad Breisoideachais agus Oiliúna i dTrá Mhór agus Ionad na Saotharlainne Déantúsaíochta i Lios Mór, Port Láirge.<br>Áirítear na nithe seo leis na tionscadail tosaíochta i scoileanna: Scoil nua 1,000 dalta do Choláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge; Síneadh mór agus athchumraíocht mhór Choláiste Pobail Naomh Pól, Cathair Phort Láirge, chun freastal ar 1,000 dalta; Síntí le Coláiste Dhún Garbhán agus le Meánscoil San Nioclás, an Rinn, Port Láirge; Campas Oideachais Bhaile Loch Garman, lena n-áirítear scoil athsholáthair 1,000 dalta do Choláiste Sheilsceire; Síntí móra le hiar-bhunscoileanna chun freastal ar rollú méadaithe i gColáiste Bhaile an Droichid, i nGairmcholáiste Bhun Clóidí agus i gColáiste an Átha, Cill Mhucraise, Loch Garman; Síneadh le Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach chun freastal ar rolluithe méadaithe. | | | |
| 2.1.2 | Cur chun feidhme a dhéanamh ar straitéis SOLAS um Choláistí na Todhchaí a fhorbairt le haghaidh | Críochnófar Coláiste na Todhchaí i Loch Garman agus bainisteofar aistriú na gclár chuig an bhfoirgneamh nua i ráithe 2 den bhliain 2023. | Coláiste nua na Todhchaí a bheith | Coláiste nua na Todhchaí a bheith ar oscailt i mBaile |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna i Loch Garman agus i bPort Láirge. | Críochnófar Céim 1 den Síneadh leis an Ionad Oiliúna i bPort Láirge chun gur féidir cláir phrintíseachta a sholáthar i ráithe 2 den bhliain 2023.<br>Déanfar aighneachtaí chuig SOLAS nó chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir leis an Ionad Breisoideachais agus Oiliúna i dTrá Mhór, maidir le hIonad na Comhghuaillíochta um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta in Inis Córthaidh agus maidir leis an gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna i nGuaire. | ar oscailt i mBaile Loch Garman. | Loch Garman agus gach clár breisoideachais agus oiliúna a bheith aistrithe chuig an bhfoirgneamh nua de réir an phlean chomhaontaithe. |
| 2.1.3 | An fhoireann foirgneamh laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna a bhreisiú chun róil ghairmiúla amhail Suirbhéir Cainníochta cáilithe agus ailtire cáilithe a chur ar áireamh chun tacú leis an lucht bainistíochta leis an bpunann clár foirgneamh ar fud Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna agus Scoileanna. | Earcófar Oifigeach Foirgneamh Breisoideachais agus Oiliúna Ghrád VII i ráithe 1 den bhliain 2023.<br>Rachfar i dteagmháil le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann, leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun féachaint le teacht ar chomhaontú ar na róil a theastaíonn ar leibhéal an Bhoird Oideachais agus Oiliúna áitiúil chun an phunann bheartaithe tionscadal foirgneamh a sholáthar. | Oifigeach nua Foirgneamh Breisoideachais agus Oiliúna a bheith i bhfeidhm.<br>Cás gnó a bheith forbartha le haghaidh róil a leathnú laistigh den fhoireann Foirgneamh agus Saoráidí. | Oifigeach Foirgneamh Breisoideachais agus Oiliúna a bheith i bhfeidhm.<br>Cás gnó le haghaidh acmhainní breise a bheith seolta chuig an Roinn Oideachais agus chuig SOLAS. |
| 2.1.5 | Tacú le líonra airíoch agus Cúntóirí Ginearálta a fhorbairt chun tuilleadh comhoibrithe ar fud na láithreán a éascú. | Bunófar grúpa oibre agus déanfar measúnú ar riachtanais oiliúna chun éascú a dhéanamh ar an obair a dhéanann airígh agus Cúntóirí Ginearálta i bhfoirgnimh nua-aimseartha atá oiriúnach don fheidhm. | Grúpa oibre a bheith i bhfeidhm agus téarmaí tagartha an ghrúpa oibre a bheith comhaontaithe.<br>Measúnú ar riachtanais oiliúna a bheith curtha i gcrích. | Grúpa oibre a bheith i bhfeidhm agus téarmaí tagartha a bheith comhaontaithe.<br>Measúnú ar riachtanais oiliúna a bheith curtha i gcrích. |
| 2.1.8 | Coláistí agus ionaid a iniúchadh ó thaobh rochtain do dhaoine faoi | Déanfar iniúchtaí ar rochtain do dhaoine faoi mhíchumas ar bhonn céimnithe in ionaid bhreisoideachais agus oiliúna. | Iniúchtaí ar rochtain do | Iniúchtaí ar rochtain do |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | mhíchumas de agus plean a fhorbairt le haghaidh oibreacha feabhais, lena n-áirítear cistiú a lorg le haghaidh aon uasghráduithe a theastaíonn. | | dhaoine faoi mhíchumas a bheith curtha i gcrích i ngach ionad breisoideachais agus oiliúna. | dhaoine faoi mhíchumas a bheith curtha i gcrích i ngach ionad breisoideachais agus oiliúna. |
| 2.1.9 | Faighneoga a fhorbairt i saoráidí comhroinnte chun tacú le hobair sholúbtha ar fud ionad agus oifigí (dearadh uilíoch) – lena n-áirítear oideachas pobail, foghlaim neamhfhoirmiúil agus foghlaim neamhchreidiúnaithe. | Déanfar athbhreithniú ar shaoráidí comhroinnte ar fud Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna agus pleanálfar do dhearadh uilíoch chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. | Athbhreithniú a bheith déanta ar shaoráidí comhroinnte agus cistiú le haghaidh saoráidí comhroinnte a uasghrádú a bheith iarrtha nuair is féidir. | Athbhreithniú a bheith curtha i gcrích agus cistiú le haghaidh saoráidí comhroinnte a uasghrádú a bheith iarrtha ó SOLAS nuair is féidir. |
| 2.1.12 | Trealamh úrscothach closamhairc i seomraí ranga le haghaidh foghlaim bharrmhaith. | Déanfar anailís ar bhearnaí sna saoráidí iarbhír atá i bhfeidhm chun riachtanais a mheasúnú.<br>Suiteálfar trealamh úrscothach closamhairc i seomraí in Ionad Oiliúna Phort Láirge agus sa Cheannoifig i Loch Garman agus triailfear an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as. | Anailís ar bhearnaí a bheith curtha i gcrích.<br>Trealamh closamhairc a bheith suiteáilte in Ionad Oiliúna Phort Láirge agus sa Cheannoifig i Loch Garman. | Anailís ar bhearnaí a bheith curtha i gcrích.<br>Trealamh closamhairc a bheith suiteáilte in Ionad Oiliúna Phort Láirge agus sa Cheannoifig i Loch Garman. |
| 2.1.15 | Soláthar a dhéanamh do phointí luchtaithe leictrigh ag gach coláiste, ag gach ionad agus ag gach oifig. | Soláthrófar pointí luchtaithe feithiclí leictreacha i gColáiste na Todhchaí, Loch Garman.<br>Cuirfear tús le riachtanais a mheasúnú faoin reachtaíocht nua agus le hiarratais a dhéanamh ar chistiú chun freastal ar na riachtanais sin. | Pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a bheith soláthartha i gColáiste na | Pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a bheith soláthartha i gColáiste na |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Todhchaí, Loch Garman.<br>Measúnú a bheith déanta ar riachtanais ar fud láithreáin éagsúla de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus plean a bheith forbartha chun cistiú a lorg chun pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil. | Todhchaí, Loch Garman.<br>Measúnú a bheith déanta ar riachtanais ar fud na láithreán uile de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus plean a bheith ullmhaithe chun cistiú a lorg chun pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil. |
| 2.1.18 | Obair i ndlúthchomhar le Comhairle Contae Loch Garman ar Ionad úrscothach Oideachais agus Oiliúna Allamuigh a fhorbairt ag Sliabh Fhothart agus ar an gclár gaolmhar gníomhaíochtaí sa láthair nua a fhorbairt. | Cuirfear an tionscadal bonneagair ag Sliabh Fhothart ar aghaidh i gcomhar le Comhairle Contae Loch Garman. Cuirfear bunú an tí bád ar an láithreán i gcrích trí shaoráidí leithris agus cithfholcadáin a sholáthar, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann láithreacht fhisiciúil a bhunú ag Sliabh Fhothart. | An teach bád a bheith críochnaithe agus i mbun feidhme ag Sliabh Fhothart.<br>Cead pleanála a bheith faighte don ionad nua gníomhaíochtaí agus foireann deartha a bheith i bhfeidhm. | Cláir allamuigh a bheith i mbun feidhme ag Sliabh Fhothart mar gheall ar an teach bád nua.<br>Cead pleanála a bheith i bhfeidhm don ionad nua gníomhaíochtaí agus foireann deartha a bheith i bhfeidhm. |
| 2.1.21 | Dul go gníomhach sa tóir ar dheiseanna chun dul i dteagmháil leis an bpobal chun an Bord Oideachais agus Oiliúna a chur chun cinn mar phátrún ar | Déanfar seimineár Gréasáin faisnéise a fhorbairt agus a sholáthar chun an tsamhail Pobalscoileanna Náisiúnta a chur chun cinn. | Seimineár Gréasáin faisnéise a bheith soláthartha. | Seimineár Gréasáin faisnéise a bheith soláthartha. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Phobalscoileanna Náisiúnta ar fud an réigiúin. | | | |

**2.2 Tosaíocht Straitéiseach: An Clár Oibre Glas**

| | Gníomh Straitéiseach | Gníomhartha sa bhliain 2023 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 2.2.1 | Coiste Campais Ghlais a bhunú ar fud na heagraíochta, rud lena n-áireofar mic léinn/foghlaimeoirí agus daoine den phobal, agus é nasctha le struchtúir atá ann cheana i gColáistí agus in Ionaid. | Bunófar Coiste Campais Ghlais, rud a mbeidh Téarmaí Tagartha comhaontaithe aige agus a chuimseoidh ionadaithe ón eagraíocht ar fad.<br>Féachfar le hionadaíocht a áirithiú ó ghrúpaí geallsealbhóirí seachtracha freisin (i.e., údaráis áitiúla). | Coiste Campais Ghlais a bhfuil Téarmaí Tagartha comhaontaithe aige a bheith i bhfeidhm. | Coiste Campais Ghlais a bhfuil Téarmaí Tagartha comhaontaithe aige a bheith i bhfeidhm. |
| 2.2.2 | Páirt a ghlacadh i dtionscadail fionnachtana Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) chun réitigh inbhuanaithe a sholáthar agus chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear grianphainéil a shuiteáil ar dhíon aon fhoirgneamh atá faoi úinéireacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus ar dhíon aon fhoirgneamh a bhfuil léasanna fada orthu, mar aon le teaschaidéil a shuiteáil. | Oibreofar i gcomhar le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus le ÚFIÉ chun rochtain an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar thionscadail fionnachtana a éascú. | An Bord Oideachais agus Oiliúna a bheith páirteach i dtionscadail fionnachtana ÚFIÉ. | An Bord Oideachais agus Oiliúna a bheith páirteach i dtionscadail fionnachtana ÚFIÉ. |

**2.3 Tosaíocht Straitéiseach: An Clár Cothabhála**

| | Gníomh Straitéiseach | Gníomhartha sa bhliain 2023 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 2.4.1 | Córas láraithe bainistíochta saoráidí agus struchtúr straitéiseach clár cothabhála a fhorbairt chun freastal ar gach coláiste agus ar gach ionad, agus iad a bheith faoi bhainistiú ag an bhfoireann Foirgneamh agus Saoráidí, ag obair di i ndlúthchomhar le hairígh, le cúntóirí ginearálta agus le baill foirne tacaíochta eile atá freagrach as foirgnimh atá faoi úinéireacht ag an mBord Oideachais agus Oiliúna nó atá léasaithe aige a chothabháil. Cothabháil choisctheach pleananna caighdeánacha a chur ar áireamh ansin. | Scrúdófar na riachtanais atá ann le réiteach teicniúil a fhorbairt do bhainistíocht láraithe saoráidí. Forbrófar clár chun tacú le bainistíocht láraithe saoráidí laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus ar fud a chuid ionad, scoileanna agus oifigí. Rachfar i dteagmháil le hairígh agus le cúntóirí ginearálta chun tuiscint bhunúsach a ghnóthú ar an riachtanas atá ann le cúnamh a thabhairt dóibh agus ar an scóip atá ann déanamh amhlaidh. | Riachtanais a bheith bailithe agus teagmháil a bheith ar bun le Gartner, cuideachta réiteach teicniúil, maidir le réiteach beartaithe. | Iarraidh ar luachana a bheith foilsithe le haghaidh réiteach teicniúil do bhainistíocht láraithe saoráidí. |

# Sprioc Straitéiseach 3
# Cumarsáid agus Margaíocht

Tá sé tábhachtach branda láidir a fhorbairt don eagraíocht ar aon dul leis na hardaidhmeanna atá aici soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a threorú san Oirdheisceart.

## 3.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchlocha

| | Gníomh Straitéiseach | Gníomhartha sa bhliain 2023 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 3.1.1 | Straitéis cumarsáide inmheánaí agus caidrimh inmheánaigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus infheistiú in acmhainn thiomnaithe cumarsáide inmheánaí. | Cuirfear le cumas/acmhainní na foirne Cumarsáide.<br>Forbrófar straitéis cumarsáide inmheánaí agus caidrimh inmheánaigh agus lorgófar ceadú ón nGrúpa Stiúrtha Cumarsáide ina leith. | Straitéis Cumarsáide Inmheánaí agus Caidrimh Inmheánaigh a bheith forbartha agus a bheith ceadaithe ag an nGrúpa Stiúrtha Cumarsáide. | Straitéis Cumarsáide Inmheánaí agus Caidrimh Inmheánaigh a bheith i bhfeidhm. |
| 3.1.2 | Stór inneachair, grianghrafadóireachta agus scéalta a fhorbairt lena úsáid ar fud na heagraíochta. | Forbrófar stór inneachair, grianghrafadóireachta agus scéalta lena úsáid ag baill foirne ar fud na heagraíochta. Cuirfear plean i bhfeidhm chun inneachar a choinneáil ábhartha agus cothrom le dáta. | Stór a bheith i bhfeidhm le haghaidh grianghrafadóireachta, scéalta agus inneachair. | Stór a bheith i bhfeidhm agus ar fáil lena úsáid ag an bhfoireann Cumarsáide agus ag mórghrúpaí ball foirne. |
| 3.1.3 | Foireann uirlisí sócmhainní margaíochta breisithe a fhorbairt, lena n-áirítear fógraí agus teimpléid meán sóisialta. | Forbrófar foireann uirlisí agus comhroinnfear le bainisteoirí a phléann le margaíocht agus cumarsáid ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna í. | Foireann uirlisí a bheith forbartha agus comhroinnte le bainisteoirí. | Foireann uirlisí a bheith i bhfeidhm agus comhroinnte le bainisteoirí ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 3.1.4 | Treoirlínte branda an Bhoird Oideachais agus | Déanfar athbhreithniú ar threoirlínte branda agus nuashonrófar iad, de réir mar is gá. Forbrófar treoir stíle chun tacú le treoirlínte | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Oiliúna a fhorbairt tuilleadh agus plean a fhorbairt le haghaidh iad a scaipeadh ar phobal an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena n-úsáid. | branda, mar aon le mionsonraí faoi úsáid chuí lógónna cistiúcháin. Scaipfear treoirlínte trí roinnt cainéal. | | |
| 3.1.5 | Suíomh Gréasáin nua an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a sheoladh, agus úinéireacht shoiléir ar inneachar agus optamú éifeachtach inneall cuardaigh a chinntiú. | Seolfar suíomh Gréasáin nua an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Sainaithneofar úinéirí inneachair agus soláthrófar oiliúint nuair is gá. Déanfar faireachán ar optamú inneall cuardaigh agus déanfar leasuithe nuair is gá. | Suíomh Gréasáin nua an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith seolta agus úinéirí inneachair a bheith sainaitheanta. Faireachán tráthrialta a bheith á dhéanamh ar optamú inneall cuardaigh. | Suíomh Gréasáin nua an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith in úsáid. Liosta úinéirí inneachair a bheith i bhfeidhm. |
| 3.1.6 | Straitéis meán sóisialta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear straitéis shoiléir forbartha inneachair. | Forbrófar straitéis meán sóisialta tar éis dul i dteagmháil le cruthaitheoirí inneachair meán sóisialta ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna maidir leis na riachtanais atá acu. | Straitéis meán sóisialta a bheith forbartha. | Straitéis meán sóisialta a bheith i bhfeidhm. |
| 3.1.7 | Príomh-shárúsáideoirí (forbróirí cumarsáide agus inneachair) a bhunú san eagraíocht, agus oiliúint agus forbairt agus dreasachtaí le haghaidh caidreamh a dhéanamh leis sin a eagrú. | Sainaithneofar riachtanais oiliúna agus sceideal oiliúna d'fhorbróirí inneachair ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Riachtanais oiliúna a bheith sainaitheanta agus cuireadh a bheith tugtha d'fhorbróirí inneachair freastal ar sheisiúin oiliúna. | Seisiúin oiliúna a bheith seolta d'fhorbróirí inneachair. |
| 3.1.8 | Buiséad feachtas a chomhaontú agus acmhainní a chur ar fáil dó – riachtanais bhuiséid a | Forbrófar straitéis feachtas agus buiséad ceadaithe gaolmhar. Cuirfear Lá na mBord Oideachais agus Oiliúna an 2 Márta ar áireamh sa straitéis sin. | Feachtas spriocdhírithe a bhfuil buiséad comhaontaithe aige a | Feachtas a bheith ar siúl sa bhliain 2023. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | chomhaontú ar bhonn na bpríomhghnéithe atá ar áireamh sa straitéis, agus fás céimnithe buiséid a bhunú le haghaidh feachtas. | | bheith ar siúl sa bhliain 2023. | |
| 3.1.11 | Sainchúram leasaithe margaíochta a fhorbairt chun go bhforbródh gníomhaireacht sraith príomhtheachtaireachtaí agus soiléireacht ar bhrandáil cúrsaí/clár breisoideachais agus oiliúna aonair, ar chomhbhrandáil agus ar bhrandáil institiúideach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Forbrófar sainchúram margaíochta chun tacú le príomhtheachtaireachtaí a fhorbairt agus a chur in iúl maidir le brandáil cúrsaí/clár breisoideachais agus oiliúna. | Sainchúram margaíochta a bheith forbartha. | Sainchúram margaíochta a bheith forbartha. |
| 3.1.12 | Straitéis margaíochta digití a fhorbairt, lena n-áirítear láithreáin comhpháirtithe agus na meáin. | Forbrófar straitéis margaíochta digití don Bhord Oideachais agus Oiliúna. | Straitéis margaíochta digití a bheith forbartha. | Straitéis margaíochta digití a bheith i bhfeidhm. |
| 3.1.13 | Forbairt a dhéanamh ar phlean meán le haghaidh príomhfheachtas agus príomhimeachtaí. | Forbrófar plean meán chun tacú le straitéis feachtas an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Plean meán a bheith forbartha. | Plean meán a bheith i bhfeidhm. |

**3.2 Tosaíocht Straitéiseach: Aird an Spriocphobail a Mhealladh**

| | **Gníomh Straitéiseach** | **Gníomhartha sa bhliain 2023** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **Spriocanna** |
|---|---|---|---|---|
| 3.2.4 | Léiriú soiléir intinne a fhorbairt chun ról an Bhoird Oideachais agus Oiliúna sa phobal, sna healaíona, san obair óige, sa cheol agus sa spórt agus a thiomantas don fholláine a chur chun cinn. | Forbrófar ráiteas maidir le tiomantas an Bhoird Oideachais agus Oiliúna don phobal, do na healaíona, don obair óige, don cheol, don spórt agus don fholláine. Scaipfear an ráiteas ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus cuirfear chun cinn go seachtrach é trí fheachtais mhargaíochta. | Ráiteas ina léirítear tiomantas an Bhoird Oideachais agus Oiliúna don phobal, do na healaíona, don obair óige, don cheol, don spórt agus don fholláine a bheith forbartha.<br>An ráiteas a bheith scaipthe ar gach coláiste agus scoil agus trí fheachtais mhargaíochta seachtraí. | Ráiteas a bheith i bhfeidhm agus scaipthe go forleathan. |

# Sprioc Straitéiseach 4
# Sláinte agus Folláine

Tá ár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaimeoirí aosacha ag iarraidh a bheith ina gcuid de phobal a thacaíonn le hindibhidiúlacht, a cheiliúrann éachtaí agus a thugann tacaíocht le linn amanna deacra. Chun pobal den sórt sin a chruthú, is gá comhbhá agus éirim mhothúchánach a bheith leabaithe isteach inár n-eagraíocht. Is eol dúinn freisin go gcabhraíonn dea-shláinte agus dea-fholláine foirne go mór leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.

## 4.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchloch – Cultúr, Córais agus Nósanna Imeachta

| | **Gníomh Straitéiseach** | **Gníomhartha sa bhliain 2023** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **Spriocanna** |
|---|---|---|---|---|
| 4.1.1 | Coiste Sláinte agus Folláine a bhunú sa Bhord Oideachais agus Oiliúna, agus ionadaíocht ann ó mhic léinn/foghlaimeoirí agus ó bhaill foirne. | Bunófar Coiste Sláinte agus Folláine agus comhaontófar téarmaí tagartha. | Coiste Sláinte agus Folláine a bhfuil Téarmaí Tagartha comhaontaithe aige a bheith i bhfeidhm. | Coiste Sláinte agus Folláine a bheith i bhfeidhm. |
| 4.1.2 | An Clár Cúnaimh d’Fhostaithe a chur chun cinn do gach ball foirne ar bhonn tráthrialta, agus a shoiléiriú go mbíonn an tseirbhís ar fáil dá dteaghlach freisin. | Cuirfear an Clár Cúnaimh d’Fhostaithe chun cinn trí roinnt cainéal cumarsáide éagsúil. | An Clár Cúnaimh d’Fhostaithe a bheith á chur chun cinn go tráthrialta trí roinnt cainéal éagsúil, lena n-áirítear tríd an ríomhphost, tríd an nuachtlitir agus tríd an inlíon. | Gach ball foirne a bheith ar an eolas faoin gClár Cúnaimh d’Fhostaithe laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. |
| 4.1.3 | Cultúr um fholláine ag an obair a chur chun cinn trí struchtúir rialachais atá ann cheana. | Cuirfear folláine ar áireamh mar bhuanmhír ar an gclár oibre ar fud struchtúir rialachais atá ann cheana – cruinnithe na Foirne Oibríochtaí, na Foirne Bainistíochta Breisoideachais agus Oiliúna agus an Bhoird agus cruinnithe le Príomhoidí. | Folláine a bheith ar áireamh mar mhír ar an gclár oibre ag cruinnithe. | Folláine a bheith ar áireamh mar mhír ar an gclár oibre ag cruinnithe. |
| 4.1.5 | Beartais uile an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a | Athrófar na beartais a bhaineann le Sláinte agus Folláine chun dáta agus scaipfear ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna iad. | Na beartais a bhaineann le Sláinte | Baill foirne a bheith ar an eolas faoi na |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | bhaineann le Sláinte agus Folláine a athrú chun dáta agus a scaipeadh. | | agus Folláine a bheith athraithe chun dáta agus scaipthe ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | beartais a bhaineann le Sláinte agus Folláine. |
| 4.1.6 | Cairt Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chur chun feidhme chun tacú le fórsa saothair éagsúil. | Cuirfear cairt Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chun feidhme. | An chairt Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe a bheith curtha chun feidhme. | Baill foirne a bheith ar an eolas faoin gcairt Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe. |
| 4.1.7 | Sásra a fhorbairt le haghaidh aitheantas foirne ar fud gach grúpa foirne mar chuid den chultúr (e.g., gradam sármhaitheasa i seirbhís do chustaiméirí), lena n-áirítear searmanas bliantúil gradam agus éachtaí agus aitheantas as fadseirbhís. | Cuirfear an comórtas gradam Sármhaitheasa i Seirbhís do Chustaiméirí ar siúl ar bhonn ráithiúil. | An comórtas gradam Sármhaitheasa i Seirbhís do Chustaiméirí a bheith ar siúl ar bhonn ráithiúil. | Baill foirne a bheith páirteach sa chomórtas gradam Sármhaitheasa i Seirbhís do Chustaiméirí. |
| 4.1.8 | Leanúint le Cairt Custaiméirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chur chun cinn, agus a chinntiú go scaipfear an Chairt ar gach ball foirne agus go dtuigfidh siad í. | Déanfar athbhreithniú ar Chairt Custaiméirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus scaipfear ar bhaill foirne í trí roinnt cainéal cumarsáide éagsúil. | Athbhreithniú a bheith déanta ar Chairt Custaiméirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus leagan nuashonraithe a bheith scaipthe ar gach ball foirne. | Gach ball foirne a bheith ar an eolas faoin gCairt Custaiméirí agus faoi na hoibleagáidí atá orthu mar bhaill foirne maidir le seirbhís do chustaiméirí. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.1.10 | An Beartas um Obair Chumaisc/Chianda a chur chun feidhme ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Déanfar an chéad athbhreithniú ar chur chun feidhme an Bheartais um Obair Chumaisc/Chianda ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Athbhreithniú a bheith déanta ar chur chun feidhme an Bheartais um Obair Chumaisc/Chianda. | An Beartas um Obair Chumaisc/Chianda a bheith ag oibriú go héifeachtach ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 4.1.11 | Foghlaim agus forbairt ghairmiúil i maoirseacht agus i gceannaireacht a bheith á ngabháil de láimh ag gach bainisteoir. | Sainaithneofar cúrsa cuí maoirseachta agus ceannaireachta agus scaipfear faisnéis ar bhainisteoirí ar fud na heagraíochta.<br>Leanfar den chlár ceannaireachta scoile. | Cúrsa maoirseachta agus ceannaireachta a bheith soláthartha. Scoileanna a bheith páirteach sa chlár ceannaireachta scoile. | Cúrsa maoirseachta agus ceannaireachta a bheith sainaitheanta do bhainisteoirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 4.1.13 | Próiseas a fhorbairt le haghaidh agallaimh fágála a dhéanamh do bhaill foirne chun tacú leis an mBord Oideachais agus Oiliúna feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann sé do bhaill foirne. | Forbrófar teimpléad le haghaidh agallaimh fágála agus scaipfear ar bhainisteoirí é. | Teimpléad le haghaidh agallaimh fágála a bheith i bhfeidhm agus scaipthe ar bhainisteoirí. | Agallaimh fágála a bheith ar siúl ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 4.1.14 | Sonraí teagmhála inlín agus faisnéis 'Aithne ar an bhfoireann' do gach ball foirne a nuashonrú chun feasacht a thógáil ar na foirne agus an struchtúr foirne sa Bhord Oideachais agus Oiliúna. | Déanfar athbhreithniú tráthrialta ar an inneachar inlín chun a chinntiú go mbeidh sonraí teagmhála cothrom le dáta. | An t-inneachar inlín a bheith á athbhreithniú agus á nuashonrú go rialta. | An t-inneachar inlín a bheith ábhartha agus cothrom le dáta. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.1.15 | Clár Ionduchtúcháin ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt, lena n-áirítear tacaíocht shaincheaptha d'fhostaithe nua agus córas páirtíochta a fhorbairt. | Forbrófar clár ionduchtúcháin don Bhord Oideachais agus Oiliúna agus cuirfear in oiriúint do ghrúpaí sonracha foirne é. Forbrófar córas struchtúrtha páirtíochta. | An próiseas tairisceana le haghaidh clár Ionduchtúcháin a fhorbairt do bhaill foirne nua a thagann isteach sa Bhord Oideachais agus Oiliúna a bheith curtha i gcrích.<br>Scóip an chórais páirtíochta a bheith measta do bhaill foirne nua. | Cuideachta a bheith roghnaithe chun tacú leis an gclár Ionduchtúcháin a fhorbairt.<br>Treoirchóras páirtíochta a bheith i bhfeidhm sa bhliain 2023. |
| 4.1.16 | Féachaint go gníomhach le baill foirne a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhFoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil chun tacú leo i réimsí ina bhfuil fás ag teastáil. | Cuirfear an fháil ar Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil chun cinn do baill foirne ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | An fháil ar dheiseanna Foghlama agus Forbartha Gairmiúla a bheith curtha chun cinn do baill foirne ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Tuilleadh ball foirne a bheith ag gabháil do dheiseanna Foghlama agus Forbartha Gairmiúla. |
| 4.1.17 | Beartas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, agus oiliúint a éascú do bhaill foirne. | Cuirfear beartas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine chun feidhme.<br>Cuirfear an tsraith máistir-ranganna ar líne ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú atá á reáchtáil ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt chun cinn do bhaill foirne an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Beartas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a bheith curtha chun feidhme.<br>An tsraith máistir-ranganna ar líne ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú atá á | Beartas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a bheith curtha chun feidhme.<br>Na máistir-ranganna ar líne atá á reáchtáil ag Ollscoil |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | reáchtáil ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt a bheith á cur chun cinn. | Teicneolaíochta an Oirdheiscirt a bheith curtha chun cinn do bhaill foirne an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 4.1.18 | Clár a fhorbairt chun cleachtais athmhachnamhacha agus cleachtais aisiríocha a chur chun feidhme ar fud gach réimse den Bhord Oideachais agus Oiliúna. | Déanfar athbhreithniú ar an úsáid a bhaintear as Cleachtais Aisiríocha ar fud ár scoileanna agus sainaithneofar aon riachtanais bhreise forbartha gairmiúla leanúnaí/oiliúna.<br>Leanfar le tacaíocht a thabhairt do scoileanna an próiseas athmhachnamhach Féinmheastóireachta Scoile a chur chun feidhme.<br>Forbrófar micridhintiúr i gCleachtais Aisiríocha i gcomhar leis an Tionscnamh Forbartha don Óige. | Athbhreithniú a bheith déanta ar an úsáid a bhaintear as Cleachtais Aisiríocha ar fud scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus plean a bheith i bhfeidhm chun aon riachtanais bhreise oiliúna a shainaithint ina leith sin.<br>Tacaíocht a bheith tugtha do scoileanna an próiseas athmhachnamhach Féinmheastóireachta Scoile a chur chun feidhme.<br>Micridhintiúr i gCleachtais Aisiríocha a bheith forbartha i gcomhar leis an Tionscnamh Forbartha don Óige. | Athbhreithniú ar Chleachtais Aisiríocha i scoileanna a bheith curtha i gcrích.<br>Micridhintiúr a bheith forbartha. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.1.20 | Tacú le baill foirne atá ag druidim le scor trí ghnáthsheimineáir phleanála scoir a eagrú, agus aitheantas a thabhairt dá rannchuidiú tábhachtach leis an eagraíocht trí shearmanas bliantúil scoir a óstáil do bhaill foirne atá ag dul ar scor. | Eagrófar seisiúin phleanála scoir go rialta agus cuirfear chun cinn iad. Eagrófar imeacht bliantúil scoir chun rannchuidiú ball foirne a aithint agus iad ag dul ar scor. | Seisiúin phleanála scoir a bheith eagraithe agus faisnéis a bheith comhroinnte le baill foirne.<br>Imeacht bliantúil scoir a bheith pleanáilte. | Seisiúin phleanála scoir a bheith curtha i gcrích agus imeacht bliantúil scoir a bheith tionólta. |
| 4.1.23 | Straitéis a fhorbairt le haghaidh seirbhísí treorach a sholáthar do mhic léinn/foghlaimeoirí ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Déanfar athbhreithniú ar an dóigh a soláthraítear seirbhísí treorach ar fud ár gcuid scoileanna agus ionad agus forbrófar straitéis don eagraíocht ar fad, rud ina gcuirfear san áireamh na samhlacha soláthair atá á n-úsáid faoi láthair. | Athbhreithniú ar sheirbhísí treorach laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna a bheith curtha i gcrích. | Athbhreithniú ar sheirbhísí treorach laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna a bheith curtha i gcrích. |
| 4.1.24 | Riachtanais na mac léinn/na bhfoghlaimeoirí a athbhreithniú maidir le tacaíocht gairmthreorach, agus plean a fhorbairt chun an tacaíocht a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais na mac léinn/na bhfoghlaimeoirí aosacha. | Tacófar leis an obair a dhéanann Pobal Cleachtais na dTreoirchomhairleoirí. Forbrófar Beartas Gairmthreorach trasch













oláiste Scoile Uile, le tacaíocht ón gCigireacht, más féidir. Freastalóidh Oifigigh Ghairmthreorach ar imeachtaí Pobal Cleachtais i scoileanna, nuair is cuí.<br>Forbrófar físeán chun na nithe atá ar fáil ón mBord Oideachais agus Oiliúna a thaispeáint d'iar-bhunscoileanna, lena n-áirítear scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Beartas gairmthreorach scoile uile a bheith i bhfeidhm.<br>Físeán a bheith forbartha chun cláir bhreisoideachais agus oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a thaispeáint. | Beartas a bheith i bhfeidhm. Físeán a bheith forbartha agus scaipthe. |
| 4.1.25 | Obair i gcomhar le Giniúint Ceoil Loch Garman agus le Giniúint Ceoil Phort Láirge chun coláistí, ionaid agus cláir a chumasú gabháil do chlár | Tacófar le cláir Ghiniúint Ceoil a chur i bhfeidhm ar fud Phort Láirge agus Loch Garman, go háirithe ar fud scoileanna agus chláir bhreisoideachais agus oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Cláir Ghiniúint Ceoil a bheith ar fáil do mhic léinn agus foghlaimeoirí ar fud choláistí agus ionaid | Tuilleadh mac léinn agus foghlaimeoirí de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Ghiniúint Ceoil ar mhaithe lena mic léinn/lena bhfoghlaimeoirí aosacha. | | an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | páirteach i gcláir Ghiniúint Ceoil. |
| 4.1.26 | Obair i gcomhar le CLG Loch Garman chun Coláistí a chumasú páirt a ghlacadh sa Chlár 'Ag Dul go Maith' de chuid CLG ar mhaithe lenár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí aosacha. | Coinneofar caidreamh dearfach oibre ar bun le CLG Loch Garman chun tairbhe dár scoileanna agus spreagfar rannpháirtíocht sa chlár 'Ag Dul go Maith'. | Scoileanna a bheith páirteach sa chlár 'Ag Dul go Maith'. | An clár 'Ag Dul go Maith' a bheith curtha chun feidhme i scoileanna. |
| 4.1.27 | Páirt a bheith á glacadh ag gach coláiste i dtionscnamh na Brataí Ómraí chun feasacht a thógáil ar an leibhéal áitiúil ar an tábhacht a bhaineann le tacú le folláine mheabhrach i measc mic léinn/foghlaimeoirí. | Tabharfar tacaíocht do scoileanna a chinntiú go nglacfaidh gach scoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna páirt i dtionscnamh na Brataí Ómraí. | Gach scoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith páirteach i gclár na Brataí Ómraí. | Gach scoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith páirteach i gclár na Brataí Ómraí. |
| 4.1.28 | Díriú ar ár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí mar chomhpháirtithe – sásraí aiseolais ar fud na heagraíochta agus comhairliúchán struchtúrtha a fhorbairt. | Ról a thabhairt go rialta dár gcuid mac léinn agus foghlaimeoirí inár struchtúir rialachais atá ann cheana, go háirithe laistigh de ghrúpaí oibre atá bunaithe ar ár gcuid téamaí agus tosaíochtaí straitéiseacha (e.g., gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht, agus sláinte agus folláine). | Mic léinn agus foghlaimeoirí a bheith páirteach i seisiúin fócasghrúpa le haghaidh an straitéis nua a chur chun feidhme. | Guth a bheith ag mic léinn agus ag foghlaimeoirí maidir leis an bplean cur chun feidhme don straitéis nua. |
| 4.1.29 | Cur chuige ar fud na heagraíochta i leith searmanais bhliantúla gradam agus i leith éachtaí mac | Cinnteofar go n-úsáidfear treoirlínte brandála agus ábhar á fhorbairt do shearmanais gradam agus d'imeachtaí le haghaidh éachtaí mac léinn/foghlaimeoirí a aithint. Forbrófar Gradaim Éitis a bheidh nasctha le Croíluachanna Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann do Scoileanna. | Treoirlínte brandála a bheith scaipthe ar gach coláiste agus ionad agus a bheith in úsáid acu. | Cur chuige comhsheasmhach i leith brandáil a bheith ann ar fud |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | léinn/foghlaimeoirí a aithint. | | | gach coláiste agus scoile. |
| 4.1.30 | Clár Athléimneachta, Spreagtha agus Comhbhá a fhorbairt do mhic léinn/foghlaimeoirí ar fud gach coláiste agus gach ionaid. | Tabharfar tacaíocht do bhaill foirne oiliúint Narrative 4 a chur i gcrích sa scoilbhliain 2022/23 (i gcás na ndaoine sin a thosaigh an oiliúint cheana féin) agus soláthrófar acmhainní do bhaill foirne chun tabhairt faoin oiliúint sa scoilbhliain 2023/24 i gcás go mbeidh dóthain spéise acu inti. | Tacaíocht a bheith tugtha do bhaill foirne clár oiliúna Narrative 4 a chur i gcrích. | Tacaíocht a bheith tugtha do bhaill foirne clár oiliúna Narrative 4 a chur i gcrích. |
| 4.1.31 | Clár folláine a fhorbairt ina gcuimseofar sóisialú, aireachas, folláine, tógáil foirne, gníomhaíochtaí seach-churaclaim, sláinte agus folláine ar an láithreán agus an tsochaí do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha ar fud gach coláiste agus gach ionaid. Tacú le coláistí agus le hionaid an clár a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil. | Tacófar le scoileanna 400 uair an chloig d'Fholláine a chur chun feidhme go héifeachtach mar chuid den chreat don tSraith Shóisearach.<br>Rachfar i gcomhairle le baill foirne maidir leis na roghanna atá ann ó thaobh tionscnamh folláine de. | 400 uair an chloig d'fholláine a bheith curtha chun feidhme go héifeachtach mar chuid den chreat don tSraith Shóisearach. Próiseas comhairliúcháin a bheith seolta le baill foirne maidir le tionscnaimh folláine (trí obair an Choiste Sláinte agus Folláine). | 400 uair an chloig d'fholláine a bheith curtha chun feidhme go héifeachtach mar chuid den chreat don tSraith Shóisearach. Próiseas comhairliúcháin a bheith seolta le baill foirne maidir le tionscnaimh folláine (trí obair an Choiste Sláinte agus Folláine). |
| 4.1.32 | Cúrsaí blaiste/tosaitheora a thairiscint chun cabhrú le foghlaimeoirí aosacha gabháil don oideachas an athuair. | Tacófar le cláir bhreisoideachais agus oiliúna cúrsaí blaiste a thairiscint chun cabhrú le foghlaimeoirí gabháil don oideachas an athuair. | Cláir bhlaiste a bheith tairgthe d'fhoghlaimeoirí aosacha. | Cláir bhlaiste a bheith ar fáil d'fhoghlaimeoirí aosacha chun tacú leo gabháil don oideachas an athuair. |

**4.2 Tosaíocht Straitéiseach: Freagairt – Tacaí Breise agus Conairí Breise**

| | **Gníomh Straitéiseach** | **Gníomhartha sa bhliain 2023** | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.2.1 | Straitéis a fhorbairt le haghaidh seirbhísí treorach agus tacaí treorach a sholáthar do mhic léinn/foghlaimeoirí ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Déanfar athbhreithniú ar an dóigh a soláthraítear seirbhísí treorach ar fud ár gcuid scoileanna agus ionad agus forbrófar straitéis don eagraíocht ar fad, rud ina gcuirfear san áireamh na samhlacha soláthair atá á n-úsáid faoi láthair. | Athbhreithniú ar sheirbhísí treorach laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna a bheith curtha i gcrích. | Athbhreithniú ar sheirbhísí treorach laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna a bheith curtha i gcrích. |
| 4.2.2 | Struchtúr a fhorbairt le haghaidh conairí soiléire sainithe chuig tacaí mothúchánacha, síceolaíocha agus síciteiripe do mhic léinn/foghlaimeoirí i gcás gur gá. | Déanfar athbhreithniú ar an dóigh a soláthraítear Seirbhísí Comhairleoireachta ar fud ár gcuid scoileanna agus ionad breisoideachais agus oiliúna. Féachfar le roghanna a shainaithint chun tacú le seirbhísí comhairleoireachta a sholáthar, i gcás gur cuí déanamh amhlaidh. | Conairí chuig seirbhísí comhairleoireachta a bheith sainaitheanta agus curtha in iúl do mhic léinn/foghlaimeoirí. | Conairí chuig seirbhísí comhairleoireachta a bheith sainaitheanta agus curtha in iúl do mhic léinn/foghlaimeoirí. |

# Sprioc Straitéiseach 5
# Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

Níl de rogha againn ach gníomhú. Tá níos mó agus níos mó daoine ag iarraidh obair in áiteanna ina dtugtar tús áite don chomhshaol.

**5.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchlocha/Struchtúr**

| | **Gníomh Straitéiseach** | **Gníomhartha sa bhliain 2023** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **Spriocanna** |
|---|---|---|---|---|
| 5.1.1 | Struchtúr cuí a fhorbairt le haghaidh chur chun feidhme na straitéise um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht – mar atá, an Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, agus ionadaíocht ann ó ghrúpa mac léinn/foghlaimeoirí aosacha, ó bhaill foirne agus ó shaineolaithe seachtracha. Coistí Glasa áitiúla a fhorbairt i ngach coláiste, i ngach ionad agus i ngach | Bunófar Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, rud a mbeidh Téarmaí Tagartha gaolmhara aige. Nascfaidh an Grúpa Stiúrtha isteach le hobair Ghrúpa Stiúrtha Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. | Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht a bhfuil Téarmaí Tagartha comhaontaithe aige a bheith ar bun. | Grúpa Stiúrtha a bheith i bhfeidhm. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | oifig.<br>Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le grúpaí pobail chun tacú leis an gclár oibre straitéiseach. | | | |
| 5.1.2 | Oifigeach Fuinnimh a cheapadh don Bhord Oideachais agus Oiliúna. | Lorgófar ceadú ón Roinn Oideachais chun Oifigeach Fuinnimh a cheapadh agus saineofar róil agus freagrachtaí an phoist. | Cás gnó a bheith curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais chun Oifigeach Fuinnimh a cheapadh – post nua. | Oifigeach Fuinnimh a bheith i bhfeidhm don Bhord Oideachais agus Oiliúna, ag obair dó/di i gcomhar leis an nGrúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. |
| 5.1.3 | Oiliúint don Ghrúpa Stiúrtha, do Choistí Glasa, do Bhainisteoirí, d'airígh agus do bhaill foirne cothabhála – struchtúr bainistíochta tionscadal agus clár i leith cuspóirí a bhaint amach ar fud gach tosaíochta straitéisí. | Forbrófar clár oiliúna chun tacú le hobair an Ghrúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht.<br>Foinseofar oiliúint agus cuirfear sceideal oiliúna i bhfeidhm do bhaill foirne ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chun tacú leis an gclár oibre straitéiseach um ghníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht a chomhlíonadh. | Riachtanais oiliúna a bheith sainaitheanta agus oiliúint a bheith curtha i bhfeidhm do bhaill foirne a phléann leis an tionscnamh um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. | Oiliúint a bheith seolta ag baill foirne a phléann leis an tionscnamh um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. |
| 5.1.4 | Taighde a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh comhpháirtíochtaí | Cuirfear comhaontuithe comhpháirtíochta i bhfeidhm le roinnt comhpháirtithe straitéiseacha, ÚFIÉ san áireamh. | Comhaontuithe comhpháirtíochta a bheith dréachtaithe agus ceadaithe. | Comhaontuithe comhpháirtíochta a bheith i bhfeidhm le |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | straitéiseacha, agus féachaint le caidreamh a dhéanamh le comhlachtaí ar féidir leo tacú le clár oibre straitéiseach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | | | comhpháirtithe straitéiseacha. |
| 5.1.5 | Sainaithint a dhéanamh ar acmhainní chun tacú leis an bpróiseas iarratais le haghaidh cistiúcháin agus dámhachtainí deontais chun tacú le clár oibre straitéiseach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Déanfar taighde ar na deontais chistiúcháin atá ar fáil. | Iarratais ar chistiú deontais a bheith curtha isteach. | Tairiscintí rathúla ar chistiú a bheith curtha isteach do thionscadail straitéiseacha bheaga i réimse an Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus na hInbhuanaitheachta. |
| 5.1.6 | Mionsonraí faoi aon tionscadail a ghabhtar de láimh, agus faoi na tairbhí a ghabhann leo, a chur in iúl do gach ball foirne agus do gach mac léinn/foghlaimeoir aosach. Suirbhé a dhéanamh ar bhaill foirne agus ar mhic léinn/foghlaimeoirí | Leanfar le haithisc a thabhairt os comhair comhdhálacha, le labhairt leis na meáin agus le fógraíocht a dhéanamh ar an obair atá ar bun i ndáil le tithíocht ardfheidhmíochta.<br>Leanfar le modúil an Bhoird Oideachais agus Oiliúna/an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ar Citizen Science agus ar Fhálta Sceach a sholáthar agus a chur chun cinn.<br>Bainfear úsáid as an inlíon chun an obair atá ar bun ag an mBord Oideachais agus Oiliúna i réimse an Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus na hInbhuanaitheachta a chur chun cinn. | Deiseanna a bheith tapaithe chun an obair atá ar bun ag an mBord Oideachais agus Oiliúna i réimse an Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus na hInbhuanaitheachta a chur chun cinn. | Aithisc a bheith á dtabhairt ag an mBord Oideachais agus Oiliúna ag comhdhálacha agus seimineáir ar ghnéithe de Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | aosacha chun a fháil amach an ann d'aon athrú i dtuiscint agus i ndearcthaí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. Béim a leagan ar scéalta ratha agus iad a chomhroinnt – an feachtas a bhrandáil. | | | |

**5.2 Tosaíocht Straitéiseach: Fuinneamh Inathnuaite**

| | Gníomh Straitéiseach | Gníomhartha sa bhliain 2023 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 5.2.4 | Grianphainéil a shuiteáil ar dhíon aon fhoirgneamh atá faoi úinéireacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus ar dhíon aon fhoirgneamh a bhfuil léasanna fada orthu. | Déanfar taighde ar a indéanta atá sé grianphainéil a shuiteáil ar dhíon na bhfoirgneamh atá faoi úinéireacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Staidéar indéantachta a bheith curtha i gcrích. | Staidéar indéantachta a bheith curtha i gcrích. |
| 5.2.5 | Feachtas feasachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le hiompraíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh, agus úsáid á baint as an inlíon, an suíomh Gréasáin agus na | Bainfear leas as an gcomhpháirtíocht atá ar bun againn le Comhairle Contae Loch Garman i leith na Comhghuaillíochta um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus chun cur leis an bhfeasacht ar an mbithéagsúlacht.<br>Bainfear úsáid as an inlíon chun feasacht a chothú ar fheachtais. | Feachtas feasachta a bheith seolta. | Céim 1 den fheachtas feasachta a bheith curtha i gcrích. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | meáin shóisialta chun caidreamh a dhéanamh le baill foirne agus le mic léinn/foghlaimeoirí aosacha. | | | |

**5.3 Tosaíocht Straitéiseach: Éifeachtúlacht Fuinnimh**

| | Gníomh Straitéiseach | Gníomhartha sa bhliain 2023 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 5.3.1 | Iniúchtaí tráthrialta fuinnimh a dhéanamh. | Bunófar Coistí Sláinte agus Sábháilteachta agus cuirfear iniúchtaí fuinnimh leis an sainchúram atá orthu. | Coistí Sláinte agus Sábháilteachta a bheith ar bun i ngach scoil agus ionad ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Iniúchtaí fuinnimh a bheith déanta ar gach foirgneamh. | Coistí a bheith i bhfeidhm agus iniúchtaí fuinnimh a bheith curtha i gcrích. |
| 5.3.7 | Pleanáil le haghaidh gach solas gealbhruthach agus halaigine a dhíothú. | Nuair is cuí, tosófar tionscadal chun iarfheistithe iomlána a dhéanamh ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Clár iarfheistithe a bheith tosaithe. | Clár iarfheistithe a bheith ar siúl i roinnt foirgneamh de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 5.3.8 | Feachtas feasachta fuinnimh a fhorbairt maidir le múchadh ríomhairí pearsanta i ngach Coláiste, i ngach Ionad agus i ngach Oifig – athrú | I gcomhar le Seirbhísí TF, measfar scóip an tionscadail do mhúchadh TF ar fud scoileanna, ionad agus oifigí. | Feachtas feasachta a bheith seolta maidir le múchadh ríomhairí pearsanta agus gléasanna. | Céim 1 den fheachtas feasachta a bheith curtha i gcrích. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | iompraíochta ag daoine aonair. | | | |
| 5.3.9 | An clár *Take 1* agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a leabú isteach sa straitéis inbhuanaitheachta don Bhord Oideachais agus Oiliúna, agus scoileanna a spreagadh chun páirt a ghlacadh iontu sin. | Leanfar leis an gclár a chur chun cinn dár scoileanna.<br>Déanfar iniúchadh ar thuilleadh comhoibrithe a dhéanamh le Líonra Inbhuanaitheachta Scoileanna na hÉireann. | An clár *Take 1* agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bheith leabaithe isteach i straitéis inbhuanaitheachta na scoileanna. | An clár *Take 1* agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bheith leabaithe isteach i straitéis inbhuanaitheachta na scoileanna. |
| 5.3.10 | Pleananna sonracha um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt don Bhreisoideachas agus Oiliúint agus do scoileanna, ar aon dul le straitéisí na Roinne Oideachais/na Roinne Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta/SOLAS agus le mórstraitéisí rialtais. | Cuirfear Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm don Bhord Oideachais agus Oiliúna, ar aon dul le cuspóirí rialtais. | Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide a bheith i bhfeidhm don Bhord Oideachais agus Oiliúna, ar aon dul le cuspóirí rialtais. | Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide a bheith i bhfeidhm don Bhord Oideachais agus Oiliúna, ar aon dul le cuspóirí rialtais. |

**5.4 Tosaíocht Straitéiseach: Taisteal**

| | **Gníomh Straitéiseach** | **Gníomhartha sa bhliain 2023** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **Spriocanna** |
|---|---|---|---|---|
| 5.4.2 | Beartas soiléir a fhorbairt maidir le taisteal foirne – ar | Forbrófar beartas maidir le taisteal foirne. | Beartas maidir le taisteal foirne a bheith forbartha agus scaipthe. | Beartas maidir le taisteal foirne a |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | líne (MS Teams) vs. cruinnithe duine le duine. | | | bheith i bhfeidhm. |
| 5.4.3 | Soláthar a dhéanamh do phointí luchtaithe leictrigh ag gach coláiste, ag gach ionad agus ag gach oifig. | Tabharfar tús áite do phointí luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthar ag gach láithreán atá faoi úinéireacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a bheith soláthartha i gColáiste na Todhchaí, Loch Garman.<br>Measúnú a bheith déanta ar riachtanais ar fud láithreáin éagsúla de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus plean a bheith forbartha chun cistiú a lorg chun pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil. | Pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a bheith soláthartha i gColáiste na Todhchaí, Loch Garman.<br>Measúnú a bheith déanta ar riachtanais ar fud na láithreán uile de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus plean a bheith ullmhaithe chun cistiú a lorg chun pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil. |

**5.5 Tosaíocht Straitéiseach: An Bhithéagsúlacht**

| | **Gníomh Straitéiseach** | **Gníomhartha sa bhliain 2023** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **Spriocanna** |
|---|---|---|---|---|
| 5.5.1 | Feachtas feasachta a fhorbairt maidir leis an mbithéagsúlacht, lena n-áirítear modúl | Oibreofar i gcomhpháirt le Comhairle Contae Loch Garman agus le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun clár bithéagsúlachta a fhorbairt do scoileanna. | Feachtas bithéagsúlachta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith seolta. | Feachtas bithéagsúlachta an Bhoird Oideachais agus |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | ríomhfhoghlama agus oiliúint réamhléiritheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme do bhaill foirne agus do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha. | Leanfar leis na modúil bhithéagsúlachta a forbraíodh i gcomhpháirt leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a sholáthar. | Modúil bhithéagsúlachta a bheith soláthartha. | Oiliúna a bheith seolta. Modúil bhithéagsúlachta a bheith soláthartha. |
| 5.5.2 | Córas ambasadóirí bithéagsúlachta ar fud na heagraíochta agus curadh laistigh den Fhoireann Ardbhainistíochta a chruthú, lena n-áirítear uaireanta leithdháilte a shannadh do ról bithéagsúlachta (comhordaitheoir). | Sainaithneofar curadh Bithéagsúlachta, mar aon le hambasadóirí áitiúla ar fud coláistí agus ionad. | Struchtúr tacaíochta a bheith i bhfeidhm don fheachtas Bithéagsúlachta, lena n-áirítear comhordaitheoir agus curadh a bheith ann laistigh den Fhoireann Ardbhainistíochta. | Ambasadóirí agus curaidh a bheith i bhfeidhm don fheachtas Bithéagsúlachta. |
| 5.5.3 | Pobal Cleachtais a chur i bhfeidhm chun díriú ar réimse na Bithéagsúlachta. | Bunófar Pobal Cleachtais i réimse na Bithéagsúlachta, rud a nascfaidh isteach le hambasadóirí áitiúla ar fud coláistí agus ionad. | Pobal Cleachtais Bithéagsúlachta a bheith bunaithe. | Pobal Cleachtais Bithéagsúlachta a bheith i bhfeidhm. |
| 5.5.4 | Ábhair a fhorbairt a bhaineann leis an díriú straitéiseach ar an mBithéagsúlacht do gach scoil – lámhleabhair agus cláir ionduchtúcháin do bhaill foirne nua agus do mhic | Leanfar le modúil an Bhoird Oideachais agus Oiliúna/an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ar Citizen Science agus ar Fhálta Sceach a sholáthar agus a chur chun cinn. | Na modúil bhithéagsúlachta a bheith soláthartha. | Na modúil bhithéagsúlachta a bheith soláthartha. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | léinn/foghlaimeoirí aosacha. | | | |
| 5.5.5 | Láithreáin choláiste, ionaid agus oifige a mheasúnú maidir lena n-oiriúnacht do chriosanna/limistéir fiadhúlra a bhunú, agus criosanna a bhunú i ngach limistéar féideartha. | Bunófar Pobal Cleachtais i réimse na Bithéagsúlachta, rud a nascfaidh isteach le hambasadóirí áitiúla ar fud coláistí agus ionad. Déanfar measúnú ar a oiriúnaí atá coláistí agus ionaid laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna dá n-úsáid mar láithreáin fiadhúlra. | Pobal Cleachtais Bithéagsúlachta a bheith bunaithe. Measúnú a bheith déanta ar a oiriúnaí atá láithreáin an Bhoird Oideachais agus Oiliúna dá n-úsáid mar láithreáin fiadhúlra. | Pobal Cleachtais Bithéagsúlachta a bheith i bhfeidhm. Measúnú a bheith déanta ar a oiriúnaí atá láithreáin an Bhoird Oideachais agus Oiliúna dá n-úsáid mar láithreáin fiadhúlra. |
| 5.5.6 | Iniúchtaí bliantúla Bithéagsúlachta a dhéanamh, agus pleananna pailneoirí gaolmhara a fhorbairt ag gach láithreán. | Forbrófar plean pailneoirí do gach láithreán oiriúnach de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Plean pailneoirí a bheith forbartha do gach láithreán oiriúnach de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Plean pailneoirí a bheith i bhfeidhm do gach láithreán oiriúnach de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 5.5.7 | Obair i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta a bhfuil saineolas acu ar chláir bhithéagsúlachta, agus cuairteanna láithreáin a thabhairt ar láithreacha eile chun smaointe dea-chleachtais a bhailiú | Leanfar le modúil an Bhoird Oideachais agus Oiliúna/an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ar Citizen Science agus ar Fhálta Sceach a sholáthar agus a chur chun cinn. Leanfar le comhoibriú leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.<br>Oibreofar i gcomhpháirt le Comhairle Contae Loch Garman agus le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun clár bithéagsúlachta a fhorbairt do choláistí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Na modúil bhithéagsúlachta a bheith soláthartha. Comhpháirtíocht shainithe a bheith i bhfeidhm le Comhairle Contae Loch Garman agus le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir leis an gclár bithéagsúlachta. | Na modúil bhithéagsúlachta a bheith soláthartha. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | lena gcur chun feidhme. | | | |

**5.6 Tosaíocht Straitéiseach: Laghdú Dramhaíola**
**Gníomhartha:**

| | Gníomhartha | Gníomhartha sa bhliain 2023 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 5.6.1 | Plaistigh aonúsáide (e.g., buidéil phlaisteacha i gceaintíní – uisce i gcartáin agus fuaraitheoirí uisce) a laghdú i ngach coláiste, i ngach ionad agus i ngach oifig, agus iad a dhíothú uathu ansin. | Forbrófar beartas chun breac-chuntas a thabhairt ar sheasamh an Bhoird Oideachais agus Oiliúna i ndáil le plaistigh aonúsáide a úsáid. | Beartas a bheith forbartha chun breac-chuntas a thabhairt ar sheasamh an Bhoird Oideachais agus Oiliúna i ndáil le plaistigh aonúsáide a úsáid. | Beartas a bheith i bhfeidhm. |
| 5.6.2 | Gan fótachóipeáil a dhéanamh ach amháin chun críocha riachtanacha (e.g., trialacha) – acmhainní ar líne amhail Teams a úsáid chun doiciméid a chomhroinnt. | Bainfear úsáid as feidhmeanna tuairiscithe ó IPSL chun tacú leis an bhfeachtas chun úsáid fótachóipeála a laghdú ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Faireachán leanúnach a bheith á dhéanamh ar thuairiscí chun úsáid fótachóipeála a athbhreithniú agus feachtas saincheaptha a bheith ar siúl chun leanúint le húsáid fótachóipeála a laghdú. | Laghdú a bheith tagtha ar úsáid fótachóipeála ar fud gach coláiste, gach ionaid agus gach oifige. |
| 5.6.5 | Araidí múirín a thabhairt isteach le haghaidh dramhaíl bia/fuinneamh inathnuaite. | Tabharfar araidí múirín isteach i gcoláistí, in ionaid agus in oifigí agus forbrófar feachtas feasachta maidir le húsáid chuí araidí múirín. | Araidí múirín a bheith scaipthe ar gach coláiste, ar gach ionad agus ar gach oifig agus faisnéis a bheith scaipthe maidir le | Araidí múirín a bheith á n-úsáid go rialta ar fud gach coláiste, gach ionaid agus gach oifige. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | húsáid chuí araidí múirín. | |
| 5.6.6 | A chinntiú go mbeidh ceaintíní coláiste ag úsáid coimeádáin in-athúsáidte i gcás gur féidir (níl coimeádáin in-athchúrsáilte agus inmhúirínithe chomh fabhrach céanna). | Rachfar i dteagmháil le cuideachtaí ceaintíní chun a shocrú go n-úsáidfí coimeádáin in-athúsáidte nuair is féidir. | Coimeádáin in-athúsáidte a bheith in úsáid nuair is féidir. | Coimeádáin in-athúsáidte a bheith in úsáid i bhformhór na gcoláistí faoi ráithe 4 den bhliain 2023. |
| 5.6.7 | An seasamh dramhaíola reatha a athbhreithniú chun an bhonnlíne a dhéanamh amach agus chun comparáid a dhéanamh leis an dea-chleachtas. Córas a fhorbairt le haghaidh dramhaíl a bhainistiú agus a íoslaghdú. | Rachfar i dteagmháil leis an gcuideachta dramhaíola agus athchúrsála maidir le tuairisciú dramhaíola agus déanfar anailís ar an gcéanna. | Tuairiscí a bheith ar fáil ón gcuideachta dramhaíola agus a bheith á n-úsáid chun bonn eolais a chur faoi chumarsáidí chuig coláistí, chuig ionaid agus chuig oifigí. | Tuairisciú níos fearr a bheith ar bun chun tacú leis an bhfeachtas maidir le laghdú dramhaíola ar fud gach láithreáin de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 5.6.8 | Scéimeanna dreasachta a fhorbairt le haghaidh coláistí, ionad agus oifigí chun tacú leo spriocanna maidir le laghdú dramhaíola a bhaint amach. | Forbrófar scéimeanna dreasachta chun tacú le coláistí, le hionaid agus le hoifigí spriocanna maidir le laghdú dramhaíola a bhaint amach. | Treoirscéim dhreasachta a bheith ar bun chun tacú le laghdú dramhaíola. | Treoirscéim dhreasachta a bheith curtha i gcrích chun tacú le laghdú dramhaíola agus anailís a bheith déanta ar thionchar na treoirscéime. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 5.6.9 | Feachtais a fhorbairt agus oiliúint a chur ar bhaill foirne agus ar mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha maidir le conas dramhaíl a dhiúscairt i gceart chun rátaí athchúrsála a uasmhéadú. | Oibreofar i gcomhar leis an gcuideachta dramhaíola agus athchúrsála chun plean oiliúna a chomhaontú do choláistí, d'ionaid agus d'oifigí maidir le diúscairt cheart dramhaíola. | Plean oiliúna a bheith i bhfeidhm do choláistí, d'ionaid agus d'oifigí. | Plean oiliúna a bheith curtha i gcrích, le tacaíocht ón gcuideachta dramhaíola. |
| 5.6.10 | Bailiú báistí a chur san áireamh i ngach foirgneamh nua, agus athbhreithniú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé báisteach a bhailiú ag foirgnimh atá ann cheana. Bailiú báistí a chur chun feidhme i gcás gur féidir. | Oibreofar i gcomhar leis an bhfoireann Foirgneamh agus Saoráidí chun plean a fhorbairt do bhailiú báistí – foirgnimh nua agus foirgnimh atá ann cheana. | Plean a bheith i bhfeidhm do bhailiú báistí, i gcás gurb indéanta. | Bailiú báistí a bheith tosaithe, i gcás gurb indéanta. |

**5.7 Tosaíocht Straitéiseach: An Geilleagar Ciorclach**

| | Gníomh Straitéiseach | Gníomhartha sa bhliain 2023 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 5.7.1 | Gluaiseacht a thógáil ar fud phobal an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí úsáid a bhaint as fócasghrúpaí agus as teagascóirí/soláthraithe cúrsa. | Bunófar Grúpa Oibre i réimse an Gheilleagair Chiorclaigh. | Grúpa Oibre um an nGeilleagar Ciorclach a bheith bunaithe. | Grúpa Oibre um an nGeilleagar Ciorclach a bheith i bhfeidhm. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 5.7.2 | Acmhainní a imfhálú le haghaidh tionscnamh iar-bhunscoile. Rannóg/foireann inbhuanaitheachta a chruthú chun an tionscnamh a iniúchadh, a logáil agus a fhorfheidhmiú go dtí go n-éireoidh an tsamhail geilleagair chiorclaigh ar an ngnáthrud. | Imfhálófar buiséad chun tionscnaimh a acmhainniú i réimse an Gheilleagair Chiorclaigh. | Buiséad a bheith ar fáil chun tionscnaimh gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm. | Buiséad a bheith i bhfeidhm don Gheilleagar Ciorclach. |
| 5.7.3 | Soláthar a aistriú ar shiúl ó chostas agus i dtreo inbhuanaitheachta mar thomhas luacha. | Tabharfar doiciméid soláthair cothrom le dáta chun aistriú i dtreo inbhuanaitheachta mar thomhas luacha a léiriú. | Doiciméid soláthair a bheith tugtha cothrom le dáta agus bainisteoirí a bheith curtha ar an eolas faoi na hathruithe. | Doiciméid soláthair a bheith tugtha cothrom le dáta agus bainisteoirí a bheith curtha ar an eolas faoi na hathruithe. |
| 5.7.4 | Béim a leagan ar naisc agus comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí lasmuigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna (e.g., foinsiú inbhuanaitheachta). | Leanfar le hobair i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta na Sionainne maidir leis an ngeilleagar ciorclach. | Comhpháirtíochtaí a bheith i bhfeidhm, go háirithe le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt. | Comhpháirtíochtaí a bheith i bhfeidhm, go háirithe le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt. |
| 5.7.5 | Triail a bhaint as táirgí glantacháin neamhcheimiceacha a úsáid ag coláistí, ag ionaid agus ag oifigí. | Oibreofar i gcomhar le soláthraithe maidir le táirgí glantacháin neamhcheimiceacha a sholáthar ar fud coláistí, ionad agus oifigí. | Táirgí neamhcheimiceacha a bheith á n-úsáid in ionad táirgí ceimiceacha nuair is féidir. | Tuilleadh táirgí neamhcheimiceacha a bheith á n-úsáid ar fud choláistí, ionaid agus oifigí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 5.7.6 | Táirgí malartacha in-athúsáidte/neamhdhochracha (neamhcheimiceacha) a úsáid laistigh de chláir (e.g., an | Oibreofar i gcomhar le soláthraithe maidir le táirgí glantacháin neamhdhochracha a sholáthar ar fud coláistí, ionad agus oifigí. | Táirgí neamhcheimiceacha a bheith á n-úsáid in ionad táirgí | Tuilleadh táirgí neamhcheimiceacha a bheith á n-úsáid ar fud choláistí, ionaid |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | áilleacht, an ghruagaireacht, an tógáil). | | ceimiceacha nuair is féidir. | agus oifigí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 5.7.9 | Plean a fhorbairt chun oiliúint i mbunphrionsabail Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh a sholáthar ar fud éagsúlacht leathan clár agus cúrsaí. An plean sin a leabú isteach i gcláir oiliúna agus i modúil iar-bhunscoile nuair is indéanta. | Leanfar le hoiliúint i mbunphrionsabail Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh a thairiscint do mhúinteoirí foirgníochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus le hoiliúint a thairiscint do mhúinteoirí ábhar praiticiúil inár gcuid iar-bhunscoileanna. | Oiliúint i mbunphrionsabail Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh a bheith seolta ag baill foirne ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Oiliúint i mbunphrionsabail Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh a bheith seolta ag baill foirne ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |

**5.8 Tosaíocht Straitéiseach: An curaclam a bheith comhtháite leis an inbhuanaitheacht le haghaidh measúnuithe atá bunaithe sa seomra ranga**

| | Gníomh Straitéiseach | Gníomhartha sa bhliain 2023 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 5.8.1 | Tacar treoirlínte a fhorbairt chun an Inbhuanaitheacht a leabú mar ghné lárnach de sholáthar an churaclaim. An tasc sin a leagan ar chomhordaitheoir, agus gach geallsealbhóir a chur ar áireamh, lena n-áirítear mic léinn/foghlaimeoirí aosacha. Pobal Cleachtais a bhunú | Ailíneofar leis an gclár *Take 1*.<br>Foilseofar treoirlínte chun an inbhuanaitheacht a leabú mar ghné lárnach de sholáthar an churaclaim. | Treoirlínte a bheith foilsithe.<br>Comhordaitheoir a bheith i bhfeidhm chun tacú leis an inbhuanaitheacht a chomhtháthú isteach sa churaclam.<br>Pobal Cleachtais a bheith bunaithe. | Treoirlínte a bheith foilsithe.<br>Comhordaitheoir a bheith i bhfeidhm chun tacú leis an inbhuanaitheacht a chomhtháthú isteach sa churaclam.<br>Pobal Cleachtais a bheith bunaithe. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | mar ghnáthchleachtas. | | | |
| 5.8.2 | Fiosrú a dhéanamh ar an tsamhail measúnaithe atá bunaithe sa seomra ranga agus ar thathant leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), go háirithe in ábhair amhail Matamaitic, Tíreolaíocht agus na hEolaíochtaí.<br>Gníomhaíocht reatha i scoileanna a mhapáil mar bhonnlíne. | Ailíneofar leis an gclár *Take 1*.<br>Foilseofar treoirlínte chun an inbhuanaitheacht a leabú mar ghné lárnach de sholáthar an churaclaim.<br>Tabharfar tús áite do thathant le CNCM. | Treoirlínte a bheith foilsithe.<br>Comhordaitheoir a bheith i bhfeidhm chun tacú leis an inbhuanaitheacht a chomhtháthú isteach sa churaclam agus le tathant le CNCM.<br>Pobal Cleachtais a bheith bunaithe. | Treoirlínte a bheith foilsithe.<br>Comhordaitheoir a bheith i bhfeidhm chun tacú leis an inbhuanaitheacht a chomhtháthú isteach sa churaclam agus le tathant le CNCM.<br>Pobal Cleachtais a bheith bunaithe. |
| 5.8.4 | Cúrsaí inbhuanaithe a bheith comhtháite ar fud cláir éagsúla Bhreisoideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear an modúl Scileanna Glasa. | Soláthrófar an modúl ríomh-Choláiste i Scileanna Glasa do Chách ar fud gach cláir breisoideachais agus oiliúna. | An modúl i Scileanna Glasa do Chách a bheith soláthartha ar fud gach cláir breisoideachais agus oiliúna. | An modúl i Scileanna Glasa do Chách a bheith soláthartha ar fud gach cláir breisoideachais agus oiliúna. |

# Sprioc Straitéiseach 6
# Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/Foghlaim Dhigiteach

Is gá straitéis fhoriomlán TF a chur i bhfeidhm agus an tsamhail oibriúcháin a athbhreithniú chun an bealach a réiteach le haghaidh TF a bhunathrú go hiomlán laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna.

**6.1 Tosaíocht Straitéiseach: Rialachas**

| | Gníomh Straitéiseach | Gníomhartha sa bhliain 2023 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 6.1.1 | Bainistíocht agus rialachas rathúil na feidhme TF sa Bhord Oideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear Coiste Stiúrtha TF atá comhdhéanta de cheannairí gnó agus TF a bhunú. | Bunófar Grúpa Stiúrtha TF. | Grúpa Stiúrtha TF a bhfuil Téarmaí Tagartha comhaontaithe aige a bheith i bhfeidhm. | Grúpa Stiúrtha TF a bheith i bhfeidhm. |
| 6.1.2 | Comhsheasmhacht a chinntiú i dtacaíocht TF trí bheartais chuí agus nósanna imeachta cuí a chur chun feidhme. | Déanfar athbhreithniú iomlán ar bheartais agus nósanna imeachta TFC. | Athbhreithniú a bheith déanta ar bheartais agus nósanna imeachta TFC agus beartais nuashonraithe a bheith curtha ar fáil do bhaill foirne. | Sraith nua beartas agus nósanna imeachta TF a bheith ar fáil. |

**6.2 Tosaíocht Straitéiseach: Struchtúr Eagrúcháin**

| | **Gníomh Straitéiseach** | **Gníomhartha sa bhliain 2023** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **Spriocanna** |
|---|---|---|---|---|
| 6.2.1 | Foireann shainithe um athrú gnó a fhorbairt, ar foireann í a mbeidh freagracht uirthi as na spriocanna sonracha, na tascanna sonracha agus na tionscadail shonracha laistigh d'fheidhm TF an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Déanfar athbhreithniú ar an struchtúr tacaíochta agus seirbhísí TFC laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. | Athbhreithniú a bheith tosaithe ar an bhfeidhm tacaíochta agus seirbhísí TFC laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna i gcomhar leis an nGrúpa Stiúrtha TFC. | Cuideachta a bheith fostaithe agus athbhreithniú a bheith tosaithe. |
| 6.2.2 | Tús áite a thabhairt do Bhainisteoir TF nua a fhostú chun gnáthreáchtáil laethúil na foirne TF, rioscaí agus saincheisteanna criticiúla a bhainistiú, agus | Ceapfar Bainisteoir TF chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna mar bheart práinne. | Bainisteoir TF a bheith ceaptha. | Bainisteoir TF a bheith ceaptha. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | díriú á leagan freisin ar cháilíocht agus treo straitéiseach na feidhme. | | | |

**6.3 Tosaíocht Straitéiseach: Samhail Soláthair**

| | **Gníomh Straitéiseach** | **Gníomhartha sa bhliain 2023** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **Spriocanna** |
|---|---|---|---|---|
| 6.3.1 | Seirbhísí a fháil trí sholáthar chun tionscadail bhunathraitheacha a sholáthar. | Oibreofar i gcomhar le Gartner, cuideachta seirbhísí teicniúla, ar roinnt tionscadal bunathraitheach. Reáchtálfar comórtais soláthair le haghaidh tionscadail straitéiseacha a sholáthar. | Riachtanais a bheith bailithe le haghaidh réitigh theicniúla a áirithiú ar fud seirbhísí tacaíochta eagraíochta. Doiciméid tairisceana a bheith forbartha. | Riachtanais a bheith bailithe le haghaidh réitigh theicniúla a áirithiú ar fud seirbhísí tacaíochta eagraíochta. Doiciméid tairisceana a bheith forbartha. |

**6.4 Tosaíocht Straitéiseach: Inniúlachtaí**

| | **Gníomh Straitéiseach** | **Gníomhartha sa bhliain 2023** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **Spriocanna** |
|---|---|---|---|---|
| 6.4.3 | Leibhéal bunúsach scileanna TF a chinntiú don fhoireann ar fad trí oiliúint agus forbairt. | Soláthrófar oiliúint do bhaill foirne ar fud na heagraíochta i mbunscileanna TF, in úsáid bharrmhaith córas, i dtuairisciú, i sonraí agus i gcibearshlándáil. | Clár oiliúna TF a bheith i bhfeidhm do bhaill foirne. | Clár oiliúna TF a bheith ar siúl do bhaill foirne ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 6.4.5 | Pleanáil le haghaidh foghlaim chumaisc a dhearadh agus a fhorbairt ar aon dul le ceanglais QQI agus le ceanglais an churaclaim. | Tabharfar an Beartas maidir leis an bhFoghlaim Chumaisc Breisoideachais agus Oiliúna chun críche agus ceadófar cláir chumaisc lena dtosú sa bhliain 2023. | Beartas maidir leis an bhFoghlaim Chumaisc a bheith i bhfeidhm do chláir bhreisoideachais agus oiliúna. Cláir chumaisc a bheith tosaithe sa bhliain 2023. | Beartas maidir leis an bhFoghlaim Chumaisc a bheith i bhfeidhm do chláir bhreisoideachais agus oiliúna. Cláir chumaisc a bheith tosaithe sa bhliain 2023. |
| 6.4.6 | Na neamhéifeachtúlachtaí a bhaineann le húsáid gnó an chórais CoreHR a bhaint tríd an ról a bhaineann leis an gcóras CoreHR a bhainistiú a shannadh d'anailísí gnó/sonraí. | Earcófar Anailísí Gnó, a mbeidh freagracht air/uirthi as sonraí an chórais CoreHR a bhainistiú agus as sonraí a ghlanadh. Bainfear leas iomlán as an bhfeidhmiúlacht a bhaineann le huirlis tuairiscithe Insight. | Anailísí Gnó a bheith i bhfeidhm. | Anailísí Gnó a bheith i bhfeidhm. |

## 7. Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta sa bhliain 2023

| | Nóta | Réamh-mheasta<br><br>An Bhliain dar Críoch an<br><br>31/12/2023 | Réamh-mheasta<br>An Bhliain dar Críoch an<br><br>31/12/2022 |
|---|---|---|---|
| **Fáltais** | | | |
| Deontais Scoileanna agus Cheannoifige | | 51,937,307 | 48,687,633 |
| Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna | | 79,100,000 | 71,000,000 |
| Deontais Seirbhísí Óige | | 3,898,039 | 3,693,505 |
| Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha | | 4,374,590 | 3,168,135 |
| Caipiteal | | 7,816,247 | 4,080,400 |
| | | **147,126,182** | **130,629,673** |
| | | | |
| **Íocaíochtaí** | | | |
| Scoileanna agus Ceannoifig | 1 | 51,937,307 | 48,687,633 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 2 | 79,100,000 | 71,000,000 |
| Seirbhísí Óige | 3 | 3,898,039 | 3,693,505 |
| Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha | 4 | 4,374,590 | 3,168,135 |
| Caipiteal | 5 | 7,816,247 | 4,080,400 |
| | | **147,126,182** | **130,629,673** |
| | | | |
| **Barrachas/(Easnamh) Airgid don Tréimhse** | | **0** | **0** |

| **Nóta 1 – Íocaíochtaí i leith Scoileanna agus na Ceannoifige** | **Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch an 31/12/2023** | **Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch an 31/12/2022** |
|---|---|---|
| **Pá** | | |
| Teagasc | 42,486,609 | 39,306,194 |
| Riarachán | 3,834,126 | 3,508,842 |
| Cothabháil | 821,983 | 742,605 |
| Fo-iomlán | 47,142,718 | 43,557,641 |
| **Neamhphá** | 3,066,068 | 2,982,800 |
| **Cláir Ghaolmhara** | | |
| An Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile | 541,035 | 519,404 |
| Íocaíochtaí i leith Cuimsiú Sóisialta | 192,000 | 179,000 |
| Deontas Leabhar | 188,121 | 180,867 |
| Cistiú don Aonad Beartais TFC | 287,979 | 630,691 |
| An Idirbhliain | 69,445 | 54,245 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | 40,015 | 42,431 |
| Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh | 22,920 | 24,900 |
| Deontas do Dhaltaí den Lucht Siúil | 23,058 | 22,418 |
| Cistiú don Oideachas Gaeltachta | 97,508 | 103,319 |
| Fisic agus Ceimic | 4,719 | 4,043 |
| Teagasc agus Scoláireachtaí Oideachas Múinteoirí | 1,057 | 1,500 |
| Oifigeach Teagmhála Baile agus Scoile | 8,000 | 8,000 |
| Deontais Tacaíochta i leith Covid-19 | 230,644 | 354,355 |
| Fo-iomlán | 1,706,500 | 2,125,172 |
| Pobalscoil Náisiúnta | 22,020 | 22,020 |
| **Iomlán** | **51,937,307** | **48,687,633** |

| **Nóta 2 – Íocaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna** | **Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch an 31/12/2023** | **Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch an 31/12/2022** |
|---|---|---|
| VTOS | 7,367,000 | 6,349,000 |
| Ógtheagmháil | 6,224,000 | 5,613,000 |
| PLC | 6,761,000 | 6,817,000 |
| Litearthacht Aosach | 2,489,000 | 2,330,000 |
| Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL) | 1,198,000 | 865,000 |
| An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas | 1,983,000 | 1,612,000 |
| Oideachas Pobail | 957,000 | 769,000 |
| Cláir do Dhídeanaithe agus d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta | 333,000 | 229,000 |
| Soláthar do Limistéir Ardtosaíochta | 467,000 | 464,000 |
| Nuálaíocht agus Soláthar Eile Breisoideachais | 465,000 | 529,000 |
| **Fo-iomlán – Breisoideachas** | **28,244,000** | **25,577,000** |
| | | |
| Scileanna chun Dul Chun Cinn | 1,804,000 | 1,520,000 |
| Cúrsaí Oiliúna Bonnleibhéil agus Nasc-Chúrsaí Oiliúna | 412,000 | 321,000 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 2,219,000 | 2,280,000 |
| Oiliúint Scileanna | 2,196,000 | 1,813,000 |
| Cúrsaí Oiliúna | 2,101,000 | 3,061,000 |
| Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna | 2,301,000 | 2,199,000 |
| Soláthraithe Sainoiliúna | 1,888,000 | 2,253,000 |
| Printíseacht | 22,167,000 | 18,459,000 |
| Foghlaim Chumaisc Ar Líne (Saotharlanna Déantúsaíochta) | 95,000 | 100,000 |
| Cúrsaí Oiliúna Oíche | 624,000 | 450,000 |
| **Fo-iomlán – Oiliúint** | **35,807,000** | **32,456,000** |
| | | |
| Treoir Aosach | 465,000 | 421,000 |
| Cistiú Tacaíochta Soláthair | 1,779,000 | 891,000 |
| Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta | 563,000 | 401,000 |
| Costais a bhaineann le Dearbhú Cáilíochta agus Fíordheimhniú Breisoideachais agus Oiliúna | 579,000 | 543,000 |
| Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | 249,000 | 343,000 |
| Deisiúcháin Bhreisoideachais agus Oiliúna, Sláinte agus Sábháilteacht, Tacaí i leith Covid-19 | 921,000 | 1,222,000 |
| Costais Oibriúcháin – Neamhphá | 2,735,000 | 2,319,000 |
| Costais Oibriúcháin – Pá | 7,057,000 | 6,353,000 |
| Oideachas Allamuigh | 701,000 | 474,000 |
| **Fo-iomlán – Costais Tacaíochta** | **15,049,000** | **12,967,000** |
| | | |
| **Iomlán** | **79,100,000** | **71,000,000** |

| **Nóta 3 – Íocaíochtaí i leith Seirbhísí Óige** | **Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch an 31/12/2023** | **Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch an 31/12/2022** |
|---|---|---|
| UBU: D'Áit, Do Spás | 3,102,438 | 2,787,086 |
| Feidhmeanna Obair Óige | 352,251 | 332,251 |
| An Scéim Deontais le haghaidh Clubanna Óige Áitiúla | 131,849 | 118,182 |
| Ionaid Faisnéise don Óige | 120,911 | 116,261 |
| Caipiteal Óige | 99,299 | 111,789 |
| Mionoibreacha ar Chlubanna Óige Áitiúla | 0 | 130,645 |
| An Tionscnamh um Thacaíocht Spriocdhírithe Infhostaitheachta don Óige | 91,291 | 91,291 |
| An Tionscnamh LADTI+ don Óige | 0 | 6,000 |
| **Iomlán na nÍocaíochtaí i leith Seirbhísí Óige** | **3,898,039** | **3,693,505** |

| **Nóta 4 – Íocaíochtaí i leith Gníomhaireachtaí agus Cláir Fhéinmhaoinitheacha** | **Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch an 31/12/2023** | **Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch an 31/12/2022** |
|---|---|---|
| **Cláir Ghníomhaireachta** | | |
| An Clár Béilí Scoile | 925,405 | 581,236 |
| Giniúint Ceoil – Port Láirge | 399,088 | 359,164 |
| Giniúint Ceoil – Loch Garman | 328,288 | 289,536 |
| Cláir Léargas | 130,879 | 87,218 |
| An Clár Críochnaithe Scoile | 165,613 | 160,771 |
| Leabharlanna Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh | 58,204 | 54,888 |
| Tionscnaimh Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh – Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire | 27,582 | 19,526 |
| Comhlachtaí Scrúdaithe | 166,371 | 94,758 |
| Aisghabháil Iasachta | 397,124 | 236,299 |
| Scoláireacht Gaeltachta UCC | 8,500 | 0 |
| Dámhachtain Scoileanna Cruthaitheacha | 12,860 | 0 |
| **Iomlán na nÍocaíochtaí i leith Gníomhaireachtaí** | **2,619,914** | **1,883,395** |
| | | |
| **Cláir Fhéinmhaoinitheacha** | | |
| An Ciste Seirbhísí Mac Léinn (Cíos Leabhar san áireamh) | 921,516 | 660,233 |
| Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin | 140,592 | 0 |
| Turais Scoile | 48,141 | 32,608 |
| Mic Léinn Iar-Ardteistiméireachta – Ábhair Ranga | 119,693 | 108,152 |
| Aontas Mac Léinn/Cláir Spóirt agus Chultúir | 31,481 | 17,021 |
| Cúrsa Talmhaíochta i gCill Mhucraise | 107,525 | 109,754 |
| An Idirbhliain | 100,332 | 93,147 |
| Táillí Bréagscrúdaithe | 101,034 | 51,627 |
| Club Obair Bhaile | 48,096 | 31,531 |
| Mic Léinn Iar-Ardteistiméireachta – Táillí Scrúdaithe | 16,071 | 22,910 |
| An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre | 50,149 | 55,638 |
| Ceaintíní Scoile | 3,964 | 17,847 |
| Cuntais Tuismitheoirí | 10,128 | 9,151 |
| Gruagaireacht i gColáiste Breisoideachais Phort Láirge | 9,606 | 15,471 |
| Teiripe Scéimhe i gColáiste Breisoideachais Phort Láirge | 15,463 | 59,650 |
| Cruinniú Airgid agus Síntiúis | 30,888 | 0 |
| **Iomlán na nÍocaíochtaí i leith Cláir Fhéinmhaoinitheacha** | 1,754,676 | 1,284,739 |
| | | |
| **Iomlán na nÍocaíochtaí i leith Gníomhaireachtaí agus Cláir Fhéinmhaoinitheacha** | **4,374,590** | **3,168,135** |

| **Nóta 5 – Íocaíochtaí Caipitil** | **Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch an 31/12/2023** | **Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch an 31/12/2022** |
|---|---|---|
| **Tionscadail arna gCistiú ag an Roinn Oideachais** | | |
| Cóiríocht Mhodúlach ag Coláiste Pobail Naomh Pól | 1,000,000 | 0 |
| Cóiríocht Mhodúlach ag Coláiste Abbáin | 1,000,000 | 0 |
| Cóiríocht Mhodúlach ag Coláiste Pobail Naomh Déaglán | 1,000,000 | 0 |
| Cóiríocht Mhodúlach Conack i mBun Clóidí | 992,620 | 0 |
| Foirgneamh Modúlach ag Coláiste Sheilsceire | 839,725 | 0 |
| Mórthionscadal ag Coláiste Bhaile an Droichid | 707,665 | 366,000 |
| Clochar Chainnigh, Ros Mhic Thriúin | 444,199 | 90,000 |
| Mórthionscadal ag Gairmcholáiste Bhun Clóidí | 367,065 | 339,000 |
| Scoil Speisialta Naomh Caitríona | 322,055 | 180,000 |
| Costais Bhainistíochta Tionscadal | 111,878 | 142,000 |
| Cóiríocht Bhreise ag Meánscoil San Nioclás | 129,494 | 55,000 |
| Cóiríocht Bhreise ag Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach | 100,323 | 200,000 |
| Aonad Oideachais Speisialta Choláiste Dhún Garbhán | 58,164 | 0 |
| Córais Sábháilteachta Beatha ag Coláiste Sheilsceire faoin Scéim Oibreacha Samhraidh | 19,925 | 63,900 |
| Córais Sábháilteachta Beatha ag Coláiste Uí Chinnéide faoin Scéim Oibreacha Samhraidh | 17,407 | 22,900 |
| Aláram Dóiteáin ag Coláiste an Átha | 15,659 | 0 |
| Campas Oideachais Comhroinnte i gCluain Ioraird | 10,067 | 223,000 |
| Cóiríocht Bhreise ag Coláiste Pobail Naomh Déaglán | 0 | 1,000,000 |
| Mionoibreacha i leith Covid-19 | 0 | 240,000 |
| Uasghrádú Coire ag Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach | 0 | 17,000 |
| Trealamh ag Gairmcholáiste Bhun Clóidí | 0 | 8,900 |
| **Iomlán – Tionscadail arna gCistiú ag an Roinn Oideachais** | 7,136,247 | 2,947,700 |
| | | |
| **Tionscadail arna gCistiú ag SOLAS** | | |
| Leithdháileadh Cineachta | 580,000 | 580,000 |
| Printíseacht SOLAS – Pluiméireacht Loch Garman | 100,000 | 0 |
| Tionscadail Speisialta | 0 | 552,700 |
| **Iomlán – Tionscadail arna gCistiú ag SOLAS** | 680,000 | 1,132,700 |
| | | |
| **Iomlán an Chaipitil** | **7,816,247** | **4,080,400** |

Waterford and Wexford
Education and Training Board
Ardcavan Business Park
Ardcavan
Wexford
Y35 P9EA
Phone: 053 9123799

Bord Oideachais agus Oiliúna
Phort Láirge agus Loch Garman
Páirc Gnó Ard Chaomháin
Ard Chaomháin
Loch Garman
Y35 P9EA
Fón: 053 9123799